

Bonneagar Iompair Éireann

Tuarascáil Bhliantúil

agus Ráitis Airgeadais



2025


Maidir leis an Tuarascáil Seo

Tugtar achoimre sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais le haghaidh 2025 ar Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus ar an gcuispóir atá againn bonneagar agus seirbhísí iompair a sholáthar agus a chothabháil, lena gcumasaítear nascacht agus forbairt réigiúnach. Tá sé i gceist go bhfaighidh ár gcuid páirtithe leasmhara eolas sa tuarascáil faoi ráitis airgeadais, straitéis agus creat rialachais BIÉ. Dírítear lenár gcur chuige maidir le tuairisciú ar léargas soiléir a thabhairt ar éachtaí BIÉ le linn 2025 agus ar na spriocanna a shocraítear le haghaidh 2026. Réitíodh an t-eolas sa tuarascáil seo i gcomhréir leis an gcáipéis, *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016).



Gluais

AADT	Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana
AFIR	An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha
CEDR	Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa
DPEIPSRD	An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
DoT	An Roinn Iompair
ETC	Ríomhbhailiúchán Dolaí
EVanna	Feithiclí Leictreacha
GCTanna	Gáis Ceaptha Teasa
HGVanna	Feithiclí Earraí Troma
LiDAR	Brath agus Raonáil le Solas
PFN	An Plean Forbartha Náisiúnta (2026-2035)
ÚNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
MMaRC	Conradh Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (Conraitheoirí)
PIN	Fógra Táscach Tréimhsiúil
PDP	Comhpháirtí Seachadta Cláir
CPP	Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí
RSIS	Scéim Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre
SIP	Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta
BIÉ	Bonneagar Iompair Éireann
VMS	Comharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha
ZEVI	Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	01
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	03
Príomhfhorbairtí 2025	08
Inbhuanaitheacht ag BIÉ	09
An Clár Caipitil	11
Iarnród Éadrom Luas	12
• MetroLink	15
• Bóithre Náisiúnta	17
• Clár Scéimeanna Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre	25
• Glasbhealaí agus Taisteal Gníomhach	29
Bainistíocht agus Oibríochtaí Gréasáin	38
Bonneagar Breoslaí Malartacha	47
Oibríochtaí Tráchtála	51
Seirbhísí Gairmiúla	59
Seirbhísí Corparáideacha agus Gnó	67
Aeráid agus Inbhuanaitheacht	73
Ár bPobal	79
Imeachtaí agus Dámhachtainí Suaitheanta	81
Plé agus Comhoibriú	85
Ráiteas Rialachais	87
Ráiteas Airgeadais	111





Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath



Ráiteas an Chathaoirligh

Mar chathaoirleach ar Bhonneagar Iompair Éireann, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2025 a chur i láthair, lena léirítear bliain de dhul chun cinn leanúnach maidir le bonneagar iompair náisiúnta a sholáthar, a oibriú agus a chothabháil. I rith na bliana, bhí an Bord dírithe i gcónaí ar a ról maidir le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh, tacaíocht a thabhairt do chuspóirí straitéiseacha agus freastal ar leas an phobail. Leanadh den dul chun cinn thar chlár tionscadal BIÉ a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Iompair, leis an Udarás Náisiúnta Iompair agus le húdaráis áitiúla. Le foilsiú Ráiteas Straitéise 2026-2030 BIÉ, cuirtear treo in iúl go soiléir tráth a bhfuil méadú ar an éileamh ar an gcóras iompair agus ar an gcastacht a bhaineann leis. Léirítear leis an Straitéis díriú leanúnach BIÉ ar bhonneagar iompair sábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe a sholáthar.

Beartas Rialtais

Le foilsiú an Athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN), treisítear ról lárnach BIÉ i dtionscadail a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a sheachadadh. Fáiltíonn an Bord roimh thiomantas leanúnach an Rialtais don infheistíocht agus roimh an tsoiléireacht a sholáthraítear le Plean Infheistíochta Earnála PFN le haghaidh an Iompair. I dteannta a chéile, cuirtear creat láidir ar fáil leo le haghaidh pleanáil agus seachadadh ar fud na hearnála iompair.

Fáiltíonn an Bord freisin roimh obair an Tascfhórsa um Luathú Bonneagair agus roimh Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Luathú Bonneagair, lena gcuirtear intinn láidir in iúl aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar sheachadadh. Tá BIÉ ag tnúth le tacú leis na hathchóirithe sin i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Iompair agus leis an earnáil iompair níos leithne.

Tá an Bord aireach faoina fhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar roinnt de na sócmhainní is luachmhaire agus is mó úsáid in Éirinn, lena n-áirítear an Gréasán Bóithre Náisiúnta agus Iarnród Éadrom Luas, agus faoina mhaoirseacht ar sheachadadh bonneagair nua a bhfuil tábhacht náisiúnta leis amhail MetroLink. Tá siad sin rithabhachtach do ghníomhaíocht eacnamaíoch, do phobail agus d'fhorbairt réigiúnach, agus tá siad

á n-oibriú i gcomhthéacs éilimh atá ag fás agus bonneagar atá ag dul in aois.

Tá an ról sin á fheidhmiú i dtimpeallacht sheachtrach dhúshlánach. Bíonn tionchar i gcónaí ag brúnna boilscitheacha marthanacha agus tosa geopholaitiúla níos leithne ar chostais tógála agus ar riosca cláir, rud a threisíonn an tábhacht a bhaineann le bainistiú agus rialachas cláir. Bíonn tionchar ábhartha ag cinntí a dhéantar faoi sheachadadh nua agus faoi shócmhainní atá ann cheana araon ar riocht fadtéarmach sócmhainne, ar eispéireas úsáideoirí agus ar luach ar airgead. Is tosaíocht straitéiseach i gcónaí é cumas bainistíochta sócmhainní agus pleanáil infheistíochta a neartú.

Buíochas

Thar ceann an Bhoird, gabhaim buíochas ó chroí le fostaithe uile BIÉ as a ngairmiúlacht, tiomantas agus rannchuidiú, agus gabhaim buíochas freisin le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtreoir agus a maoirseacht i rith 2025. Aithníonn an Bord a thábhachtaí atá rannpháirtíocht éifeachtach le pobail agus le páirtithe leasmhara, agus tá sé buíoch as tacaíocht leanúnach an Aire Iompair, na nAirí Stáit agus na n-oifigeach sa Roinn Iompair.

Tá an Bord muiníneach i gcónaí as treo straitéiseach BIÉ agus as a chumas dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le bonneagar iompair a sheachadadh, a oibriú agus a chothabháil ar scála.

Seo í an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais deireanach uaim mar chathaoirleach ar an eagraíocht iontach seo. Tá lúcháir orm go mbeidh Michael Wall ag glacadh ceannais mar Chathaoirleach eatramhach agus táim muiníneach go dtabharfaidh sé an cheannaireacht iontach atá tuillte go maith ag an eagraíocht seo.

Gareth Llewellyn

Cathaoirleach



Droichead Mháire Mhic Ghiolla Íosa Ghleann na Bóinne



Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá áthas orm mo chéad Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair mar Phríomhfheidhmeannach Bhonneagar Iompair Éireann, tar éis mo cheapacháin i mí Dheireadh Fómhair 2025. Thar ceann BIÉ agus an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí Peter Walsh as a thiomantas agus as a cheannaireacht le blianta fada anuas. Tá a dhúthracht i leith seirbhís phoiblí agus seachadadh bonneagair tar éis oidhreacht mharthanach a fhágáil, agus guím gach rath air amach anseo.

Ba bhliain thábhachtach é 2025 do BIÉ inar tharla seachadadh agus dul chun cinn leanúnach sa mhórphunann clár bonneagair náisiúnta. I gcaitheamh na bliana, choinníomar aird ar phríomhthionscadail a thabhairt chun cinn, ar fheidhmíocht agus sábháilteacht na ngréasán atá ann cheana a chothabháil agus ar thacú le seachadadh bonneagair iompair a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis.

Tacaíodh le seachadadh éifeachtach le rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Iompair agus le páirtithe leasmhara maidir le príomhthosaíochtaí cur i bhfeidhm. Áiríodh leis sin an Plean Oiriúnaithe Earnála Iompair II 2025-2030 a fhorbairt, mar aon lenár bPlean Cur Chun Feidhme Oiriúnaithe Aeráide do Bhóithre Náisiúnta 2026-2030.

I dteannta na feidhmíochta a choinneáil ar bun ar fud ár ngréasán, baineadh amach roinnt mór-gharsprioscanna cláir le linn na bliana.

Iarnród Éadrom Luas

Rinneadh dul chun cinn mór ar thionscadail Luas i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh in 2025. Ba phríomhghaisce é gur dheonaigh an Coimisiún Pleanála an t-iaratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh Luas Fhionnghlaise i mí Dheireadh Fómhair. Mórforbairt eile ba ea foilsiú an bhealaigh is dealraithí a roghnófar le haghaidh Luas Chorcaí i mí Aibreáin. Leanadh den dul chun cinn freisin ar shínte líne Luas Leamhcáin agus Luas an Phoill Bhig, agus

dúradh le Luas an Phoill Bhig dul ar aghaidh chuig Céim 1 de Threoirlínte Formheasa Tionscadail an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) in 2026.

Sháraigh Luas dúshlán mór oibríochtúil nuair a rinneadh damáiste substaintiúil do dhroichead ag Duga Sheoirse mar gheall ar thine i mí Lúnasa, rud a d'fhág gur cuireadh seirbhís ar fionraí idir Stáisiún Uí Chonghaile agus an tIosta. Trí chomhiarrachtaí BIÉ, ÚNI, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Transdev, Jons Civil Engineering, ROD, GPX Rail agus Custom House Docks Management Limited, athosclaíodh an droichead trí mhí ina dhiaidh sin. D'ainneoin an tsuaite sin, chuir Luas breis agus 55 milliún turas paisinéara i gcrích le linn na bliana, agus leanadh den ardú ar an líon paisinéirí in 2026.

MetroLink

Ba bhliain chinniúnach é 2025 do MetroLink. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhorghas an Coimisiún Pleanála a iaratas ar Ordú Iarnróid, lena n-údaraítear na hoibreacha uile is gá le haghaidh tógáil MetroLink. Tháinig an cinneadh sin tar éis thiomantas an Rialtais do MetroLink san athbhreithniú ar PFN, agus gabhann maoiniú tiomnaithe €2 bhilliún leis ón gCiste Bonneagair, Aeráide agus Dúlra chun tacú lena thógáil.

I mí Mheán Fómhair, sheolamar sraith imeachtaí rannpháirtíochta margaidh idirnáisiúnta ar fud na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe chun léargas mionsonraithe a thabhairt don tionscal maidir le struchtúr seachadta agus deiseanna soláthair MetroLink. Sheol an Taoiseach, Micheál Martin, an Tánaiste, Simon Harris agus an tAire Iompair, Darragh O'Brien, an clár i mBaile Átha Cliath.

Príomhforbairt ba ea dul chun cinn Chonradh M500, an pacáiste soláthair is mó le haghaidh MetroLink lena gclúdaítear traenacha, córais agus oibríochtaí amach anseo. Faoi réir formheas Rannach ag Geata Formheasa a Dó, eiseofar doiciméadacht tairisceana le haghaidh na bpríomhchonarchaí bonneagair in 2026.

Gréasán Bóithre Náisiúnta

I gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla, rinneadh dul chun cinn mór ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta in 2025. Rinneadh dul chun cinn ar thionscadal N5 Bealach an Doirín go Scramóg, agus osclaíodh stráice Sheachbhóthar Dhún Gar 18 mí chun tosaigh ar an sceideal. Cuireadh oibreacha móra innealtóireachta i gcrích ar thionscadal N28 Corcaigh/Rinn an Scidígh freisin agus tá sé le cur i gcrích faoi 2028. Tugadh oibreacha glanta láithreáin agus imscrúduithe seandálaíochta chun cinn ar scéim N21/N69 Luimneach go hÁth Dara agus Faing. Tá stráice Sheachbhóthar Áth Dara ar tugadh tosaíocht dó á dtógáil anois, agus tá dhá dhroichead larnród Éireann suite agus na príomhoibreacha créafóige chun tosaigh ar an sceideal. Táthar ag tuar go dearfach go gcuirfear i gcrích é roimh Chorn Ryder in 2027.

Leanadh den fhás ar an líon feithiclí ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta, agus ba é an M50 an bóthar ba ghnóthaí sa tír arís agus 1.7 billiún ciliméadar de thaisteal déanta air. Baineann tuairim is dhá mhilliún gluaisteánaí leas as bóithre dola an M50 agus Thollán Bhaile Átha Cliath gach bliain. In 2025, thacaigh BIÉ le leathadh amach ceamaraí luais agus stráicí ceamaraí meánluais i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus an Garda Síochána. Ba chéim thábhachtach é sin i dtreo spriocanna náisiúnta agus AE maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chomhlíonadh faoi Chur Chuige an Chórais Shábháilte.

Lean Éire den dul chun cinn i ndícharbónú na hearnála iompair. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair an Roinn Iompair 90 láithreán moil athluchtaithe nua faoin Líonra Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta, rud a leathnaigh an soláthar luchtaithe. D'oibrigh BIÉ freisin le Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann chun roinnt Scéimeanna Deontas arna mhaoiniú ag an Rialtas um Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha a sheoladh, rud a thacaigh le seachadadh earnála príobháidí.

Tá breis agus 3,000 pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal ann anois, lena gcuirtear beagnach 200MW aschur athluchtaithe ar fáil ar fud na hÉireann. Leis an gclár feithiclí saothair éadroim, cuirfear 516 pointe athluchtaithe breise atá inrochtana don phobal agus 71MW aschur ar fáil. I dteannta a chéile, is dul chun cinn mór iad na bearta sin chun imní faoi raon a laghdú.

Glasbhealaí agus Taisteal Gníomhach

In 2025, rinneamar breis agus 70 tionscadal Glasbhealaigh a mhaoiniú. Osclaíodh Glasbhealach na Canálach Móire chuig Loch na Buaráí i mí Iúil agus cuireadh nasc 20km i gcrích idir an Tulach Mhór agus Páirc Fionnachtana Loch na Buaráí. Osclaíodh an chéad stráice de Ghlasbhealach Chiarraí Theas ag na Cealla, agus tá tuilleadh oscailtí céimnithe ar na bacáin le haghaidh 2026. Osclaíodh cúig scéim Taistil Ghníomhaigh don phobal freisin, lena n-áirítear Siúlbealach Clare O'Leary (N71 Bóthar Ghlaislinne) agus M28 Rinn an Scidígh i gCo. Chorcaí.

Buíochas

D'ainneoin na ngaiscí tábhachtacha sin in 2025, seachadadh an fhairsinge gníomhaíochtaí sin i dtimpeallacht oibriúcháin dhúshlánach. Le brúnna boilscitheacha marthanacha, srianta acmhainneachta ar fud na hearnála tógála agus castacht seachadta mhéadaitheach, chuathas i bhfeidhm ar an gcomhthéacs inar tugadh cláir chun cinn, agus coinníodh infheistíocht leanúnach ar bun i mbonneagar nua agus i bhfeidhmíocht sócmhainní atá ann cheana araon. Dhírigh an Fhoireann Feidhmiúcháin go seasmhach ar thacú le luas seachadta faoi na dálaí sin i rith na bliana.

Agus muid ag féachaint romhainn, dírimid ar an gcéad chéim eile seachadta, ar chothabháil agus feidhmíocht na sócmhainní atá againn cheana, agus ar dhul chun cinn rathúil cláir shubstaintiúil oibre. Táim buíoch as tacaíocht leanúnach ár mBoird, fostaithe, an phobail, páirtithe leasmhara agus an Rialtais, mar aon lenár gcomhpháirtithe seachadta sna húdaráis áitiúla, in ÚNI agus sa tionscal. Le chéile, cuirfimid córas iompair níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a bheidh nasctha ar bhealach níos fearr ar fáil, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht agus ar thorthaí do gach úsáideoir.

Lorcan O'Connor




An Príomhfheidhmeannach

Pléitear ár bhfeidhmíocht in 2025 i gcomhthéacs gach ceann dár rannáin, agus cuirtear míreanna ar leith ar fáil inár dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais atá tiomnaithe do Chláir Chaipitil, Bainistíocht Gréasáin, Oibríochtaí Tráchtála agus Seirbhísí Gairmiúla. Comhdhlúthaítear Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Gnó tacaíochta BIÉ in aon mhír amháin thíos.

Oibríonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh ar fud BIÉ chun rannáin a nascadh agus a chomhordú agus chun tionscnaimh straitéiseacha tras-rannáin a chomhcheangal. Is é an ceann is suntasaí díobh sin straitéis chomhtháite Bhonneagar Iompair Éireann i leith inbhuanaitheachta agus ghníomhú ar son na haeraíde.

Tugann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh tacaíocht agus cúnamh díreach don Phríomhfheidhmeannach i ngach réimse, lena n-áirítear cumarsáid agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.





M50 ag Acomhal N4, Baile Átha Cliath

Ráiteas Straitéise BIÉ 2026-2030

Spriocanna

Sábháilteacht

Imbhuailtí, gortuithe agus básanna
a laghdú inár ngréasáin uile.



Bonneagar Nua

Bonneagar ríthábhachtach
a sheachadadh chun
feabhas a chur ar nascacht
agus tacú le fás.

Bainistíocht Gréasáin

Sócmainní iompair a
oibriú agus a chothabháil ar
bhealach sábháilte, éifeachtúil
agus inbhuanaithe.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Oibriú leis an rialtas, le
húdaráis áitiúla agus le
comhpháirtithe seachadta
chun torthaí comhroinnte a
bhaint amach.

Sármhaitheas Eagraíochta

Rialachas láidir agus bealaí
éifeachtacha oibre lena
dtacaítear le seachadadh
seasmhach.

Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Uirlisí digiteacha, sonraí
agus nuálaíocht a úsáid
chun feabhas a chur ar
chinnteoireacht agus ar
fheidhmíocht.

Maoiniú

Infheistíocht a fháil agus a
bhainistiú chun luach ar airgead
agus tairbhí fadtéarmacha a
bhaint amach.

Pobal

Lucht saothair oílte
diongbháilte a fhorbairt chun
tacú le tosaíochtaí atá ann
faoi láthair agus a bheidh
ann amach anseo.

Cumarsáid

Cumarsáid shoiléir
thrédhearcach le páirtithe
leasmhara agus leis
an bpobal.



Príomhfhorbairtí 2025



55 milliún+ turas paisinéra taifeadta

rud a sháraigh
gach bliain roimhe
seo do Luas – an
bhliain is gnóthaí
d'iarnród in Éirinn

Ordú Iarnróid Luas Fhionnghlaise deonaithe

rud a réitíonn an
bealach do thógáil
an tsínidh ar an
Líne Uaine

Rogha bealaigh Luas Chorcaí foilsithe

ar céim mhór é i
dtreo faomhadh
reachtúil



Ordú Iarnróid MetroLink faofa


rud a chumasaíonn
tógáil an chéad
mheitreo in Éirinn

Conradh M500 MetroLink tugtha chun cinn

an pacáiste soláthair
aonair is mó le
haghaidh traenacha,
córas agus oibríochtaí

Ocht n-imeacht rannpháirtíochta margaidh MetroLink

lenar sroicheadh
1,500+ toscaire
tionscail ar fud
na hEorpa



Tionscadail Mórbhóthair Náisiúnta á dtógáil

lena n-áirítear
nuashonruithe
straitéiseacha ar
phríomhchonairí

Breis agus 210 scéim um shábháilteacht ar bhóithre

tugtha chun cinn ar
fud na tíre – €22m
infheistithe

€254m ginte ó dholai athinfheistithe

i gcothabháil
agus athnuachan
bóithre náisiúnta



**€67 infheistithe i
nGlasbhealaí agus
Taisteal Gníomhach**
rud a thacaíonn le
seachadadh agus dul
chun cinn ar fud na tíre

**23km de ghlasbhealaí
nua seachadta**
agus 9km breise tugtha
chun cinn go tógáil

**90 mol luchtaithe
feithiclí leictreacha nua**
luchtú náisiúnta feithiclí
leictreacha luathaithe
agus seachadadh
AFIR tagtha chun cinn

Inbhuanaitheacht ag BIÉ



Tá ról ceannasach ag BIÉ i seachadadh agus in oibriú iompair inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus inrochtana. Leagtar amach le Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta (SIP) BIÉ ár gcreat chun inbhuanaitheacht a leabú inár n-oibríochtaí uile, ionas go seachadfaimid bonneagar agus seirbhísí iompair atá sábháilte, athléimneach agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Cuirtear fis shoiléir i láthair le SIP maidir leis an inbhuanaitheacht trí shé phrionsabal inbhuanaitheachta chun seachadadh na ngníomhartha inbhuanaithe a threorú. I gcás gach ceann de shé Phrionsabal SIP, leagtar amach Torthaí Inbhuanaitheachta bunaithe ar spriocanna náisiúnta agus ar ghealltanais BIÉ. Áirítear leis na Torthaí Inbhuanaitheachta sin spriocanna agus méadraigh BIÉ chun tomhas an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na dtorthaí a chumasú, i gcomhréir leis na sé phríomhphrionsabal inbhuanaitheachta. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an bplean agus leasaítear chun dáta é nuair is gá chun tosaíochtaí inbhuanaitheachta, beartais rialtais

agus dea-chleachtas agus treoir idirnáisiúnta agus náisiúnta atá ag athrú, de réir mar a thagann siad chun cinn, a léiriú agus chun oiriúnú dóibh.

Dírítear aird ar eolas breise faoi ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta BIÉ atá ailínithe le prionsabail SIP ar fud na tuarascála seo. Tá BIÉ soiléir ina ról i rannchuidiú le hinbhuanaitheacht níos leithne lasmuigh de laghdú astaíochtaí, amhail an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus tacú le hoiriúnú don athrú aeráid. Tugtar léargas comhdhlúite níos déanaí sa tuarascáil ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta, lena n-áirítear astaíochtaí, úsáid fuinnimh, gníomhú ar son na haeráide agus tionscnaimh chomhshaoil agus shóisialta níos leithne.



Inbhuanaitheacht i mBonneagar Iompair Éireann

Forbraíodh ár sé Phrionsabal Inbhuanaitheachta chun ár n-uailmhianta eagraíochtúla, agus an todhchaí a bhfuil sé beartaithe againn a sheachadadh trínár bPlean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta, a léiriú.

1. Soghluaisteacht éifeachtach éifeachtúil chothrom a chur ar fáil
2. Gréasáin agus seirbhísí atá sábháilte agus seasmhach a chumasú
3. Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach
4. Feabhsúcháin ó cheann go ceann a sholáthar
5. Aistriú chuig neodracht astaíochtaí
6. Luach iomlán a chruthú don tsochaí

Iompar agus Soghluaisteacht

- Bealaí tosaíochta bus
- Seachadadh glasbhealaí agus rotharbhealaí
- Bonneagar luchtaithe ZEVl agus feithiclí leictreacha
- An Líne Dhearg agus an Líne Uaine ar a n-iompraítear 55m paisinéir in aghaidh na bliana
- Áiseanna Páirceála agus Taistil/Comhroinnt
- Luas Chorcaí
- Luas Fhionnghlaise
- MetroLink

Geilleagar Ciorclach

- Beartas agus Straitéis Geilleagair Ciorclaigh
- Ábhair agus comhpháirteanna athúsáidte agus athchúrsáilte tógála bóithre
- Clár Píolótach Geilleagair Ciorclaigh Luas Fhionnghlaise
- Dearbhuithe Táirge Comhshaoil

Tionchar Sóisialta

- Measúnú ar Shláinte an Daonra agus an Duine
- Bithéagsúlacht sna Scoileanna
- Scoil Inbhuanaitheachta an tSlabhra Soláthair in Éirinn
- Taisteal i mBróga Mná
- Líonsa inscne le haghaidh bonneagar iompair inbhuanaithe

Oiriúnú agus Athléimneacht

- Treoir Aeráide le haghaidh Bóithre Náisiúnta, Iarnród Éadrom agus Rotharbhealaí Tuaithe
- Measúnú Aeráide ar an gCaighdeán le haghaidh Bóithre Náisiúnta atá beartaithe
- Plean Cur Chun Feidhme Oiriúnaithe Aeráide do Bhóithre Náisiúnta
- Oiriúnú BIÉ don Athrú Aeráide

Carbón

- Uirlis Charbóin BIÉ
- Samhail Astaíochtaí Bóithre
- Uirlis Tarraingthe Maise (Oibreacha Créafóige)
- Dícharbónú Lastais de Bhóthar
- PTFanna carbóin le haghaidh athnuachaintí dromchla bóthair
- Dréimire Feidhmíochta CO₂
- Uasghráduithe soilsithe feadh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta
- Fótvoltachas gréine
- Breosla malartach, e.g. plandola hidreachóireáilte

Dúlra agus Bithéagsúlacht

- Uirlis Mhéadrach Bithéagsúlachta
- Caighdeán dearaigh bithéagsúlachta
- Athchóiriú portaigh agus tailte móna
- Plandú coillearnaí dúchasaí
- Tírdhreach bog a chur i bhfeidhm
- Measúnú Tionchair ar Uisce
- Measúnú Cáilíochta an Aeir

Tá an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus Ráiteas Straitéise BIÉ mar bhonn faoi Phlean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta BIÉ.




An Clár Caipitil

Iarnród Éadrom Luas | MetroLink | Bóithre Náisiúnta | Scéimeanna Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre | Taisteal Gníomhach agus Glasbhealaí

Tá rannán Clár Caipitil BIÉ i gceannas ar phleanáil, dearadh agus seachadadh mórtionscadal infheistíochta ar fud an iompair phoiblí, lena n-áirítear Iarnród Éadrom Luas agus MetroLink, mar aon le bonneagar Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí agus Taistil Ghníomhaigh na hÉireann. Cuimsítear tionscadail ag gach céim forbartha lena chuid oibre, ón dearadh luath agus próisis reachtúla go soláthar, tógáil agus seachadadh.

Tacaíonn an Clár Caipitil le beartas náisiúnta trí chláir a thabhairt chun cinn lena neartaítear inrochtaineacht réigiúnach, lena bhfeabhsaítear torthaí sábháilteachta agus lena leathnaítear roghanna iompair inbhuanaithe. Áirítear leis sin dul chun cinn a dhéanamh ar scéimeanna bóithre nua agus ar scéimeanna feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre, agus tacú le fás bhonneagar glasbhealaí agus taistil ghníomhaigh na hÉireann.

Is í feidhm reachtúil BIÉ maidir le tionscadail Iarnróid Éadroim agus Meitreo an bonneagar iarnróid éadroim agus meitreo sin a chinneadh an tAire Iompair, nó an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcás ina bhfuil an bonneagar sin laistigh dá limistéar feidhme, ó am go ham a fháil nó a sholáthar.





Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

Iarnród Éadrom Luas


Tá ról ríthábhachtach ag Luas i gcónaí maidir le hiompar poiblí ardcháilíochta a sheachadadh do chathracha na hÉireann atá ag fás agus, mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais, iompar iontaofa, inbhuanaithe agus inrochtana a sholáthar do phobail. I gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair, rinne BIÉ dul chun cinn mór i dtionscadail iarnróid éadrom i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh in 2025.

Luas Fhionnghlaise

Ba phríomh-gharspíoc é gur dheonaigh an Coimisiún Pleanála an t-iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh Luas Fhionnghlaise an 30 Deireadh Fómhair 2025. Formheas pleanála reachtúil is ea é sin lena gceadaítear an síneadh 3.9km ar an Líne Uaine ó Dhroichead Broome chuig Baile Shéarlais chun dul chun cinn i dtreo tógála. Cuirfear ceithre stad nua ar fáil leis ag Bóthar San Eiléana, Sráidbhaile Fhionnghlaise, Bóthar San Maighréad agus Baile Shéarlais, mar aon le háis nua Páirceála agus Taistil 350 spás gar don M50.

Beidh an chuid is mó den bhealach atá beartaithe scartha ón trácht ar bhóithre agus tógfar é le raon féir, ar nuálaíocht inbhuanaithe é don iompar

uirbeach in Éirinn. Áirítear feabhsuithe ar an mbonneagar áitiúil siúil agus rothaíochta freisin leis an mbealach, mar aon le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí feadh na conaire iompair phoiblí. Mar aitheantas ar na nuálaíochtaí inbhuanaithe sin, fuair an tionscadal rátáil 'Sármhaith' as Modhanna Measúnaithe Comhshaoil BRE in 2025.



Nuair a bheidh Luas Fhionnghlaise i seirbhís, cuirfear turas 30 nóiméad chuig lár na cathrach ar fáil agus tacófar le fás dlúth feadh na conaire leis, trí rogha mhalartach ardlín paisinéirí a sholáthar in ionad iompar cairr, agus réamh-mheastar go mbeidh éileamh 1.3 milliún turas breise i gceist leis in 2035.

Go luath in 2026, chuir BIÉ a iarratas réamhthairisceana ar Gheata Formheasa 2, arb é an chéim athbhreithnithe mhionsonraithe é lena gcinntear ullmhacht chun dul ar aghaidh chuig soláthar, faoi bhráid ÚNI. Má fhorhmeastar é agus má dheimhnítear maoiniú dó, féadfar tús a chur leis an bpróiseas tairisceana le haghaidh an phríomhchonartha tógála.

nua Páirceála agus Taistil 1,000 spás i gceist léi freisin. Agus é tuartha gurb í Corcaigh an chathair ar a dtiocfaidh an fás is mó in Éirinn sna fiche bliain amach romhainn, le Luas Chorcaí tacófar le hathghiniúint an cheantair dugaí atá beartaithe, cruthófar suas le 25,000 post agus cumasófar soláthar tithíochta méadaithe feadh na conaire. Tá an scéim ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais le haghaidh forbairt a bhaineann le hiompar agus tacaítear leis an aistriú chuig córas iompair carbóin nialasaigh léi. Seoladh an dara babhta de chomhairliúchán poiblí i mí Aibreáin 2026, agus foilseofar an rogha bealaigh deiridh ina dhiaidh sin. Nuair a shainaitheofar é, cuirfidh BIÉ iarratas ar Ordú Iarnróid faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála.

Prionsabal SIP 1 – Soghluaisteacht éifeachtach éifeachtúil chothrom a chur ar fáil

Mar an comhlacht atá freagrach as cuid mhór de bhonneagar iompair na hÉireann, chuir BIÉ leis an athbhreithniú lárthearma ar Phlean Forbartha Náisiúnta 2026-2030.

In 2025, d'oibrigh BIÉ leis an Roinn Iompair agus chuir sé tuarascáil isteach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean chun dáta, rud a thacaíonn le hinfheistíocht agus inrochtaineacht fhadtéarmach éifeachtach ar fud an ghréasáin.

Luas Chorcaí

Mór-gharspíoc eile ba ea foilsiú an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar le haghaidh Luas Chorcaí, a sheol an Taoiseach, Micheál Martin, ag Halla na Cathrach, Corcaigh an 14 Aibreán 2025.

Áirítear leis an líne 18km atá beartaithe ó Bhaile an Chollaigh chuig Rinn Mhachan suas le 25 stad agus nascfar cinn scríbe thábhachtacha léi amhail Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Ospidéal Ollscoile Chorcaí, lár cathrach Chorcaí, Stáisiún an Cheanntaigh, Ceantar Dugaí Chorcaí, Dúcharraig agus Machain. Tá bealaí nua siúil agus rothaíochta, droichead nua iompair phoiblí ó Ché Uí Argáin go Cé Uí Chinnéide agus áis



Sráid Mhic Curtáin, Luas Chorcaí

Luas Leamhcáin agus an Phoil Bhig

Leanadh den dul chun cinn in 2025 ar shíntí líne Luas Leamhcáin agus an Phoil Bhig araon.

Conair soir-siar atá beartaithe is ea Luas Leamhcáin lena nascfar Leamhcán agus Baile Adaim le lár cathrach Bhaile Átha Cliath Theas. Díríodh le hoibreacha in 2025 ar mheasúnú a dhéanamh ar rogha bealaigh, ar shamhaltú teicniúil agus ar ullmhúchán le haghaidh comhairliúcháin. Tá BIÉ ag obair anois chun an Bealach is Dealraíthí a Roghnófar a shainaithint, agus meastar go rachaidh sé faoi chomhairliúchán poiblí neamhrechtúil in 2026. Réamh-mheastar go mbeidh seirbhísí paisinéirí i bhfeidhm in 2036.

Cuireadh Réamhstaidéar Indéantachta le haghaidh Luas an Phoil Bhig i gcrích freisin in 2025. Dúradh leis an tionscadal dul chun cinn chuig Céim 1 de Threoirlínte Formheasa Tionscadail ÚNI in 2026, lena n-áirítear dearthóirí innealtóireachta a sholáthar. Leis an síneadh 2km atá beartaithe ar a mbeadh trí stad, d'fhreastalófaí ar limistéar atá curtha i leataobh le haghaidh forbairt ard dlúis laistigh de Chríos Forbartha Straitéisí an Phoil Bhig agus Máistirphlean Chalafort Bhaile Átha Cliath.

Fócas le haghaidh 2026

Leis an dul chun cinn a rinneadh in 2025 maidir le Fionnghlas, Corcaigh, Leamhcán agus an Poll Beag, neartaítear an bonn faoin gcéad chéim eile d'fhorbairt iarnróid éadroim in Éirinn. De réir mar a théann na tionscadail sin chun cinn trí phleanáil agus dearadh, tá BIÉ ag obair go dlúth le ÚNI, leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le húdaráis áitiúla chun bealaí atá ag teacht chun cinn a ailíniú le hathghiniúint, le tithíocht agus le tosaíochtaí taistil ghníomhaigh. Leis an gcur chuige comhordaithe sin, cuidítear le scéimeanna nua iarnróid éadroim tacú le fás uirbeach dlúth dea nasctha agus le roghanna malartacha iontaofa in ionad iompar cairr a chruthú.

Tá BIÉ ag obair i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha freisin chun an acmhainneacht le haghaidh iarnród éadrom a fhiosrú i gcathracha eile in Éirinn, lena n-áirítear Gaillimh agus Luimneach, ina bhféadfaidh iompar poiblí ardlín paisinéirí tacú le fás amach anseo.

Agus Éire ag freagairt d'fhás daonra agus spriocanna aeráide, leanfaidh an t iarnród éadrom de rogha iompair ardcháilíochta inbhuanaithe a chur ar fáil. Tá BIÉ ag tnúth leis na chéad chéimeanna eile de na tionscadail sin a thabhairt chun cinn agus tairbhí an iarnróid éadroim a leathadh sna blianta amach romhainn.



Bóthar Uí Mhaoilíosa, Luas Fhionnghlaise



MetroLink

Córas meitreo ísealcharbóin, iomlán uathoibrithe, ardlín paisinéirí atá beartaithe is ea MetroLink, a dearadh chun iompar poiblí a chlaohlú i mBaile Átha Cliath. Feadh timpeall 19km, nascfaidh an córas meitreo, a bheidh faoi thalamh den chuid is mó, Sord le Charlemont trí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus lár na cathrach.

Le MetroLink, an tionscadal bonneagair is mó in Éirinn, cumasófar forbairt dhlúth i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, tabharfar spriocanna aeráide chun cinn agus soláthrófar an gréasán nua-aimseartha éifeachtúil is gá chun tacú le soghluaisteacht chomhtháite.

Ordú Iarnróid MetroLink Deonaithe

Rinneadh dul chun cinn mór agus baineadh amach mór-gharspriocanna maidir le MetroLink in 2025. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhormheas an Coimisiún Pleanála a iarratas ar Ordú Iarnróid. Leis an gcinneadh pleanála dearfach sin, údaraítear na hoibreacha uile is gá chun MetroLink a thógáil sna blianta amach romhainn.

Tagann an cinneadh i ndiaidh thiomantas an Rialtais do MetroLink san athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) a foilsíodh i mí Iúil. Sainaithnítear le PFN MetroLink mar príomhthosaíocht bhonneagair agus léirítear a thábhacht chun freastal ar riachtanais iompair phoiblí na hÉireann amach anseo lena chuimsiú. Tiomnaíodh €2 bhilliún ón gCiste Bonneagair, Aeráide agus Dúlra chun tacú le tógáil MetroLink.

Tar éis dheonú a Ordaithe Iarnróid, chuir BIÉ tús leis an bpróiseas iarraidh ar thairgeoirí ionchasacha tairiscint a dhéanamh ar Chonradh Seirbhísí Tacaíochta Comhpháirtí Seachadta Cláir le haghaidh MetroLink. Beidh ról ríthábhachtach

ag an gComhpháirtí Seachadta Cláir in eagraíocht níos leithne MetroLink, i gcomhar le comhpháirtithe agus conraitheoirí atá ann cheana, chun treoir shaineolach agus léargas a thabhairt i bpríomhréimsí a sheachadta.

Tá an ról riachtanach lena chinntiú go seachadfar gach gné de thionscadal MetroLink laistigh de bhuiséad sainithe, laistigh den tráthchlár is gá agus ar na caighdeáin is airde sábháilteachta agus cháilíochta.

Imeachtaí Rannpháirtíochta Margaidh

I mí Iúil, d'eisigh BIÉ Fógra Táscach Tréimhsiúil Domhanda lenar leagadh amach an treoirphlean soláthair foriomlán agus clár idirnáisiúnta Imeachtaí Rannpháirtíochta Margaidh ar fud na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe.



Is deis ollmhór é MetroLink d'Éirinn. Leis an tionscadal seo, ní hamháin go seachadfar an chéad chóras meitreo sa tír, ach claohlófar an chaoi a ngluaiseann daoine timpeall na tíre freisin, agus gréasán iompair comhtháite níos leithne á chumasú ag MetroLink. Baineann sé le bonneagar nua-aimseartha inbhuanaithe a sheachadadh lena dtacaítear lenár n-uailmhianta geilleagair agus aeráide, agus pobail á nascadh an tráth céanna.

An Taoiseach
Micheál Martin





Plás Shoirid MetroLink, Baile Átha Cliath

Sheol an Taoiseach, Micheál Martin, an Tánaiste, Simon Harris agus an tAire Iompair, Darragh O'Brien, na himeachtaí rannpháirtíochta i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair agus cuireadh an léargas is doimhne den struchtúr seachadta agus de na deiseanna soláthair atá ar na bacáin ar fáil leo.

Cuireadh na himeachtaí ar bun go rathúil i Londain, Páras, Milano, Beirlín, Vín, Maidrid agus Iostanbúl freisin, agus sroicheadh breis agus 1,500 toscaire ó ghnó, seachadadh agus oibríochtaí.

Coiste Stiúrtha Cláir MetroLink

I mí an Mhárta, d'eisigh BIÉ gairm chun iomaíochta chun Coiste Stiúrtha Cláir MetroLink a sholáthar lena dtabharfar ceannaireacht, rialachas agus maoirseacht feidhmíochta straitéiseach don chlár. Bhí an Coiste i bhfeidhm faoi dheireadh 2025.

Príomhfhorbairtí

Ar na gar-spiocanna ba thábhachtaí bhí dul chun cinn Chonradh M500. Is é sin an pacáiste soláthair aonair is mó sa chlár, lena gclúdaítear traenacha, córais agus oibriú MetroLink amach anseo.

Tagann an fhorbairt sna sála ar Chlár Oibreacha Cumasúcháin leanúnach BIÉ i rith 2025. Leis an gclár, cuidíodh le creataí agus córais cháilíochta a bhunú le haghaidh comhairliúchán margaidh roimh an soláthar, agus táirgeadh gearrliosta iarrthóirí cumasacha agus inniúla leis an ngníomh chun dul ar aghaidh chuig Cuireadh chun Tairisceana.

Soláthrófar MetroLink trí cheithre mhórchonradh phoiblí, mar aon le sraith pacáistí réamhoibreacha agus oibreacha cumasúcháin (Conarthaí M100) atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ullmhúcháin.

Áiríodh leis an ngníomhaíocht soláthair:


- Conradh don Dearadh-Tógáil-Maoiniú-Oibriú-Cothabháil: Stáisiúin, córais, oibríochtaí agus cothabháil.
- Sainoibreacha Oidhreacht
- Creat Fóntas
- Creat Oibreacha Cumasúcháin Sibhialta
- Córas Cáilíochta Seandálaíochta
- Córas Cáilíochta Suirbhéireachta agus Faireacháin Neamhspleách.

An Todhchaí

Agus muid ag bogadh ar aghaidh go 2026, tá MetroLink ar tí céim thábhachtach nua a bhaint amach. Faoi réir formheas Rannach Gheata Formheasa a Dó, táimid ag súil le soláthar a sheoladh le haghaidh na bpríomhchonarthaí bonneagair, ar céim rithábhachtach é i dtreo seachadadh iomlán. Cé go bhfuil na réamh-mheastacháin lárnacha seirbhíse fós ag teacht leis an Réamhchás Gnó, déanfar nuashonrú ar an amlíne seachadta chun paraiméadair reatha phleanála agus mhaoinithe a léiriú. Agus an tOrdú Iarnróid deonaithe anois, tá coinne le tús a chur le tógáil sna blianta amach romhainn.

D'fhorbheas an Rialtas togra beartais freisin chun comhlacht seachadta reachtúil MetroLink tiomnaithe a bhunú a bheidh freagrach as tógáil an tionscadail, rud a léiríonn a scála uathúil mar an tionscadal aonair infheistíochta is mó in PFN. Agus an tionscadal ag dul ar aghaidh ón gcéim phleanála go dtí céim na tógála, cabhróidh an comhlacht nua seo le fócas ar leith ar sheachadadh MetroLink a chinntiú ar mhaithe le leas an phobail, ag léiriú an scála agus na tábhachta ar leith a bhaineann leis d'Éirinn.

Bóithre Náisiúnta



Plean Infheistíochta Caipitil

Tugtar sainordú le hAcht na mBóithre, 1993 do BIÉ a chinntiú go soláthrófar gréasán Bóithre Náisiúnta sábháilte éifeachtúil. Déantar an Clár Caipitil um bóithre, taisteal gníomhach agus glasbhealaí a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus trí ghréasán Oifigi Bóithre Náisiúnta. Soláthraítear tionscadail ó chéim an choincheapa agus na féidearthachta go dtí céim na tógála agus an oibrithe. Sa chlár Bóithre Náisiúnta, cuireann BIÉ Scéimeanna Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre chun cinn freisin, trí chur chuige sonraíbhunaithe a úsáid chun láithreacha ardriosca a shainiú agus tosaíocht a thabhairt dóibh, agus trí oibriú le húdaráis áitiúla chun idirghabhálacha sábháilteachta spriocdhírthe a sholáthar.


I mí Iúil 2025, foilsíodh an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) mar léiriú intinne ardleibhéil chun tacú le seachadadh bonneagair chlaochlaithigh rithábhachtaigh lena bhfeabhsófaí fás. Leis an bPlean Infheistíochta Eanála le haghaidh lompair

a foilsíodh i mí na Samhna, soláthraítear na mionsonraí atá mar bhonn faoin Athbhreithniú.

Tá an Plean ailínithe leis an ordlathas tosaíochta a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um lompair in Éirinn, agus tiomnaítear €9.7 billiún leis d'iompar ar bhóithre i gcaitheamh na tréimhse 2026 go 2030. Leagtar amach píblíne tionscadal mórghóthair náisiúnta leis ag a bhfuil luachanna caipitil os cionn €200 milliún, mar aon le tráthchláir sheachadta tháscacha agus raonta costais.

Tugadh soiléireacht bhreise maidir le hinfheistíocht amach anseo trí litir leithdháilte 2026, a fuarthas i mí na Nollag 2025, lenar leagadh amach próifíl mhaoinithe tháscach le haghaidh bóithre agus glasbhealaí go dtí 2030, rud a thacaigh le bainistiú agus seachadadh clár ar fud Chlár Caipitil BIÉ.

Tá seachadadh na dtionscadal caipitil bóithre ag dul ar aghaidh i gcomhthéacs brúnna boilscitheacha marthanacha agus tosa geopholaitiúla níos leithe a théann i bhfeidhm ar chostais tógála. Nuair a forbraíodh PFN ar dtús in 2021, bhí na leibhéil bhoilscithe a bhí ann níos ísle ná mar atá siad faoi láthair.





N16 Log an Tobair, Co. Shligigh

Mar thoradh air sin, tháinig méadú mór ar na costais a bhaineann le gnéithe den chlár caipitil bóithre a sheachadadh do BIÉ, agus beidh gá le bainistiú leanúnach agus socrú tosaíochta cúramach ina leith.

Leanadh den infheistíocht i nglasbhealaí agus i dtaisteal gníomhach in 2025 trí leithdháileadh maoinithe státchiste €67 milliún le haghaidh Bonneagar Glasbhealaí agus Taistil Ghníomhaigh Bóithre Náisiúnta. Leis an maoiniú sin, tacaíodh le seachadadh agus dul chun cinn tionscadal glasbhealaí ar fud na tíre, lena n-áirítear stráicí ag céim na tógála, na pleanála agus an deartha, agus cumasaíodh dul chun cinn bonneagair taistil ghníomhaigh ar Bhóithre Náisiúnta. San iomlán, leis an maoiniú a soláthraíodh trí Chlár na nGlasbhealaí, tacaíodh le dul chun cinn 51 tionscadal taistil ghníomhaigh le linn na bliana.



Prionsabal SIP 3: Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach

Thug BIÉ próiseas isteach chun coigilteas carbóin a rianú de réir critéir dámhachtana comhshaoil trí Dhréimire Feidhmíochta CO₂ a úsáid, agus bhain sé amach laghdú 21% ar astaíochtaí CO₂ ar a thionscadal píolótach, M7 Seachbhóthar Chill Dara. In 2025, leathnaíodh úsáid an Dréimire Feidhmíochta CO₂ chun cúig thairiscint bhreise a chlúdach, ar tionscaddail iad ag a bhfuil luach comhcheangailte suas le €100 milliún.



N15 McGroary's Brae, Co. Dhún na nGall

Mórbhóithre á dTógáil

Tugadh tógáil roinnt tionscadail mhóra Bóithre Náisiúnta chun cinn in 2025:


N5 Bealach an Doirín go Scramóg: Is carrbhealach singil 33.4km é sin idir N5 Seachbhóthar Bhealach an Doirín agus an N5 atá ann cheana ag Scramóg i gCo. Ros Comáin. Leis an tionscadal, seachnófar Dún Gar, Béal Átha na gCarr, Tuilsce agus Béal na mBuillí, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é in 2027.

N/M28 Corcaigh go Rinn an Scidigh: Cuireadh tús le tógáil i mí na Bealtaine 2025 ar 13km de dhébhealach agus ar fhorbairt stráice nua mótarbhealaigh. Tosaíonn an bealach ag Acomhal Ghort na mBláth agus téann sé ó dheas trí Bhaile an Róistigh ar líne an N28 atá ann cheana. Meastar go gcuirfear i gcrích é faoi 2028.

N21 Seachbhóthar Áth Dara: Cuireadh tús le tógáil i mí Eanáir 2025 ar sheachbhóthar 7km Áth Dara. Is cuid é an seachbhóthar de scéim níos leithne Fhainge agus cuireadh síneadh stráice 3.5km leis chun an débhealach a nascadh le Luimneach. Meastar go gcuirfear i gcrích é in 2027.

Ar Tí Tógála

N21/N69 Luimneach go Faing: Leis an tionscadal seo, cuirtear uasghrádú mótarbhealaigh ar fáil do bhealach N21 Luimneach go Ciarraí, mar aon le nasc nua le Calafort Fhainge. Cuimsítear leis 16km de dhébhealach idir Faing agus Ráth Caola, nasc carrbhealaigh shingil leis an N69 atá ann cheana ag Eas Géitine agus 16km de mhótarbhealach idir Ráth Caola agus Áit Tí Flainn. Cumasaítear seachbhóthar Áth Dara, agus freastalaítear ar Chróch agus Ráth Caola, leis an tionscadal freisin.



Á Phleanáil agus á Dhearadh

Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

Tionscadal Tosaíochta Bus N3 Cluain Aodha go M50: Is é is aidhm don scéim feabhas a chur ar iompar poiblí agus ar shreabhadh tráchta ar an N3 idir an M50 (Acomhal 1) agus Cluain Aodha (Acomhal 4). I measc na mbearta atá beartaithe tá feabhsuithe ar an mbóthar agus ar na hacmhail atá ann cheana, mar aon le lánáil bus nua a thabhairt isteach chun tacú le hiompar poiblí níos iontaofa.

An N4 An Muileann gCearr-an Longfort: Téann an tionscadal 54km sin ón taobh thiar de Sheachbhóthar an Mhuilinn Chearr go Rúscaigh ar an teorainn idir an Longfort agus Ros Comáin. Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta agus tráchta, roinnt sráidbhailte a sheachaint agus seachbhóithre amuigh a sholáthar do Bhaile an Longfoirt agus Meathas Troim.

Scéim Feabhsúcháin Ríochta Poiblí agus Seachbhóthar Bhaile Shláine N2: Rachaidh an seachbhóthar 3.4km sin soir ó Bhaile Shláine, agus tabharfaidh aghaidh leis ar stráice atá faoi bhun caighdeáin ar an N2 atá ann cheana. Cuimsítear leis an tionscadal freisin bearta bainistíochta tráchta i mBaile Shláine agus feabhsuithe ar an N51 idir an seachbhóthar agus lár an tsráidbhaile.

An N3 Seachbhóthar Achadh an Iúir: Thart ar 14.5km ó dheireadh an débhealaigh N3 atá ann cheana ag an teorainn idir an Cabhán agus an Mhí go Lios Cré i gCo. an Chabháin.

N11/M11 Scéim Tosaíochta Bus: Leis an tionscadal seo, beartaítear bearta chun trácht áitiúil a laghdú ar an bpríomhlíne agus bainistíocht tráchta a fheabhsú ag acomhail. Cé gur cuireadh roghnú roghanna i gcrích, dírithear leis an scéim ar bhearta tosaíochta bus agus iompair inbhuanaithe ar leithligh.

An N52 Seachbhóthar Baile Átha Fhirdhia: Carrbhealach singil seachbhóthair 4.5km ar Bhaile Átha Fhirdhia de Chineál 2, lena n-áirítear sé acomhal, timpeallán nua ar an N2 agus dhá dhroichead abhann.

N52 Nasc idir Tulach Mhór agus Cill Bheagáin: Uasghrádú ar thart ar 8.5km de Bhóthar Náisiúnta, lena nasctar le timpealláin atá ann cheana ag an Ardán agus acomhal M6.

N4 Bearta Tosaíochta Bus Céim 2: Is éard atá i gceist leis an scéim pleanáil agus dearadh scéime tosaíochta bus Siar idir Acomhail 5 agus 7 ar Mhótarbhealach M4 tar éis thógáil na scéime píolótaí tosaíochta Soir.



N21 Seachbhóthar Áth Dara, Luimneach



Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí

Réigiún an Deiscirt

N20 Corcaigh go Luimneach: Feabhsaítear nascacht leis an scéim idir Corcaigh agus Luimneach trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta agus acmhainneachta ar an N20 atá ann cheana. Is é is aidhm di turais níos sábháilte agus amanna turais níos iontaofa a sholáthar, agus trácht a laghdú trí bhailte amhail Mala, Cill na Mallach agus an Ráth an tráth céanna.

Feabhsuithe Gréasáin TEN T N40: Scrúdaítear leis seo an chaoi ar athraigh dálaí tráchta ar an N40 tar éis chur i gcrích an uasghrádaithe ar Acomhal Dhún Citil in 2024. Áirítear leis measúnuithe ar chothabháil agus ar shábháilteacht, feabhsuithe féideartha agus tionchair a bheidh ann amach anseo mar gheall ar scéimeanna iompair pleanáilte agus Straitéis Iompair Mhórchearntar Chorcaí.

N25 Mainistir na Corann go hEochail: Breithnítear leis seo seachbhóthair féideartha ar Bhaile na Martra agus Cill la chun feabhas a chur ar shreabhadh tráchta agus sábháilteacht feadh an N25. Breithnítear leis freisin feabhsuithe acomhail i Mainistir na Corann.

N11/N25 Maolán na nGabhar go Cuan Ros Láir: Thart ar 33km de dhébhealach, lena gcuirtear nasc straitéiseach ar fáil idir Europort Ros Láir, Baile Átha Cliath agus an chuid eile d'Éirinn.

N72/N73 Bóthar Faoisimh Mhala: Soláthraítear faoiseamh do lár baile Mhala leis an tionscadal seo tríd an N20 a nascadh leis an N72 agus N73. Is comhpháirt thábhachtach é an taisteal gníomhach, lena n-áirítear bealach neamhspleách ó Stáisiún Traenach Mhala a thrasnaíonn an N20 trí dhroichead sainchomhartha agus a leanann ar aghaidh feadh na seanlíne iarnróid ó Mhala go Dún Garbhán.

N21 Bóthar Faoisimh an Chaisleáin Nua: Tionscadal 10km atá beartaithe chun brú tráchta a laghdú sa Chaisleán Nua.

Bóthar Faoisimh Mhainistir na Féile an N21: Scéim 8.5km atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta i Mainistir na Féile.

N22 An Fearann Fuar go Cill Airne: Cuimsítear leis sin 27km d'fheabhsuithe bóthair idir an Fearann Fuar agus Cill Airne. Cuirtear seachbhóthar ar shráidbhaile an Fhearainn Fhuair, N22 athailínithe, rochtain fheabhsaithe ar bhaile Chill Airne agus seachbhóthar amuigh ar Chill Airne ar fáil leis.

N24 An Chathair go hAcomhal Luimnigh: Thart ar 35km d'fheabhsuithe bóthair idir an Chathair agus Úlla, lena n-áirítear seachbhóthar ar bhaile Thiobraid Árann. Cuirtear réiteach iompair comhtháite ar fáil leis an tionscadal le 16km d'áiseanna taistil ghníomhaigh agus trí shráid nua.



Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair

An N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe:

12.5km de mhótarbhealach ón N6 atá ann cheana ag Cúil Each go Bóthar Bhaile an Mhóinín, agus 5km breise de charrbhealach singil cosanta siar ó Bhearna. Áireofar leis an gcuarbhealach timpeall Chathair na Gaillimhe trasnú droichid nua ar Abhainn na Gaillimhe.

N58 Béal Easa: Seachbhóthar beartaithe ar Bhéal Easa, lena nascfar an N26 leis an N58. Tá sé d'aidhm aige freisin áiseanna taistil ghníomhaigh a fheabhsú i lár an bhaile.

N59 An Clochán go dtí an Teach Dóite: Áireofar leis an uasghrádú 35km ar an N59 bearta chun athléimneacht i leith an athraithe aeráide a fheabhsú agus nasc le hoibreacha atá ar siúl idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard.

An N3 Seachbhóthar Achadh an Iúir: Thart ar 14.5km ó dheireadh an débhealaigh N3 atá ann cheana ag an teorainn idir an Cabhán agus an Mhí go Lios Cré i gCo. an Chabháin.

N13/N14 Feabhsúchán Bealaigh TEN T: Leis an tionscadal seo, tugtar aghaidh ar na heasnaimh iompair feadh trí stráice den ghréasán tras-Eorpach iompartha (TEN T) agus den Ghréasán Bóithre Náisiúnta. Áirítear cur chuige ilmhódach leis, agus thart ar 63km de bhealaí taistil ghníomhaigh, 42km d'fheabhsuithe bóthair príomhlíne agus seachbhóithre nua, agus ocht mol ilmhódacha nua ina bhfuil luchtú feithicle leictirí.

N17 Cnoc Mhuire go Cúil Mhuine: Déantar uasghrádú ar thart ar 55km den N17 leis an tionscadal seo idir Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire agus an N4 ag Cúil Mhuine. Feabhsaítear sábháilteacht agus ailíniú, nasctar le scéimeanna bóithre a cuireadh i gcrích le déanaí, agus seachnaítear roinnt bailte agus sráidbhailte leis, lena n-áirítear Tobar an Choire, Baile Chathail Béal Lathaí, Baile na Cora agus an Choraídh.

N4 Seachbhóthar Chora Droma Rúisc: Seachbhóthar 5.8km chun brú tráchta a laghdú i gCora Droma Rúisc. Cuimsítear leis droichead nua thar an tSionainn agus feabhsuithe ar áiseanna taistil ghníomhaigh sa bhaile.

N2 Cluain Tiobrad go dtí an teorainn: Scéim 28km chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta agus tráchta ar an N2, lena n-áirítear brú tráchta buaic ama mór ag Scairbh na gCaorach.



N17 Lisduff, Mhaigh Eo

Tionscadail Mionbhóthair

Tionscadail a Críochnaíodh

Cuireadh trí scéim mionbhóthair i gcrích le linn 2025:

N55 an Chorr Dhubh go laistear de Choill an Dúin (Cuid B): Athailíniú agus leathnú thart ar 3.7km den Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád N55 idir Mullach Odhráin agus Béal Átha Trost.

N56 Leitir Oilí go hAcomhal Cill Riáin (Cuid 2): Forleagan, atógáil agus leathnú ar an mbóthar de stráice 2.5km den N56 idir na Gleannta agus Cill Riáin, lena n-áirítear raon rothar 2.5m ar leithead.

N77 Feabhsú Bóthair ó Shráidbhaile Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí: Uasghrádú ar stráice 2.44km i gCo. Chill Chainnigh, lena gcuimsítear 1.74km d'athailíniú ar an mbóthar agus 0.7km d'athailíniú ar leataobh ón trácht.

Á Thógáil

N59 Baile Uí Fhiacháin go Doire Fhada: Tá tógáil ar siúl ar an uasghrádú 5.1km, lena n-áirítear 4.15km de charrbhealach singil de Chineál 3 ar a bhfuil áiseanna taistil ghníomhaigh.

Ar Tí Tógála

Tá tús le cur le tógáil ceithre thionscadal mionbhóthair in 2026:

N17 Athailíniú Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide: Scéim feabhsúcháin bóthair 2.9km idir Baile an Mhuilinn agus Baile an Daighin, lena gcuimsítear thart ar 3km de raon rothar/siúlbealach ar an taobh ó thuaidh de.

N25 Bóthar Rochtana Europort Ros Láir: Thart ar 1.5km de charrbhealach nua, lena gcuimsítear trasnú iarnróid, íosbhealach, siúlbealach agus áiseanna rothaíochta, agus ceangail bóithre áitiúla, lena nasctar N25 Timpeallán Bhaile Ghiolláin le Europort Ros Láir.

N53 Crois an Mhaoir go Rosán: Thart ar 3.3km de charrbhealach singil de Chineál 1 idir stráicí athailínithe atá ann cheana. Deonaíodh an conradh tógála le haghaidh an tionscadail seo.

Athailíniú N63 An Lios go dtí an Mhainistir:

Scéim 1.4km lena gcuimsítear bóthar nua de Chineál 2 agus droichead nua.

Ar Tí na Céime Tairisceana

Tá cúig scéim mionbhóthair ag dul chun cinn chuig ullmhú an doiciméid tairisceana:

N52 An Ghráinseach go Clontail: Athailíniú agus feabhsú stráice 4.5km idir Baile Stiofáin agus Fringestown trí Charrbhealach Singil laghdaithe.

N54 Tulaigh Bhriain: Athailíniú bóthair thart ar 3.15km ón Tulaigh (Grimes) go hEanaigh Airmhígh go caighdeán carrbhealaigh shingil de Chineál 1.

N59 Bun na Coille go dtí an Clár Mór: Scéim 10km ag Loch Bó Finne. Is éard atá i gceist leis an scéim seo leathnú agus athailíniú go caighdeán carrbhealaigh shingil de Chineál 3.

N70 Droichead na Dóinne go dtí an tSnaidhm: Feabhsú thart ar 4.3km de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád, a sheachadfar in dhá chéim, lena n-áirítear leathnú/athailíniú ar an mbóthar go caighdeán carrbhealaigh shingil de Chineál 3 agus áiseanna rothaíochta.

N86 Baile na Saor Íochtarach go Baile Ghearóid: Scéim 5.2km a sheachadfar in dhá stráice, lena mbaineann leathnú/athailíniú ar an mbóthar, uasghrádú go carrbhealach singil de Chineál 3 agus cuimsiú áiseanna rotharbhealaigh/coisithe comhcheangailte.

Á Phleanáil agus á Luathfhorbairt


Tá 31 tionscadal mionbhóthair ag dul chun cinn trí chéimeanna an fhaofa pleanála agus luathfhorbartha, lena n-áirítear:

N13 Ceann an Droichid | N19 Rochtain ar Aerfort na Sionainne | N20 O'Rourke's Cross | N26 Seachbhóthar Bhéal an Átha Céim 1 | N26 Béal Easa go dtí an Droim Riabhach | N55 Bóthar Faoisimh Bhéal Átha na nEach | N55 Seachbhóthar Ghránaird



An Bearnas Mór, Co. Dhún na nGall

Clár Scéime Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre



Is cuid í an Clár Scéime Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid BIÉ den infheistíocht chaipitil a sholáthraíonn Sábháilteacht ar Bhóithre BIÉ tríd an stiúthóireacht Seirbhísí Gairmiúla. Is é cuspóir an chlár seo imbhuailtí agus gortuithe a laghdú ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta, spriocanna sábháilteachta atá i Straitéis Rialtas na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a bhaint amach agus Treoir AE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú a chur i bhfeidhm.

I gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla, cuirtear maoiniú caipitil sábháilteachta ar bhóithre in ord tosaíochta trí úsáid a bhaint as anailís agus measúnú fianaisebhunaithe ar shábháilteacht ar bhóithre. Leis an gclár, tacaítear le seachadadh idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre faoi stiúir innealtóireachta lena rannchuidítear le huaillmhian na Straitéise maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre agus na Físe Nialais de chuid na hÉireann.

Cuirtear bonn eolais faoin gclár le trí chineál anailíse ar shábháilteacht ar bhóithre a ullmhaíonn BIÉ agus a scaipeann sé ar Údaráis Áitiúla ar bhonn rialta.

- **Fianaise Fhrithghníomhach:** Sainaitnítear láithreacha ardriosca imbhuailte trí úsáid a bhaint as trí bliana de shonraí imbhuailte.
- **Fianaise Réamhghníomhach:** Is éard atá i gceist le hlniúchtaí Réamhghníomhacha Sábháilteachta ar Bhóithre (AM-STY-06044) seiceálacha amhairc ar bhonneagar bóithre chun rioscaí nó imbhuailtí féideartha a aimsiú agus chun taobhanna bóthair maolaitheacha a chur chun cinn.
- **Fianaise Chomhtháite:** Leis an Measúnú ar Shábháilteacht ar Bhóithre ar fud an Ghréasáin, aicmítear an gréasán de réir cúig leibhéal sábháilteachta (ó Leibhéal 1 – an leibhéal sábháilteachta is airde go Leibhéal 5 – an leibhéal sábháilteachta is ísle).

Ba mhórathrú é an measúnú cuimsitheach córais shábháilte sin ar an gcaoi a ndéantar feidhmíocht sábháilteachta a mheas ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta. Maoiníonn BIÉ scéimeanna lena n úsáidtear an cineál anailíse sin agus tacaíonn sé leo chun aghaidh a thabhairt ar láithreacha ardriosca, dálaí sábháilteachta a fheabhsú, tacú le luasanna níos sábháilte agus sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóthair.




Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú



In 2025, rinne BIÉ dul chun cinn ar shábháilteacht bóithre agus ar athléimneacht gréasáin trí 60 scéim feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh agus trí cheithre mhionscéim athailínithe a mhaoiniú. Le córas táscaire rangaithe sábháilteachta nua, mar aon le suirbhéanna Reachta Gréasáin agus SCRIM agus Tuarascáil ar Ríocht Dromchlaí Bóthair a leasaíodh chun dáta, tacaíodh le cothabháil agus infheistíocht spriocdhírthe. D'ullmhaigh BIÉ le haghaidh Céim 2 den Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 freisin, agus chuir sé táscairí feidhmíochta ar fáil don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun tacú le seachadadh éifeachtach.




Céimeanna na Scéime Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre



Tá BIÉ freagrach as Gníomh 2 de Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a sheachadadh, arb é is aidhm dó thart ar 60 Scéim Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre a sheachadadh gach bliain. In 2025, chuir údaráis áitiúla 210 scéim sábháilteachta ar bhóithre chun cinn ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta, ar infheistíocht chaipitil de bhreis agus €25 milliún é. Bhain breis agus 80 de na scéimeanna sin an chéim tógála nó críochnaithe amach.

Leis an Scéim Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre, úsáidtear cur chuige an chórais shábháilte chun díriú ar luasanna sábháilte, bóithre agus cois bóithre sábháilte, modhanna sábháilte agus sláintiúla taistil, agus úsáid shábháilte bóithre.



Bóithre agus Cois
Bóithre Sábháilte



Luasanna
Sábháilte



Úsáid Shábháilte
Bóithre



Modhanna Sábháilte
agus Sláintiúla
Taistil



6

Áis Pháirceála agus
Chomhroinnte



12

Thaobh bóthair
mhaolaitheacha /
srianadh feithiclí



16

Scéim Iarfheistithe
Fálaithe



7

gCeamara
Sábháilteachta



74

Feabhsú d'Úsáideoirí
Soghonta Bóthair



55

Feabhsú Acomhail



7

Scéim athailínithe



12

Scéim moillithe
tráchta

Príomhfhorbairtí

- Foilsiú an chéad Mheasúnú ar Shábháilteacht ar Bhóithre ar fud an Ghréasáin de chuid BIÉ.
- Suiteáil agus oibriú ceamaraí meánluais sábháilteachta agus ceamaraí suite luais sábháilteachta i naoi gcontae. Oibríonn trí cheamara meánluais anois i gCo. Mhaigh Eo, i gCo. an Chabháin agus i gCo. na Mí ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus forfheidhmíonn an Garda Síochána iad. Oibríonn seacht gceamara suite luais i gCo. Dhún na nGall, Co. Mhaigh Eo, Co. Chorcaí, Co. Chill Chainnigh, Co. na Gaillimhe, Co. Luimnigh agus i gCo. Cheatharlach
- Foilsiú Thuarascáil 2025 BIÉ ar Ghníomhaíocht Chlár na Scéimeanna Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Prionsabal SIP 6: Luach Iomlán a Chruthú don tSochaí

In 2025, thacaigh BIÉ le hinrochtaineacht tuaithe fheabhsaithe trí 10 n-áis stad bus a uasgrádú agus trí oibriú le húdarais áitiúla chun láithreacha a shainaithint le haghaidh feabhsuithe amach anseo. Seachadtar an bonneagar sin i gcomhpháirtíocht le húdarais áitiúla agus maoinítear é trí Chlár Scéime Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid BIÉ, lena dtacaítear le torthaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha.

An Todhchaí

- Clár Sábháilteachta BIÉ le haghaidh Áiseanna Páirceála agus Comhroinnte a thabhairt chun cinn faoi Chéim 2: Gníomh 7 den Phlean Gníomhaíochta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2025-2027
- Leanúint de chlár na Scéime Feabhsúcháin um Shábháilteacht ar Bhóithre a sheachadadh mar chuid de Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2025-2027.

- Tacú le cur i bhfeidhm an Athbhreithnithe ar Luasteorainneacha – Céim 2 (30km/uair) Uirbeach agus Céim 3 (80km/uair) Bóithre Náisiúnta den Dara Grád agus é a éascú.
- Gníomh 10 de Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre chun fad na mbóithre roinnte ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta a mhéadú trí 18km de bhóthar roinnte nua a thógáil ar an N21 agus an N28.



N5 Bóthar Dhroim Aidhnín, Maigh Eo

Glasbhealaí agus Taisteal Gníomhach



Clár na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha

Ónar thosaigh sé ina cháil mar údarás formheasa glasbhealaí in 2021, sheachaid BIÉ 166.8km de bhealaí nua. Rinneadh dul chun cinn breise ar Chlár na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha in 2025, agus tacaíocht maoinithe stáitchiste €48 milliún aige. Le linn na bliana, cuireadh 23km de bhonneagar glasbhealaigh i gcrích, agus chuaigh 9km breise ar aghaidh chuig tógáil. Áiríodh leis sin:

- Glasbhealach Luimnigh – Ráth Caola go Mainistir na Féile, agus osclaíodh Tús Siúlóide Ráth Caola go hoifigiúil an 19 Meán Fómhair 2025
- Osclaíodh Glasbhealach na Canálach Móire – an Liath Beag go Loch na Buaraí go hoifigiúil an 7 Iúil 2025
- Osclaíodh Tús Siúlóide Bhaile Uí Chomáin go hoifigiúil an 7 Iúil 2025
- Osclaíodh stráice 3km de Ghlasbhealach Chiarraí Theas don phobal i mí na Nollag 2025
- Seachadadh 5.3km de Scéim Lúibe Chuan an Fhóid Duibh i gcaitheamh na bliana.





Tairbhí Glasbhealaí agus Iompair Gníomhaigh

Feabhsaítear an caighdeán saoil agus sláinte le glasbhealaí trí spásanna sábháilte, tarraingteacha a chur ar fáil i bpobail áitiúla lena ndéantar an ghluaiseacht laethúil a spreagadh, strus a laghdú agus ceangail shóisialta a chothú. Le gnéithe dearaidh amhail dromchlaí cothroma, fánaí réidh, cosáin leathana agus limistéir scíthe rialta, déantar glasbhealaí inrochtana do dhaoine a bhfuil laguithe soghluaisteachta acu, úsáideoirí níos sine, teaghlach agus iad sin atá ag teacht ar ais chuig an ngníomhaíocht i ndiaidh tinnis nó gortaithe. Leis an dearadh ionchuimsitheach sin, cumasaítear gníomhaíocht coirp ísiltionchair agus rochtain ar spás faoin spéir do dhaoine a mbeadh bacainní ar rannpháirtíocht rompu seachas sin.

Cuirtear tairbhí móra eacnamaíocha ar fáil freisin le glasbhealaí trí áineas agus turasóireacht, borradh faoin luach maoin, cruthú post agus fás gnó áitiúil. Leabaigh Éire glasbhealaí mar chuid de straitéis náisiúnta na Roinne Iompair le haghaidh na turasóireachta inbhuanaithe agus forbartha réigiúnaí, agus i measc na samplaí tá Glasbhealach Mór an Iarthair i gContae Mhaigh Eo lena ngintear tionchar eacnamaíoch bliantúil idir €5-8 milliún agus a bhfuil tréimhse aisíoca sé bliana aige. Measann Fáilte Ireland gur fiú €97 milliún cuairteoirí rothaíochta ar Éirinn i gcaiteachas cuairteoirí coigríche gach bliain, rud a dhíríonn aird ar luach eacnamaíoch níos leithne an bhonneagair taistil ghníomhaigh.

Thairis sin, tacaítear le hathrú fadtéarmach ar iompraíocht le glasbhealaí trí chultúr siúil agus rothaíochta a chothú sna bailte agus sna sráidbhailte a nasctar leo. Le himeacht ama, tagann méadú ar an rannpháirtíocht i dtaisteal gníomhach le haghaidh turais laethúla, lena n-áirítear turais ar scoil, chuig an áit oibre agus chuig áiseanna áitiúla, de réir mar a leabaítear na bealaí sa ghnáthshaol. Mar shampla, tá baint ag an rochtain ar Ghlasbhealach Phort Láirge le sciar níos airde modha siúil agus rothaíochta le haghaidh turais laethúla i nDún Garbhán, ina sáraítear na meánsciartha náisiúnta agus ina léirítear na tairbhí comhcheangailte sláinte, inrochtaineachta agus soghluaisteachta a fhéadfar a sheachadadh le glasbhealaí.

Taisteal Gníomhach

Lean BIÉ de thacú le seachadadh bonneagair taistil ghníomhaigh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta agus seachadadh 2.36km d'áiseanna taistil ghníomhaigh scartha curtha ar fáil faoi chlár BIÉ um Shábháilteacht Mionaoiseach. Fuarthas maoiniú in 2025 le haghaidh 51 tionscadal taistil ghníomhaigh, lena n-áirítear tionscadal athnuachana sócmhainne amháin. Osclaíodh ceann amháin acu don phobal agus cuireadh tús le tógáil i gcás ceithre thionscadal eile le linn na bliana:

- Osclaíodh Scéim Ríochta Poiblí Rinn an Scidigh, lena gcuimsítear 1.7km de rotharbhealach, i mí Mheán Fómhair
- N2A Raon Rothar – Céim 3 go Sráidbhaile Scairbh na gCaorach;
- N56 Leitir Ceanainn Uirbeach;
- N60 Caisleán an Bharraigh go Bréachmhaigh;
- Athailíniú N59 Bhaile Uí Fhiacháin go Doire Fhada.


Rinneamar dul chun cinn maidir le brandáil agus uimhriú bealaigh an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar freisin agus leanamar den obair chomhpháirteach leis an Roinn Iompair agus le gníomhaireachtaí eile. Athmhúsclaíodh an mheitheal theicniúil ilghníomhaireachta agus foilsíodh caighdeán a leasaíodh chun dáta, lena n-áirítear uirlis mhéadrach bhithéagsúlachta le haghaidh bóithre, glasbhealaí agus iarnród éadrom.



Glasbhealach Mór an Iarthair, Co. Mhaigh Eo



Glasbhealach Mór an Iarthair, Co. Mhaigh Eo



Scéimeanna Glasbhealaí agus Taistil Ghníomhaigh

Á Thógáil

- **Glasbhealach na Canálach Móire – Droichead an Dara Loc Déag go Collchoill:** Cuireadh an tógáil i gcrích go héifeachtach ar thart ar 4.6km de ghlasbhealach nua in 2025. Beidh sé ina chuid de scéim níos leithne na Canálach Móire.
- **Glasbhealach an Oirdheiscirt:** Cuirfear 24.5km de ghlasbhealach san iomlán ar fáil leis seo a sheachadfar ina chodanna feadh na seanlíne iarnróid idir an Mainséar agus Port Láirge.
- **Glasbhealach Chiarraí Theas:** Stráice 32km is ea é seo a théann ón Rinn Aird go Gleann Beithe, agus roinneadh é ina thrí stráice lena fhorbairt. Cuireadh tús le hoibreacha ar stráice a dó agus a trí idir Gleann Beithe agus Cathair Saidhbhín in 2025.
- **N60 Caisleán an Bharraigh go Bréachmhaigh:** Cuireadh tús le tógáil in 2025 ar thart ar 4.8km de bhonneagar taistil ghníomhaigh ar an N60 agus R373 idir Caisleán an Bharraigh agus Bréachmhaigh. Cuimseofar cosáin siúil agus raonta rothar scartha leis.

Prionsabal SIP 1 — Soghluaisteacht éifeachtach éifeachtúil chothrom a chur ar fáil

Faoi Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, sannadh freagracht ar BIÉ as bonneagar siúil agus rothaíochta a sheachadadh mar chuid den Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar. In 2025, bhí sé mar sprioc ag BIÉ agus ÚNI 110km a sheachadadh ar fud na tíre, agus sheachaid BIÉ 39km go rathúil, rud a thacaíonn le taisteal níos inrochtana agus níos inbhuanaithe atá nasctha ar bhealach níos fearr.



Ar Tí Tógála

- **N76 Seachbhóthar Challainn:** Leis an scéim seo, seachadfar meascán d'idirghabhálacha taistil ghníomhaigh, feabhsúcháin sábháilteachta ar bhóithre agus athnuachana dromchla bóthair feadh an N76. Tá an tionscadal curtha chun cinn chuig céim an réamhdheartha, agus tá coinne leis go gcuirfear tús lena chur i bhfeidhm ó 2026.
- **Glasbhealach na Canálach Móire – an Daingean go hÉadan Doire:** Is cuid é seo de scéim níos leithne na Canálach Móire agus cuimsítear stráice 4km leis ar thaobh Cho. Uíbh Fhailí dá theorainn le Co. Chill Dara. Tá an tógáil le tosú in 2026.
- **Glasbhealach na Canálach Móire – Droichead na Sollán go Cluain Caoin:** Is cuid é seo de scéim níos leithne na Canálach Móire agus cuimsítear stráice 29km leis ar thaobh Cho. Chill Dara dá theorainn le Co. Uíbh Fhailí. Tá an tógáil le tosú in 2026.
- **Glasbhealach Chanáil Uladh – Muineachán chuig teorainn Thuaisceart Éireann:** Is cuid é seo de Ghlasbhealach Chanáil Uladh níos leithne 30km agus tá sé thart ar 7km ar fad, agus nasctar Baile Mhuineacháin agus teorainn Thuaisceart Éireann leis. Tá an tógáil le tosú in 2026.



Á Phleanáil agus á Dhearadh

Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

Bealach Cósta Fhine Gall: Scéim cósta 32km is ea é seo a shíneann ó Dhomhnach Bat go Baile Brigín, lena gcuimsítear an Ros, Loch Sionnaigh, na Sceirí agus ceantar níos leithne thuaisceart Fhine Gall.

Glasbhealach Bhá Dhún Dealgan go Loch Cairlinn: Nasc 25km atá beartaithe idir Dún Dealgan agus Loch Cairlinn. Is féidir nascadh le Bealach Chanáil an lúir freisin leis, trí Chairlinn, Ó Méith, Loc Victoria agus an tlúr.

Scéim Glasbhealaigh agus Uiscebhealaigh Ghleann na Bóinne: Scéim 27km a shíneann ó Pháirc an Chomhairleora Andy Brennan san Uaimh go hEastát an tSeandroichid gar do Dhroichead Átha.

Glasbhealach Chill Bheagáin go dtí an Muileann gCearr: Scéim chun bealach inrochtana a fhorbairt idir Cill Bheagáin agus an Muileann gCearr, lena gcuirfear nasc straitéiseach ar fáil idir Glasbhealach an tSeaniarnróid, Glasbhealach na Canálach Móire agus Glasbhealach na Canálach Ríoga.

Glasbhealach an Inbhir Mhóir go Síol Éalaigh: Scéim thart ar 33km a thosaíonn ag sráidbhaile Shíol Éalaigh i gCo. Chill Mhantáin. Leis an mbealach atá beartaithe, leanfar an Líne Iarnróid atá as úsáid ón Droichead Adhmaid go Síol Éalaigh cois na Doirí, Abhainn Eachroma agus Abhainn Abhóca. Rachaidh sé trí na sráidbhailte Tigh na hÉille, Eachroim agus Droichead Adhmaid, agus nascfaidh sé Baile an Inbhir Mhóir.

Réigiún an Deiscirt

Glasbhealach Chorcaí Theas – Corcaigh go Cionn tSáile: Tá sé de chumas aige seo stráice de Shean-iarnród Chorcaí, Dhroichead na Bandan agus an Chósta Theas a áireamh, agus deiseanna ann chun bealach ardaithe a chuimsiú a rachaidh síos le fána go baile cósta Chionn tSáile. Cuirfear radhairc ardaithe ar an gcósta, ar inbhear Abhainn na Bandan agus ar dhúnfoirt gharastúin stairiúla ar fáil leis.

Glasbhealach Iarnród an Chláir Thiar:

Téann an fhorbairt atá beartaithe feadh chonair sheanlíne Iarnród an Chláir Thiar, ar nasc 88km é lenar ceanglaíodh bailte agus sráidbhailte an Chláir Thiar.

Glasbhealach Thrá Lí go Lios Tuathail: Thart ar 28km de ghlasbhealach nua feadh chonair Shean-iarnród Chiarraí Thuaidh. Cuirfear nascacht ar fáil leis idir scéimeanna Thrá Lí go dtí an Fhianait agus Lios Tuathail atá ann cheana agus glasbhealaí Theorainn Cho. Luimnigh.

Taisteal Gníomhach N22 Baile Bhuirne go Maigh Chromtha: Áiseanna siúil agus rothaíochta atá beartaithe feadh na hiarchonaire N22 idir Baile Bhuirne agus Maigh Chromtha. Beachtaíodh an raon feidhme trí fhorbairt tionscadail chun díriú ar oibreacha taistil ghníomhaigh agus ríochta uirbí laistigh de lárionaid uirbeacha Mhaigh Chromtha agus Bhaile Bhuirne/Bhaile Mhic Íre.



Glasbhealach an Oirdheiscirt, Co. Chill Chainnigh

Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair

Rotharbhealach ó Gaillimh go hÁth Luain:

Is stráice mór é seo den Rotharbhealach Náisiúnta ó Gaillimh go Baile Átha Cliath, arb é a bheidh ann an chéad bhealach siúil agus rothaíochta idirchathrach tiomnaithe in Éirinn. Sínfídh sé thart ar 300km trasna na tíre agus beidh sé ina chonláiste chun leasa teaghlach, pobal agus turasóirí. Is cuid é den ghréasán rotharbhealaí tras-Eorpach, EuroVelo.

Glasbhealach Chonamara – Gaillimh go

hUachtar Ard: Beartaítear 25-28km de bhonneagar siúil agus rothaíochta easbhóthair leis seo. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh an bealach ina chuid de Glasbhealach Chonamara idir Gaillimh agus an Clochán.

Glasbhealach an Bhearnais Mhóir: Scéim thart ar 28km a théann ó na nascbhailte Bealach Féich agus Srath an Urláir go Baile Dhún na nGall. Rachaidh sé tríd an mám idir na Cruacha.

Glasbhealach an Charraigín go Leifear: Stráice thart ar 20km idir sráidbhaile an Charraigín agus Leifir, Co. Dhún na nGall. Nascfaidh sé le rotharbhealach Ghleann Feabhail atá ann cheana a nascann le Cathair Dhoire.

Glasbhealach Shligigh go hInis Ceithleann: Glasbhealach 71km atá beartaithe feadh na seanlíne iarnróid lenar nascadh Inis Ceithleann i gCo. Fhear Manach le Cúil Mhuine, Co. Shligigh.

Glasbhealach Lár na Sionainne: Bealach 45km atá beartaithe i gceantair Bhéal Átha Liag, Bhéal na mBuillí, Thearmann Bearaigh agus Rúscaí i gCo. Ros Comáin. Tá sé beartaithe go mbainfear úsáid fhairsing as tailte Bhord na Móna leis an tionscadal.

Droichead an Chláirín go hÓrán Mór: Féachtar leis an scéim atá beartaithe áis chomhcheangailte nua coisithe agus rothaíochta a chur ar fáil idir na sráidbhailte sin i gCo. na Gaillimhe.

Rotharbhealach N67 Laistear de Bhaile an Doirín: Áis chomhcheangailte coisithe agus rothaíochta 750m laistear de shráidbhaile Bhaile an Doirín chun nascacht i dtreo Chinn Mhara, Co. na Gaillimhe a fheabhsú.

N2 Muineachán – Corr Leacht go Cúil

Seannach: Cruthófar glasbhealach nua 2.4km leis seo feadh N2, Seachbhóthar Bhaile Mhuineacháin.

N4/N16 Sligeach Uirbeach: Sainaitheofar leis seo láithreacha ina bhfuil easpa áiseanna taistil ghníomhaigh feadh chonairí N4 agus N16. Beartaítear idirghabhálacha céimnithe, lena n-áirítear raonta rothar agus siúlbealaí scartha.

N5 Dún Gar: Beidh an bealach atá beartaithe thart ar 1,160m ar fad agus suite go príomha laistigh de réimeanna uirbeacha shráidbhaile Dhún Gar i gCo. Ros Comáin.

N5 Béal na mBuillí: Meastar go mbeidh an scéim taistil ghníomhaigh atá beartaithe thart ar 630m ar fad agus tá sí suite feadh Shráid Ail Finn, agus tionscadal N5 Bealach an Doirín go Scramóg i gCo. Ros Comáin á nascadh aici le scéim ríochta poiblí i mBéal na mBuillí.

N5 Tuilsce: Scéim thart ar 1.4km suite laistigh de réimeanna uirbeacha Thuilsce, Co. Ros Comáin, lena gcuirtear naisc ar fáil idir an scoil áitiúil, áiseanna spóirt agus ceantair chónaithe.

N63 Sráidbhaile Mhainistir Chnoc Muaidhe: Leis seo, cuirfear nascacht ar fáil idir áiseanna coisithe agus rothaíochta atá ann cheana agus atá beartaithe i gCo. na Gaillimhe, lena n-áirítear naisc le scoileanna, áiseanna pobail agus scéim bóthair N63 an Lios go dtí an Mhainistir atá beartaithe.

N56 Dún Fionnachaidh go Port na Bláiche: Féachtar leis an stráice idiruirbeach tuaithe 1.7km seo den N56 i gCo. Dhún na nGall áiseanna coisithe agus rothaíochta a chruthú.

N56 Dún Cionnaola: Féachtar leis an scéim seo feabhas a chur ar sholáthar d'úsáideoirí taistil ghníomhaigh feadh stráice 1.6km den N56 idiruirbeach tuaithe i gCo. Dhún na nGall.

N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní: Shínfeadh an scéim taistil ghníomhaigh seo thart ar 14km i gCo. Shligigh, agus áiseanna coisithe agus rothaíochta á gcur ar fáil feadh stráice den N4.





Cód Dea-Chleachtais Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha

I Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo de chuid na Roinne Iompair, bhí gealltanais go bhforbródh BIÉ Cód Dea-Chleachtais Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha i mí Iúil 2018.

Forbraíodh an Cód trí phróiseas comhoibríoch ina raibh baint ag an Roinn, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann, Cumann Feirmeoirí Eallaigh agus Caorach na hÉireann, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Spórt Éireann, Fáilte Éireann, Oifigeach Áineasa Tuaithe agus ionadaithe ó na húdaráis áitiúla.

Foilsíodh é in 2021 agus leagtar amach leis creat le haghaidh rannpháirtíochta, forbairt bealaigh agus éadail talún le haghaidh glasbhealaí, agus cuirtear béim láidir leis ar chomhairliúcháin rialta, ar rannpháirtíocht le húinéirí talún a ndéantar difear dóibh agus ar úsáid tailte faoi úinéireacht stáit nuair is féidir.

Tugtar tús áite do chur chuige an chomhaontaithe dheonaigh, agus sásraí ceannaigh éigeantaigh ann dá bhforáiltear sa reachtaíocht agus a shainaithnítear mar rogha dheiridh, le húsáid ach amháin i gcás nach bhfuil comhaontú inmharthana ann mar thoradh ar rannpháirtíocht leanúnach.

Bíonn an Cód faoi réir athbhreithnithe rialta ó na páirtithe a chomhaontaigh é agus coinnítear faoi athbhreithniú é de réir mar a théann seachadadh glasbhealaí ar aghaidh.

Cuirfidh an Roinn Iompair tús le hathbhreithniú iomlán ar an Straitéis Glasbhealaí in 2026, le tacaíocht ó BIÉ.

Tabharfaidh an próiseas sin deis do pháirtithe leasmhara aiseolas a chur ar fáil maidir le oibríocht agus cur i bhfeidhm an Chóid Dea-Chleachtais.



An Todhchaí

Measann BIÉ go ndéanfar roinnt príomh-ghlasbhealaí agus garspriocanna taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- Tionscadal TEN T Dhún na nGall a chur isteach chun formheas pleanála a lorg
- Formheas Gheata 2 a bhaint amach agus conarthaí tógála breise a dhámhachtain ar thionscadal an N21/N69 ó Áth Dara go Faing
- Oscailt na coda den N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg arb í Seachbhóthar Dhún Gar an N5 í agus oscailt na coda bóthair cosanta den N28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh arb í Seachbhóthar Rinn an Scidígh í
- Tionscadail sheachbhóthair a chur isteach le haghaidh formheas pleanála, lena n-áirítear Bóthar Faoisimh Mhala an N72/N73, Seachbhóthar Chora Droma Rúisc an N4 agus Seachbhóthar an Chaisleáin Nua ar an N21
- Formheas Gheata 1 a bhaint amach don N2 ó Chluain Tiobraid go dtí an Teorainn agus don N24 ón gCathair go hAcomhal Luimnigh
- Athghníomhachtú seachadta ar chúig mhórthionscadal atá ar fionraí
- Dámhachtain trí mhiontionscadal bóithre nua
- Tacaíocht do sheachadadh chláir na nGlasbhealaí agus an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar
- Clár leathnaithe dromchlaí bóthair agus sábháilteachta a sheachadadh.





Bainistíocht agus Oibríochtaí Gréasáin

Tá freagracht iomlán ar an rannán Bainistíochta Gréasáin de chuid BIÉ as oibriú sábháilte agus éifeachtúil, cothabháil agus maoirseacht fhadtéarmach an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla. Áirítear leis sin oibríochtaí laethúla ar an ngréasán, bainistíocht teagmhais agus tráchta, faireachán agus athnuachan sócmhainní ríthábhachta, agus cuir chuige inbhuanaithe atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt chun gréasán atá ag dul in aois agus atá ag éirí níos casta a bhainistiú.

Bóithre Náisiúnta

Is cnámh droma ríthábhachtach é an Gréasán Bóithre Náisiúnta don nascacht eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha ar fud na hÉireann. Leis an luacháil is déanaí, suíodh luach na sócmhainne sin thart ar €31 billiún (2019).

Déanaimid bainistiú díreach ar thart ar 50% den Ghréasán Príomhbhóithre Náisiúnta, lena n-áirítear timpeall 1,300 ciliméadar de mhótarbhealaí agus de dhébhealaí. As an méid sin, déantar bainistíocht ar 460 ciliméadar den ghréasán mótarbhealaí trí 13 chonradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP), agus déanann trí Chonraitheoir Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (MMaRC) cothabháil ar na codanna eile den ghréasán mótarbhealaí.

Déanann BIÉ bainistiú ar Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus ar Thollán Sheáin Uí Loingsigh i gCorcaigh araon faoi chonradh an Lárionaid Rialaithe um Oibriú agus Cothabháil Tollán agus Tráchta. Bainistítear Tollán Luimnigh faoi chonradh PPP. Ina theannta sin, oibrímid naoi Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh ar líne trí shocruithe lamháltais CPP, nach ionann iad agus na Limistéir Seirbhíse as líne faoi úinéireacht phríobháideach atá suite gar d'acomhail.

Ciallaíonn scála agus castacht an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta go bhfuil bainistíocht éifeachtach sócmhainní lárnach i bhfreagracht BIÉ as an mbonneagar náisiúnta ríthábhachtach seo. Mar an tsócmhainn phoiblí is luachmhaire sa stát,

tacaíonn sé le soghluaisteacht laethúil, gluaiseacht lasta, agus gníomhaíocht eacnamaíoch ar fud na tíre. Chun riocht agus feidhmíocht sócmhainní a chothabháil, teastaíonn infheistíocht leanúnach saolré agus idirghabháil thráthúil ar fud pábhálacha, droichead agus sócmhainní eile, amhail draenáil, comharthaíocht agus fálú chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an bhonneagair atá ag dul in aois agus ar thionchair an lín tráchta atá ag fás.

Le blianta beaga anuas, tá srianta ar mhaoiniú cothabhála agus athnuachana, in éineacht le costais tógála agus saothair atá ag ardú, tar éis teorainn shuntasach a chur le méid na hidirghabhála coiscthe a d'fhéadfaí a bhaint amach. Tá riaráiste suntasach d'obair athnuachana sócmhainní saolré ann mar gheall ar easpa maoiniú leordhóthanach. I gcás ina gcuirtear an infheistíocht siar, téann riocht na sócmhainní in olcas níos gasta, rud a fhágann go dtiocfaidh méadú ar chostais saolré iomláine, go mbeidh cur isteach níos mó ann ar úsáideoirí bóithre agus gur gá athshlánú nó atógáil níos déine agus níos costasaí a dhéanamh ag céim níos déanaí. Cé go leanaimid orainn ag neartú cumas agus rialachas nuálach bainistíochta sócmhainní, braitheann bainistíocht éifeachtach sócmhainní ar phróifíilí maoinithe atá leordhóthanach chun cothabháil agus athnuachaintí pleanáilte coisctheacha a sheachadadh seachas freagairtí frithghníomhacha teoranta.

Tá infheistíocht ilbhliantúil leanúnach ríthábhachtach chun luach sócmhainní a chosaint, riosca a bhainistiú agus feidhmíocht líonra a choinneáil san fhadtéarma. Léirítear lenár n-anailís go dteastaíonn infheistíocht timpeall €305 milliún i leith athnuachan saolré caipitil in aghaidh na bliana chun an Gréasán Bóithre Náisiúnta a choinneáil i riocht maith, agus maoiniú gnáthchothabhála timpeall €70-80 milliún in aghaidh na bliana i bpraghsanna reatha. Le fírinne, níor baineadh amach maoiniú ag an leibhéal sin, rud a fhágann go bhfuil easnamh leanúnach ann agus go gcuirtear teorainn le seachadadh idirghabhálacha coisctheacha.

Trácht ar an nGréasán

In 2025, tháinig méadú 3% ar thrácht ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta. Sháraigh leibhéil Meántráhta Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) 150,000 feithicil in aghaidh an lae ar na codanna is gnóthaí den M50, a lean ar aghaidh ag iompar na méideanna tráhta is airde go náisiúnta. Tháinig méadú ar leibhéil tráhta ar an N40 freisin i gcomparáid le 2024.

Tháinig méadú 2% ar thrácht feithiclí earraí troma, agus tháinig méadú 5% ar thrácht feithiclí earraí éadroma go náisiúnta. Ba iad na bealaí a raibh na leibhéil is airde tráhta HGV orthu ná an M50, an N7, an M7 agus bealaí gathacha Bhaile Átha Cliath.

Lean an méid tráhta i dTollán Bhaile Átha Cliath ag fás freisin, le méadú 1.6% ar thrácht nach bhfuil faoi réir táillí dola agus méadú 8.8% ar thrácht faoi réir táillí dola. Ba láidre a bhí an fás tráhta faoi réir táillí dola le linn bhuaicphointe na maidine, in ainneoin méadú ar tháillí dola bhuaicphointe na maidine i mí Eanáir 2025, rud a léiríonn éileamh leanúnach agus srianta brú tráhta níos leithne ar bhealaí gathacha isteach i lár na cathrach. Mar thoradh ar bhrú tráhta i mbuaicphointe na maidine, tháinig méadú ar mhéadrú tráhta trí Thollán Bhaile Átha Cliath freisin, agus 104 uair an chloig de mhéadrú ann in 2025.

Cé gur chuidigh tabhairt isteach scéim Luasteorainneacha Éagsúla an M50 le brú tráhta ar an mbealach a laghdú, chuir fás carnach tráhta le brú tráhta suntasach níos déanaí in 2025, go háirithe ó Dheireadh Fómhair go Nollaig.






Táscairí Gréasáin 2025

Achoimre ar Fheidhmíocht an M50

Is é an M50 an bóthar is mó a mbaintear úsáid as sa tír agus taistealaíonn chóir a bheith 150,000 feithicil ar stráicí éagsúla ar ghnáthlá.



Achoimre ar Fheidhmíocht an N40

Tháinig méadú ar leibhéil tráchta ar an N40 in 2025 i gcomparáid le 2024.



13,277

An sruth san uair is airde, a taifeadadh ar stráice an N3-N2 idir 1pm agus 2pm ar an 8 Márta.



8,399

An sruth san uair is airde, a taifeadadh ar stráice Bhóthar Chionn tSáile - Dhúglais ó 4pm - 5pm ar an 3 Deireadh Fómhair.



189,590

An Sruth Laethúil is Airde a taifeadadh ar an M50 idir an N3 agus an N2.



103,328

An Sruth Laethúil is Airde a taifeadadh ar stráice Bhóthar Chionn tSáile - Dhúglais.



2,158

Líon lomlán na dTeagmhas, arbh Imbhualtí Tráchta iad 676 ceann díobh.



449

Líon lomlán na dTeagmhas, arbh Imbhualtí Tráchta iad **99** ceann díobh.



1.72 billiún

km feithicle arna dtaisteal, ar méadú 2% é ar an mbliain 2024.



0.39 billiún

km feithicle arna dtaisteal, ar méadú 5% é ar an mbliain 2024.



Glaonna Éigeandála

18,970

Glao éigeandála a cuireadh ar an Ionad Rialaithe Tráchta Mótarbhealaí.



1,608

Teileafón Éigeandála ar Thaobh an Bhóthair (gutháin SOS) in ord oibrithe.

Bainistíocht Teagmhas

In 2025, fuair Ionad Rialaithe Tráchtá Mótarbhealaí BIÉ 18,970 glaoch éigeandála, lena n-áirítear glaonna ó theileafóin éigeandála ar thaobh an bhóthair. I measc na dteagmhas sin, imbhualtí tráchtá a bhí in 2,711 díobh. Bhí 1.608 teileafón éigeandála ar thaobh an bhóthair i bhfeidhm ar fud na tíre.

Taifeadadh 2,158 teagmhas ar an M50 i rith na bliana, lena n-áirítear 818 imbhualadh tráchtá. Chuir méideanna tráchtá níos airde agus brú tráchtá gaolmhar le líon méadaithe teagmhas, agus mion-imbhualtí a bhí i gceist le cion suntasach dóibh.

Oibríochtaí an Gheimhridh

- Tá cothabháil i rith an gheimhridh rithabhachtach chun nascacht shábháilte agus iontaofa a choinneáil ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta le linn drochaimsire. Laghdaíonn cóireáil réamhghníomhach an ghréasáin an riosca foirmithe oighir, tacaíonn sí le hiontaofacht ama turais, agus cinntíonn sí rochtain leanúnach do sheirbhísí éigeandála, lasta, iompar poiblí, agus comaitéirí laethúla i rith thréimhse an gheimhridh.
- Tacaíonn BIÉ le nascacht trí líonra fairsing faireacháin aimsire ar bhóithre, pleanáil oibríochtúil láidir, agus infheistíocht leanúnach i mbonneagar agus i dteicneolaíocht. Bainistítear 163 stáisiún aimsire agus braiteoirí, ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta den chuid is mó, rud a sholáthraíonn sonraí mionsonraithe fíor-ama faoin aimsir agus faoi staid bóthair chun réamhaisnéisí aimsire an gheimhridh a ghiniúint agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí cóireála ar fud an ghréasáin. Tacaíonn na stáisiúin freisin le hoibríochtaí ar chóras Luas.

In 2025:

- Shuiteáil BIÉ 11 láithreán nua faireacháin ar staid bóthair agus ar an aimsir ar an M50
- Shuiteáil BIÉ trí stáisiún aimsire nua ar thaobh an bhóthair ar an N3, N78 agus N51

- Shuiteáil BIÉ 12 bhraiteoir Groundcast nua chun tacú le cinnteoireacht faoi chothabháil an gheimhridh d'údaráis áitiúla, rud a fhágann go bhfuil 22 acu san iomlán
- Chuir BIÉ aistriú ar fud an ghréasáin go WX Horizon i gcrích, is é sin Córas Faisnéise Aimsire Bóthair nua atá bunaithe ar an meaisínfhoghlaím, lena tugtar údaráis áitiúla, Conraitheoirí Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí agus oibreoirí CPP le chéile ar aon ardán amháin.
- Bhain oibreoirí MMarC agus údaráis áitiúla úsáid as 47,491 tona de shalann ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta i rith an gheimhridh.
- Ceadaíodh uasghráduithe seirbhíse geimhridh ar fud líonra na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear naoi leatóir salainn réamhfhluchtá nua, uasghráduithe ar shé iosta stórála salainn agus suiteáil sáithitheoirí sáile, ag tacú le haistriú BIÉ go hoibríochtaí salainn réamhfhluchtá níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
- I gcomhar leis an Roinn Iompair, cuireadh chun cinn iosta stórála straitéiseach salainn nua i Sligeach agus táthar ag súil go mbeidh sé ag feidhmiú do shéasúr cothabhála an gheimhridh 2027–2028.

Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú

Agus é ag aithint go bhfuil rioscaí méadaitheacha ag baint le bonneagar iompair na hÉireann ó athrú aeráide agus adhaimsir, tá BIÉ ag cur oiriúnú don athrú aeráide chun cinn chun a chinntiú gur féidir gréasáin a oibriú go sábháilte i gcónaí. In 2025, chuir BIÉ tús leis an gcéad Phlean Forfheidhmithe um Oiriúnú don Athrú Aeráide, agus foilsíodh plean an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta i mí Feabhra 2026 tar éis formheas a fháil ón Roinn Iompair. Ó shin i leith, tá tús curtha leis an obair ar phleananna oiriúnaithe do shócmhainní eile atá á mbainistiú ag BIÉ, lena n-áirítear bonneagar iarnróid éadroim agus glasbhealaigh.



Oibríochtaí Líonra

In 2025, dhámh BIÉ conradh nua chun Tollán Bhaile Átha Cliath, Tollán Sheáin Uí Loinsigh, agus an Lárionad Rialaithe um Oibriú Mótarbhealaigh a oibriú. Foráiltear sa chonradh, ar luach os cionn €600 milliún é, d'oibriú fadtéarmach na sócmhainní ríthábhachtacha sin, agus ceapadh Egis Road agus Tunnel Operations mar an tairgeoir rathúil.

I rith na bliana, rinne BIÉ dul chun cinn freisin maidir le soláthar na chéad ghlúine eile de chonarthaí Cothabhála agus Oibríochtaí Mótarbhealaigh, ag cur obair ullmhúcháin chun cinn le haghaidh seachadadh seirbhíse ar fud an ghréasáin sa todhchaí. Meastar go ndámhfar na conarthaí in 2027.

Bainistiú Tollán


Coimisiúnaíodh an córas dola nua agus an córas Rialaithe Maoirseachta agus Fála Sonraí ag Tollán Bhaile Átha Cliath go hiomlán go luath in 2025. Críochnaíodh athsholáthar na gcóras a bhí ann cheana agus a bhí ag druidim le deireadh a saolré go rathúil gan cur isteach ar oibríochtaí tolláin nó ná ar thrácht.

Le coimisiúnú córas nua, tacaítear le hoibriú leanúnach sábháilte agus iontaofa Thollán Bhaile Átha Cliath agus é ag dul isteach i dtréimhse ina mbeidh athnuachan saolré agus bainistíocht sócmhainní ag éirí níos tábhachtaí.



Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú

Chun tacú le sábháilteacht agus athléimneacht fhadtéarmach sócmhainní criticiúla, d'fhoilsigh BIÉ an Plean Bainistíochta Straitéiseach Sócmhainní do Tholláin agus do Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaigh in 2024. Ina dhiaidh sin, críochnaíodh cás gnó agus Plean Forfheidhmithe 10 mbliana d'Athnuachan Sócmhainní Tollán in R1 2025.



Acomhal Dhún Citil, Co. Chorcaí

Bainistíocht Sócmhainní

Fuair BIÉ conradh nua sé bliana um Shuirbhé ar an nGréasán agus Seirbhísí Teicniúla Bainistíochta Sócmhainní, ag tacú le cur chuige níos nua-aimseartha agus níos comhtháite chun faireachán a dhéanamh ar riocht na nGréasán Bóithre Náisiúnta agus Taistil Ghníomhaigh. Leis an gconradh, tacaítear le suirbhéanna leanúnacha ar riocht ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, monatóireacht leathnaithe ar bhonneagar taistil ghníomhaigh, agus úsáid uirlisí digiteacha agus IS chumasaithe chun sonraí sócmhainní a neartú agus bonn eolais a chur faoi phleanáil cothabhála.

I rith na bliana, chríochnaigh an rannóg Bainistíochta Gréasáin plan straitéiseach um bainistíocht sócmhainní lena gclúdaítear tolláin, an Lárionad Rialaithe um Oibriú Mótarbhealaigh, agus limistéir seirbhíse mótarbhealaigh, rud a léiríonn céim thábhachtach i maoirseacht fhadtéarmach na sócmhainní criticiúla sin.

Lean BIÉ ar aghaidh ag seachadadh oibreacha athnuachana agus cothabhála sócmhainní i gcomhréir lenár gCreat Bainistíochta Sócmhainní. Tá dúshlán curtha i gceist leis an timpeallacht infheistíochta le blianta beaga anuas maidir le dul i ngleic le scála iomlán na riachtanas athnuachana ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, go háirithe de réir mar a shroicheadh sócmhainní mótarbhealaigh deireadh a saolré dearaidh. Mar thoradh air sin, leanann riaráiste oibreacha athnuachana, go háirithe athnuachan dromchlaí bóthair, de bheith ag dul i méid ar fud bóithre oidhreacht agus mótarbhealaí araon. Beidh tionchar breise ag luaineacht costais níos leithne ar sheachadadh na gclár athnuachana.

Oiriúnú don Athrú Aeráide

Le linn 2025, rinne an rannán Bainistíochta Gréasáin dul chun cinn i bhforbairt Plean Cur Chun Feidhme Oiriúnaithe Aeráide do Bhóithre Náisiúnta, ag bogadh ó intinn straitéiseach i dtreo seachadadh praiticiúil, oibríochtúil. Áiríodh leis sin foireann seachadta thiomnaithe a bhunú, bearta oiriúnaithe tosaíochta a shainiú, agus uirlisí a fhorbairt chun codanna den Ghréasán Bóithre Náisiúnta atá leochaileach ó thaobh na haeráide de a shainaithint. Rinneadh athbhreithniú ar chaighdeán freisin, chun réamh-mheastacháin aeráide amach anseo a léiriú. Foilsíodh an Plean go luath in 2026.

Córais Iompair Chliste agus Teicneolaíocht a Chur chun Feidhme

In 2025, chuir BIÉ úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, IS-chumasaithe agus geospásúla chun cinn chun tacú le bainistíocht gréasáin níos sábháilte agus níos éifeachtúla. Áiríodh leis sin trialacha ar mheasúnú reachta sócmhainní IS chumasaithe agus sonraí feithiclí ceangailte, chomh maith le forbairt uirlisí GIS nua chun tacú le hanailís a dhéanamh ar shonraí reachta meaisínbhunaithe ar fud na ngréasán bóithre náisiúnta, taistil ghníomhaigh agus glasbhealaí.

I rith na bliana, leanadh ar aghaidh le forbairt breise ar ardán Geohub BIÉ. Tá sé mar aidhm ag an ardán foinse láraithe sonraí geospásúla údarásacha agus feidhmchláir idirghníomhacha a sholáthar chun tacú le bainistíocht sócmhainní, planáil oibríochtúil, agus cinnteoireacht inmheánach. Leathnaíodh feidhmchláir GIS mhóibíleacha agus sreafaí oibre malartaithe sonraí uathoibríthe freisin, rud a neartaigh an sreabhadh faisnéise idir córais BIÉ agus príomhardáin páirtithe leasmhara.

Dromchlaí Bóthair an Ghréasáin

Riocht Dromchlaí Bóthair

Déantar faireachán bliantúil ar riocht dromchlaí bóthair faoin gConradh um Sheirbhísí Teicniúla Bainistíochta Sócmhainní, agus bailíodh sonraí ar fud thart ar 6,500 km den Ghréasán Bóithre Náisiúnta in 2025. Chuir sé sin bonn eolais faoi thuairisciú bliantúil ar riocht, cláir um dhromchlaí bóthair, agus imscrúduithe spriocdhírthe maidir le frithsheasmhacht sciortha. Cé go raibh feabhas beag ar an riocht i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, léiríonn an treocht fhoriomlán idir 2020 agus 2025 laghdú de réir a chéile ar riocht dromchlaí bóthair.

Athnuachaintí Dromchlaí Bóthair

Déantar athnuachaintí dromchlaí bóthair a sheachadadh trí chlár dromchlaí bóthair ilbhliantúil BIÉ chun oibriú sábháilte agus iontaofa a choinneáil, cur isteach ar úsáideoirí bóithre a íoslaghdú, agus luach fadtéarmach an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta a chosaint. Áirítear leis sin athnuachaintí náisiúnta agus mótarbhealaigh, scéimeanna dromchla bóthair éigeandála, agus cigireachtaí mionsonraithe chun bonn eolais a chur faoi idirghabhálacha amach anseo. Cuireadh tús leis an obair freisin ar chlár dromchlaí bóthair nuashonraithe a fhorbairt do 2027–2032, lena gcuimsítear na sonraí reachta is déanaí, rátaí aonaid athbhreithnithe, agus breithnithe tionchair comhshaoil.

Córas Bainistíochta Comhshaoil le haghaidh Dromchlaí Bóthair

In 2025, chríochnaigh BIÉ comhtháthú Chéim 2 den Chóras Bainistíochta Comhshaoil isteach inár bpróisis. Tacaíonn sé sin le measúnú ar charbón saolré agus cumasaítear leis meastóireacht a dhéanamh ar chásanna infheistíochta dromchlaí bóthair i gcoinne tionchair reachta, chostais agus gás ceaptha teasa, rud a chabhraíonn le deiseanna a aithint chun astaíochtaí a laghdú agus feidhmíocht agus luach ar airgead a choinneáil.

Prionsabal SIP 4: Feabhsúcháin Ceann go Ceann a Sholáthar

In 2025, lean BIÉ ar aghaidh de dhul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhartha faoina Straitéis Geilleagair Chiorclaigh chun luach sócmhainní lánsaol a fheabhsú. Áiríodh leis sin córas sonraí do thomhaltas acmhainní a fhorbairt chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar thionchair bainistíochta sócmhainní, agus tús a chur le cur i bhfeidhm pasanna ábhair chun tacú le bailiú sonraí feabhsaithe do shócmhainní, comhpháirteanna agus ábhair.



Athnuachan Sócmhainní Glasbhealaigh

Ó 2023 i leith, tá foireann Bainistíochta Sócmhainní Taistil Ghníomhaigh BIÉ ag déanamh maoirseacht ar athdhromchlú bóthair ar níos mó ná 40 km de bhonneagar glasbhealaigh agus ar uasghráduithe ar shócmhainní draenála, fálaithe, comharthaíochta agus marcála bóthair.

In 2025, infheistíodh €2.8 milliún in athnuachan sócmhainní glasbhealaigh ar fud ocht nglasbhealach agus seacht n-údarás áitiúla. Leis an obair sin, tacaítear le sábháilteacht, athléimneacht agus inrochtaineacht leanúnach an bhonneagair taistil ghníomhaigh. Leanamar orainn ag forbairt níos mó cuir chuige shonraíbhunaithe maidir le bainistíocht sócmhainní trí úsáid a bhaint as suirbhéanna reachta IS-chumasaithe agus meaisínbhunaithe, ag tacú le clár níos spriocdhírithe a bhfuil níos mó tosaíochtaí leagtha síos dóibh le haghaidh oibreacha athnuachana sa todhchaí.



Athshlánú agus Nearthú Droichead

Choinníomar orainn lenár gclár oibreacha athshlánaithe agus neartaithe droichead faoi Chóras Bainistíochta Droichead BIÉ, EIRSPAN. Bhí droichid, droichid iompair, agus crainn arda faoi réir 1,178 príomhiniúchadh chun a riocht a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar athrú le himeacht ama. Bhí sé sin comhdhéanta d'iniúchtaí ar 916 droichead, 227 droichead iompair, agus 35 crann ard. Rinneadh gnáthchothabháil bhliantúil ar 1,839 droichead agus lintéar bóthair náisiúnta chun sábháilteacht tráchta agus inúsáidteacht a chinntiú.

Tá ról ríthábhachtach ag droichid agus lintéir maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus iontaofacht an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta a choinneáil, ag tacú le taisteal laethúil, gluaiseacht lasta, agus nascacht réigiúnach. Rinneadh oibreacha athshlánaithe ar 18 struchtúr agus infheistíocht iomlán €3.5 milliún iontu.

I measc na bpríomhoibreacha bhí uasghrádú agus athsholáthar alt infhorbartha ag 10 ndroichead, deisiúcháin sciúrtha ag dhá dhroichead, oibreacha neartaithe ag trí dhroichead, agus athsholáthar iomlán Dhroichead an Chabháin. Ina theannta sin, cuireadh córais nua frithdheaptha 2 mhéadar ar airde in ionad uchtbhallaí srianta feithiclí ag Droichead Ospidéal Uí Chonghaile an N3 mar chuid de thionscadal píolótach idirghabhála i dtaca le féinmharú.

An Todhchaí

- In 2026, cuirfidh BIÉ tús le hathnuachan mhór ar Luacháil Sócmhainní Bóithre Náisiúnta, agus na figiúirí atá leagtha amach sa tuarascáil luachála is déanaí a foilsíodh in 2021 á nuashonrú.
- Garspíoc thábhachtach a bheidh i gceist sa bhliain freisin le foilsiú Plean Straitéisigh um Bainistíocht Sócmhainní do na codanna den Ghréasán Bóithre Náisiúnta atá á mbainistiú ag údarais áitiúla agus lena gclúdaítear thart ar 4,000 km de charrbhealaí singile. Comhlánóidh sé sin an tsraith Pleananna Straitéiseacha um Bainistíocht Sócmhainní, ag bunú creat cuimsitheach uile-chórais um bainistíocht sócmhainní do bhonneagar bóthair lena bhfuil tábhacht náisiúnta.



N25 Crosaire Chearúill, Port Láirge

Bonneagar Breoslaí Malartacha



Tá BIÉ freagrach as pleanáil agus seachadadh bonneagair athluchtaithe feithiclí leictreacha agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta. Áirítear leis sin athluchtú feithiclí leictreacha do ghluaisteáin, veaineanna agus feithiclí tromshaothair, athbhreoslú hidrigine d'fheithiclí tromshaothair, agus forbairt bonneagair sonraí tacaíochta chun oibleagáidí na hÉireann faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) a chomhlíonadh.

De réir mar a dhíríonn an beartas náisiúnta níos mó ar sheachadadh, tá tús curtha ag an Rialtas le haistriú príomhfheidhmeanna a bhaineann le bonneagar de chuid Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) go BIÉ. Lena linn 2025, d'oibrigh BIÉ go dlúth leis an Roinn Iompair chun ullmhú don aistriú seo ar fud rialachais, acmhainní agus cumarsáide. Tá an t-aistriú á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe chun leanúnachas seachadta a choinneáil, agus sainaitheandh deireadh na chéad ráithe de 2026 mar sprioc maidir le pearsanra ZEVI a aistriú chuig feidhm Bhonneagar Breoslaí Malartacha BIÉ.

Lean seachadadh bonneagair athluchtaithe feithiclí leictreacha ag na hidir achair riachtanacha ar Chroíghréasán agus Gréasán Cuimsitheach TEN T i rith 2025, le tacaíocht trí thrí scéim deontais lenar eisíodh tairiscintí i rith na bliana. Bhunaigh BIÉ Oifig Sonraí thiomnaithe freisin, agus an Oifig Clárúcháin Aitheantais agus an tArdán Malartaithe Sonraí araon ag teacht i bhfeidhm in 2025. Neartaíonn sé sin cumas sonraí náisiúnta agus tacaíonn sé le comhlíonadh na gceanglas rialála.

Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú



Chuaigh BIÉ i dteagmháil go forleathan leis an Roinn Iompair chun bonn eolais a chur faoi tosaíochtaí agus gníomhartha a fhorbairt don dara atriall den Phlean Oiriúnaithe Earnála Iompair, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gceardlanna trasearnála na Roinne. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Roinn chun na gníomhartha sonracha a shanntar do BIÉ faoin bPlean a chur i bhfeidhm.

Prionsabal SIP 5: Aistriú chuig Neodracht Astaíochtaí



Fuair an Scéim Deontais um Cheannach Feithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha 2025 23 iarratas ar 68 feithicil agus focadh €1.4 milliún i ndeontais chun tacú le ceannach 37 feithicil leictreach, lena n-áirítear 25 veain, 9 dtrucail agus 3 bhus aon stóir. Osclaíodh iarratais ar na scéimeanna ZEHDV-I agus ZEHDV-II i mí Feabhra 2025, le 12 iarratas ar ZEHDVII faoi dheireadh 2025, lenar tairgeadh os cionn 2MW de chumas luchtaithe.

Luchtú leictreach @Adobe Stock

Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh

Oibríonn BIÉ naoi n-ionad seirbhíse, faoi shocruithe CPP, ag sé láthair feadh an ghréasáin mótarbhealaí. Tá dhá chineál i gceist: áiseanna ag a bhfuil dhá thaobh a fhreastalaíonn ar gach treo den trácht, nó áiseanna ag a bhfuil taobh amháin a fhreastalaíonn ar an dá threo trí acomhal bóithre tiomnaithe. Tá siad suite sna háiteanna seo a leanas:

- Tráinse 1: M1 Lusca, M1 Baile an Ghearlánaigh, M4 An Bóthar Buí (dhá thaobh acu ar fad)
- Tráinse 2: M6 Baile Átha Luain, M9 Cill Chuillinn, M11 Guaire (taobh amháin acu uile)

In 2025, cuireadh clár suntasach oibreatha athnuachana, uasghrádaithe agus feabhsúcháin inrochtaineachta i gcrích ar fud limistéir seirbhíse Thráinse 1 agus Thráinse 2 araon. Áiríodh leis sin uasghráduithe ar áiseanna leithris phoiblí, áiseanna friothála ar naíonáin agus áiteanna chun clúdíní a athrú, feabhsuithe ar limistéir mhiondíola agus tairiscintí bia áise, agus spásanna súgartha nua do leanaí a shuiteáil. Cuireadh tús freisin le hoibreacha chun bonneagar réamhchúirteanna a uasghrádú chun tacú le tairiscintí breosla feithiclí tromshaothair sa todhchaí.

Scéimeanna Deontais um Cheannach

Leanadh ar aghaidh le híocaíochtaí dreasachta faoi na scéimeanna Feithiclí Tromshaothair Astaíochtaí Nialasacha agus feithiclí tromshaothair a bhreoslaítear go malartach i rith 2025, ag tacú leis an aistriú chuig flíteanna lena ngabhann astaíochtaí níos ísle. Íocadh €1.57 milliún san iomlán le hiarratasóirí, agus méadaíodh an méid spéise a bhí ann ó oibreoirí bus i gcomparáid le blianta roimhe sin.



Prionsabal SIP 5: Aistriú chuig Neodracht Astaíochtaí

Ghlac Aistriú chuig Bonneagar Breoslaí Malartacha páirt i rannpháirtíocht páirtithe leasmhara leis an Roinn Iompair do Chéim 3 de staidéar hidrigine an Oileáin Chomhroinnte – Réigiún an Oirthir agus ghlac sé páirt san athbhreithniú ar Thuarascáil ZEVI um Chonair Leictirthe HDVanna.




M11 Ionad Seirbhíse Chuaire, Loch Garman

Bonneagar Athluchtaithe ZEVI BIÉ le haghaidh Feithiclí Saothair Éadroim (LDV), Céimeanna 1-3 den Scéim Deontais do Bhóithre Náisiúnta

Léarscáil léiritheach de láithreáin rathúla

- Láithreáin iarrthóirí rathúla Chéim 1
(beidh comhthiomsú athluchtaithe 1200kW+ ag gach láithreán)
- Láithreáin iarrthóirí rathúla Chéim 2
(beidh comhthiomsú athluchtaithe 300kW+ ag gach láithreán)
- Láithreáin iarrthóirí rathúla Chéim 3
(beidh comhthiomsú athluchtaithe 100kW+ ag gach láithreán)





Acomhal 7, M50, Baile Átha Cliath



Oibríochtaí Tráchtála

Gnóthaí Luas agus Dola

Cuimsítear le hOibríochtaí Tráchtála BIÉ bainistíocht ghréasán iarnróid éadroim Luas agus gníomhaíochtaí dola ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta, rud a léiríonn an ról atá againn maidir le tacú le príomhchórais iompair phoiblí agus muirearaithe úsáideoirí bóithre in Éirinn.

Déanann BIÉ an t-ioncam ó dholaí a athinfheistiú i gcothabháil, athnuachan agus cosaint an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, ag tacú le riocht fadtéarmach bonneagair bóithre atá sábháilte, iontaofa agus athléimneach. Déanann BIÉ athinfheistíocht i ngréasán Luas trí bhainistíocht sócmhainní saolré, athnuachan agus feabhsú córais, ag tacú le hoibriú leanúnach sábháilte agus éifeachtúil ghréasán iarnróid éadroim Bhaile Átha Cliath.

Buaicphointí Feidhmíochta Luas 2025



55 Milliún

Aistear Paisinéara, méid a bhí ní ba mhó ná riamh




Os cionn

4.4 Milliún

ciliméadar Tram a taistealaíodh



Léirítear le taighde custaiméirí BIÉ go ndéanann **naonúr as gach deichniúr** paisinéirí Luas rátáil dhearfach ar a dturas



Na Stadanna is Gnóthaí ar an Líonra in 2025


Sócmhainní Iarnróid Éadroim



43km de Rianta



81 Tram



67 Stad



41 Droichead



3 Iosta



22 Fostáisiún



7 Láithreán Páirceáil agus Taisteal



Rialú & Smacht



Bainistíocht Iarnród Éadrom Luas

Déanann BIÉ maoirseacht ar oibriú, ar chothabháil, agus ar bhainistíocht sócmhainní ghréasán Iarnróid Éadrom Luas i mBaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Áirítear le freagrachtaí BIÉ bainistiú ar chonradh oibríochtaí agus cothabhála Luas le hOibreoir Luas, chomh maith leis an méid seo a leanas:

- Maoirseacht ar chúrsaí sábháilteachta oibriúcháin;
- Beartas maidir le ticéadú agus táillí taistil, bainistíocht buiséid agus ioncam, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair;
- Bainistíocht sócmhainní saolré agus athnuachan ar bhonneagar agus rothstoc Luas;
- Socrú amchláir agus pleanáil seirbhíse;
- Maoirseacht ar fhógraíocht agus ar sholáthar eolais margaíochta agus phoiblí; agus
- Bainistíocht páirtithe leasmhara a dhéanann idirphlé le Luas, amhail pleanáil agus forbairt.

Ba bhliain eile thar na bearta é 2025 do Luas, ina ndeachaigh líon na bpaisinéirí os cionn 55 milliún ar fud na línte Dearga agus Uaine. Is é Luas an t-iarnród is gnóthaí in Éirinn anois ó thaobh pátrúnachta de, rud a léiríonn fás leanúnach ar leibhéal seirbhíse agus ar éileamh na gcustaiméirí araon, chomh maith leis an ról lárnach atá aige maidir le hiompar poiblí iontaofa, ardlinn paisinéirí a sholáthar do Bhaile Átha Cliath.



Prionsabal SIP 5: Aistriú chuig Neodracht Astaíochtaí



I gcomhréir lena Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, rinne BIÉ triail iarfheistithe soilsithe rothstoic ar Líne Uaine Luas in 2025. Sa triail, cuireadh lampaí LED in ionad soilsiú fluaraiseach ar thram amháin agus meastar go laghdóidh sé sin úsáid leictreachais eangaí 18,510 kWh in aghaidh na bliana, agus costais chothabhála á n-íslíú freisin trí riachtanais comhpháirteanna agus saothair a laghdú.

Iarnród Éadrom a Nearthú agus Pleanáil Infheistíochta Sócmhainní

De réir mar a leanann an t-éileamh ar Luas ag méadú, bíonn tionchar ag aois agus riocht na gcróishócmhainní ar a fheidhmíocht. De réir mar a shroicheann córais nó de réir mar a sháraíonn siad a saolré dhearaidh beartaithe, méadaíonn an baol teipe ar fud grúpaí sócmhainní sonracha, go háirithe i gcás ina bhfuil comhpháirteanna díghrádaithe nó imithe i léig. Gan athnuachan thráthúil, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar na rioscaí sin.

Mar fhreagra, sheol BIÉ tionscnamh um Iarnród Éadrom a Nearthú, chomh maith le feidhm thiomnaithe Bainistíochta Líonra Iarnróid Éadrom. Le tacaíocht ó cheapachán Príomh-Innealtóra, tá an clár dírithe ar chumas eagraíochtúil agus cumas seachadta a fheabhsú, córas láidir bainistíochta sócmhainní a thabhairt isteach do Luas, agus aghaidh a thabhairt ar riaráiste méadaitheach de riachtanais athnuachana sócmhainní agus feabhsaithe gréasáin.



Duga Sheirse, Baile Átha Cliath

In éineacht leis sin, rinneadh foirne atá ann cheana a aistriú agus earcaíodh ról chriticiúla bainistíochta sócmhainní agus seachadta tionscadail in 2025, ag neartú maoirseacht inmheánach agus cumas teicniúil. Tá sé beartaithe na foirne inmheánacha a neartú a thuilleadh in 2026, a mbeidh tagarmharcáil le gníomhaireachtaí iarnróid éadroim piaraí san Eoraip agus sa Ríocht Aontaithe mar bhonn eolais faoi.

I rith na bliana, chuir BIÉ tús le measúnú mionsonraithe ar an infheistíocht a theastaíonn chun iarnród éadrom sábháilte, iontaofa agus athléimneach a choinneáil agus chuir sé an anailís seo faoi bhráid an Rialtais. Cuimsíonn an measúnú athbhreithniú cuimsitheach ar chatagóirí sócmhainní amhail rothstoc, cumhacht, fuinneamh agus córais chumarsáide. Léirítear le meastacháin neamhspleácha a d'ullmhaigh innealtóirí gairmiúla go bhfuil gá le clár infheistíochta sócmhainní ar luach thart ar €1.8 billiún é thar thréimhse 20 bliain, arb ionann é agus €90 milliún ar an meán in aghaidh na bliana i bpraghsanna 2025. I gcomparáid leis sin, is ionann infheistíocht sócmhainní le cúig bliana anuas agus thart ar €12 milliún in aghaidh na bliana.

Tá BIÉ i mbun rannpháirtíocht ghníomhach le ÚNI freisin chun clár struchtúrtha infheistíochta sócmhainní deich mbliana agus imchlúdach maoinithe ilbhliantúil cúig bliana a chomhaontú, in éineacht le deiseanna chun próisis cheadaithe a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail athnuachana sócmhainní. Tá clár tosaíochta d'infheistíochtaí sócmhainní ardriosca agus ardtosaíochta á ullmhú do 2026, le fócas ar chórais chumhachta, fuinnimh agus chumarsáide, agus é mar aidhm aige dlús a chur le seachadadh sna trí bliana amach romhainn.

Atógáil Dhroichead Dhuga Sheirse

Ar an 19 Lúnasa 2025, rinneadh damáiste suntasach do chuid thábhachtach den bhonneagar ar Líne Dhearg Luas mar thoradh ar eachtra thromchúiseach dhóiteáin ag Droichead Dhuga Sheirse i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath, rud a d'fhág go raibh gá le seirbhísí idir Conghaile agus an tIosta a chur ar fionraí. Níor gortaíodh aon phaisinéir Luas, ball foirne ná duine den phobal.

D'oibrigh BIÉ go dlúth lenár gcomhpháirtithe seachadta agus conraitheoirí chun an struchtúr damáiste a scartáil go sábháilte agus droichead athsholáthair a dhearadh agus a thógáil. Trí dhianchlár comhoibríoch oibreacha, athshlánaíodh seirbhísí iomlána Líne Dhearg Luas laistigh de thréimhse 12 seachtaine, rud a ghiorraigh go suntasach clár a thógfadh breis is naoi mí de ghnáth.

Léirigh an fhreagairt ar an eachtra seo láidreachta ár gcur chuige comhpháirtíochta ar fud an tslabhra soláthair, chomh maith le comhordú éifeachtach le ÚIN, an Roinn Iompair, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Coimisiún um Rialáil Iarnróid. Bhí slógadh tapa, cuntasacht shoiléir, rochtain ar shonraí struchtúracha cruinne, agus creataí láidre soláthair agus rialachais mar bhonn leis an toradh rathúil, rud a d'fhág go rabhthas in ann rioscaí a bhainistiú go gníomhach agus oibreacha a chur chun cinn go sábháilte agus go héifeachtúil laistigh d'amlínte gearra.

Cuireadh seirbhísí iomlána paisinéirí ar bun arís tar éis na hoibreacha a chríochnú go rathúil agus na ceaduithe sábháilteachta riachtanacha a fháil, rud a athchóirigh nasc rithábhachtach iompair phoiblí i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath.

Custaiméirí Luas

Cuir aithne ar an mBainisteoir

Chuir BIÉ agus an t-oibreoir Luas, Transdev, trí sheisiún rannpháirtíochta Cuir aithne ar an mBainisteoir ar bord an Luas in 2025. Mar chuid de na seisiúin sin, chuaigh comhghleacaithe ag taisteal ar sheirbhísí Luas chun bualadh le custaiméirí go díreach agus aiseolas a bhailiú ar réimse topaicí, lena n-áirítear cáilíocht na seirbhíse, sábháilteacht agus eispéireas an chustaiméara. Tugadh léargas luachmhar leis an tionscnamh agus treisíodh leis an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht dhíreach le paisinéirí mar chuid d'fheabhsú leanúnach seirbhíse.

Aistriú seirbhíse do chustaiméirí chuig Ionad Cabhrach TFI

Ar an 25 Feabhra, d'aistrigh Luas a chuid glaonna ar sheirbhís do chustaiméirí chuig Ionad Cabhrach Transport for Ireland (TFI). Is tionscnamh faoi stiúir ÚIN an t-ionad glaonna comhdhlúite sin atá deartha chun eispéireas seirbhíse comhtháite do chustaiméirí a sholáthar do phaisinéirí ar fud seirbhísí iompair phoiblí in Éirinn.

Coinníodh uimhir Sheirbhís do Chustaiméirí Luas le haghaidh feidhmeanna sonracha a leanann de bheith á mbainistiú go díreach ag Luas, lena n-áirítear íocaíochtaí Fógraí Táille Caighdeánaí agus fiosrúcháin maidir le páirceáil gluaisteán.

Tá an t-aistriú chuig Ionad Cabhrach TFI á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Is éard atá i gceist leis an gcéad chéim eile ná gach fiosrúchán ríomhphoist Luas a dhíriú chuig an ardán nua seirbhíse do chustaiméirí, atá beartaithe do thús na bliana 2026.

Feabhsúcháin & Uasghrádaithe

Athnuachaintí Sócmhainní Saolré

Mar chuid dár gcur chuige leanúnach maidir le hathnuachan sócmhainní saolré, tá BIÉ ag plé le BSL chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le painéil ghréine a shuiteáil in aice le bonneagar iompair atá faoi shainchúram BIÉ. Tá an obair sin dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus suíomhanna píolótacha oiriúnacha a aithint. Leanfaidh na himscrúduithe tosaigh ar aghaidh go dtí 2026, agus tá tionscadail phíolótacha beartaithe chun inmharthanacht theicniúil agus oibríochtúil a thástáil.

Conradh Oibriúcháin agus Cothabhála Luas


In 2025, chuir BIÉ soláthar do Chonradh Oibriúcháin agus Cothabhála nua Luas chun cinn. Tá an conradh deartha chun tacú leis an éileamh atá ag fás ar sheirbhísí Luas, le béim ar cháilíocht, iontaofacht agus feidhmíocht seirbhíse.

Is ar feadh téarma seacht mbliana ar dtús a bheidh an conradh, a bhfuil luach thart ar €1.3 billiún aige, agus beidh rogha ann ansin síneadh sé bliana eile a chur leis. Foráiltear ann do roinnt feabhsúcháin, lena n-áirítear amchlár leathnaithe le seirbhísí buaic-ama breise ó 2027 agus síneadh Luas Fhionnghlaise a ionchorprú.

I mí an Mhárta 2026, bhronn BIÉ agus an ÚIN an conradh ar KeolisAmey, agus cuirfear tús le hoibríochtaí an 1 Meán Fómhair 2026. Sna míonna amach romhainn, éascóidh an t-oibreoir reatha, Transdev, aistriú struchtúrtha chuig an oibreoir nua. Tá BIÉ ag súil go n-aistreoidh formhór fhoireann Luas chuig KeolisAmey i gcomhréir leis na rialacháin um Aistriú Gnóthas, rud a thacaíonn le leanúnachas seirbhíse agus saineolas oibríochtúil.

Tairiscint BIÉ um rothstoic

I rith na bliana, chuir BIÉ ár straitéis soláthair rothstoic chun cinn freisin chun tacú le riachtanais flít sa toadhcháil. Fuair ceithre sholáthróir tram réamhcháilithe cáipéisí tairisceana chun tramanna nua a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sna 15 bliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin, ag tosú le hathsholáthar an fhlíit reatha ar an Líne Dhearg. Chuir beirt mhonaróirí tram tairiscintí isteach chun tramanna Luas a sholáthar do thionscadail amach anseo thar thréimhse 15 go 20 bliain, ag tacú le pleananna um athnuachan flít agus leathnú an ghréasáin.





Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

Teagmhas Bhriseadh Cumhachta Luas

I mí na Nollag 2025, mar thoradh ar locht suntasach, cailleadh cumhacht leictreach ar fud líonra Luas, rud a d'fhág gur cuireadh seirbhísí ar fionraí ar an Líne Uaine ar fad agus ar chuid den Líne Dhearg. Chuir an teagmhas isteach go forleathan ar sheirbhísí ar fud Bhaile Átha Cliath thar thréimhse dhá lá.

Leag an briseadh cumhachta béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gcóras iarnróid éadroim maidir le tacú le soghluaisteacht ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ní hamháin gur gné lárnach den ghréasán iompair phoiblí é Luas, ach is cuid lárnach d'fheidhmiú na cathrach é, agus tá acmhainn mhalartach teoranta ar fáil i gcás cur isteach ar fud an chórais.

Tar éis na heachtra, rinne BIÉ athbhreithniú struchtúrtha chun réimsí tosaíochta a shainaithint chun feidhmíocht, athléimneacht agus téarnamh an chórais a neartú. Tá an obair sin á cur chun cinn i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara agus soláthraithe agus tá sí dírithe ar na nithe seo a leanas:

- Próisis aitheantais agus ceartúcháin lochtanna a fheabhsú;
- Socruithe athshlánaithe tram agus imréitigh gréasáin a neartú;
- Feabhas a chur ar mhonatóireacht ar riocht sócmhainní agus ar infheictheacht an chórais;
- Aghaidh a thabhairt ar leochaileacht agus athléimneacht an chórais ar fud an ghréasáin; agus
- Cumarsáid agus comhordú páirtithe leasmhara a fheabhsú le linn teagmhas.

Tá na gníomhartha seo mar chuid de chlár oibre níos leithne BIÉ chun Bainistíocht Sócmhainní Iarnróid Éadroim, planáil athléimneachta agus ullmhacht oibríochtúil a neartú, ag aithint ról ríthábhachtach Luas i gcóras iompair Bhaile Átha Cliath.



Sracfhéachaint: Oibríochtaí Dola 2025

M50 eFlow



Meántrácht Laethúil

161,812
Mótarfheithicil

Comhlíontacht

97.29%

Líon Iomlán na dTuras

59
milliún

Ioncam Dola

€216
milliún



Tollán Bhaile Átha Cliath



Meántrácht Laethúil

28,172
Mótarfheithicil

Trácht faoi réir táillí dola

67%

Líon Iomlán na dTuras

10.3
milliún

Ioncam Dola

€35
milliún



Idir-inoibritheacht



Turais dola leictreonacha idir-inoibritheacha

71.3
milliún

Líon na n-úsáideoirí clibeanna dola

1
milliún

Luach idirbheart

€254
milliún



Oibriochtaí Dola

Baineann tuairim is dhá mhilliún gluaisteánaí intíre agus eachtrach leas as bóithre dola an M50 agus Thollán Bhaile Átha Cliath gach bliain. Déantar an glanioncam a bhailítear, ollioncaim lúide costais oibriúcháin, cánacha, agus rátaí údaráis áitiúil, a infheistiú in oibriú agus i gcothabháil an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, rud a laghdaíonn an brú ar riachtanais chistiúcháin an Stáitchiste. I measc na bhfreagrachtaí atá ar BIÉ tá:

- Bainistíocht ar oibriú dola eFlow an M50 agus ar bhailiúcháin dolaí Thollán Bhaile Átha Cliath;
- Leibhéil chomhlíonta ar dhola eFlow an M50 a bhainistiú;
- Na socruithe idir-inoibritheachta náisiúnta a bhainistiú; agus
- Pleanáil straitéiseach a bhaineann le héabhlóid na hearnála dolaí in Éirinn de réir bheartais an Rialtais agus an AE maidir le muirearú úsáideoirí agus maoiniú bonneagair. Áirítear leis seo pleanáil leis na dolabhóithre CPP a chur ar ais chuig BIÉ idir 2030 agus 2040.

Córas Dola eFlow ar an M50

Tháinig méadú eile ar an méid tráchta, agus ar an ioncam ó thrácht, ar Dhola eFlow an M50 in 2025. Ba é an Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) ná 161,812 turas, arb ionann sin agus méadú 2% ar an mbliain roimhe sin. Cláraíodh timpeall 59 milliún turas ar an M50 i rith na bliana, ar méadú 2% é sin freisin i gcomparáid le 2024.

Ba é €216 milliún an t-ioncam iomlán dola in 2025, rud a léiríonn méadú 2%. 97.29% ab ea an ráta comhlíontachta measta iomlán maidir le dolaí, ar aon dul le blianta beaga anuas den chuid is mó.



Dola Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath

In 2025, ba é an AADT do Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath ná 28,172, méadú 6%. Le linn na bliana, cláraíodh timpeall 10.3 milliún turas tríd an tollán, ar méadú 5% é sin i gcomparáid le 2024. Astu sin, aicmíodh 67% díobh mar thrácht dola, faoi réir táillí dola, agus aicmíodh 33% díobh mar thrácht nach bhfuil faoi réir táillí dola, de réir Fhodhlíthe Thollán Bhaile Átha Cliath.

B'ionann an tloncam ó Dholaí do Thollán Bhaile Átha Cliath in 2025 agus €35 milliún, arna bhailiú ó 6.9 milliún turas a bhí faoi réir dola. Is ionann sin agus méadú 11%.

Idir-Inoibritheacht Dolaí

In 2025, rinneadh feabhsuithe ar an Ardán Bainistíochta Idir-inoibritheachta (IMP), lena n-áirítear feidhmiúlacht tuairiscithe mhéadaithe a chur leis bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara. I rith na bliana, rinneadh tuairisciú díospóidí a uathobriú, ag bogadh ó phróiseas de láimh go hinfhaighteacht fíor ama trí Limistéar Bhaill eToll.ie.

Phróiseáil an IMP 71.3 milliún idirbheart dola san iomlán in 2025, arb ionann iad agus luach airgeadais thart ar €254 milliún. B'ionann sin agus méadú 4% ar líon na n-idirbheart agus méadú 6% ar an luach airgeadais i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. San iomlán, cláraíodh 151,946,967 turas ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta (seachas an Nascbhóthar Thoir), arb ionann é agus méadú 3% ar 2024. B'ionann idirbhearta Ríomhbhailiúcháin Dolaí (ETC), lena n-áirítear turais ar an M50, agus 93,160,147 i rith na bliana, arb ionann sin agus méadú 4%. Astu sin, próiseáladh 71,296,138 idirbheart ETC tríd an IMP.

In 2025, cuireadh cáipéisíocht ar nós imeachta creidiúnaithe na Seirbhíse Eorpaí Ríomhbhailiúcháin Dolaí i gcrích agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin BIÉ í. Sroicheadh an chloch mhíle 1 mhilliún úsáideoir clibe i rith na bliana, agus cuireadh tús leis an ullmhúchán ar Chreat-chomhaontú Idir-inoibritheachta den chéad ghlúin eile, sula rachaidh an comhaontú reatha in éag i mí an Mhárta 2026.



M50 Toll
Is é An Dola Reimh
20.00 Amárach
Ná Gearrfaí Plonóis
PAID TOLL BY 20.00
TOMORROW
OR PENALTIES APPLY
www.eflow.ie
0818 50 10 50

www.eflow.ie payzone 0818 50 10 50
M50 Toll **M50 Toll**

Seirbhísí Gairmiúla



Tacaíonn an rannán Seirbhísí Gairmiúla le hobair BIÉ trí threoir speisialaithe agus soláthraíonn sí tacaíocht theicniúil sna réimsí seo a leanas:

1. Pleanáil Straitéiseach agus Iompair;
2. Seandálaíocht agus Oidhreacht;
3. Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil;
4. Caighdeán agus Taighde; agus
5. Sábháilteacht ag BIÉ:
 - Sábháilteacht ar Bhóithre
 - Sláinte agus Sábháilteacht Tógála
 - Sábháilteacht Iarnróid Éadroim.

Pleanáil Straitéiseach agus Iompair

Soláthraíonn Pleanáil Straitéiseach agus Iompair (PSI) an anailís straitéiseach agus an fhianaise a thugann bonn eolais faoi phleanáil agus breithmheas ar fud líonraí BIÉ. Tá an fhoireann i gceannas ar staidéir straitéiseacha, anailís iompair, agus taighde chun riachtanais iompair reatha agus amach anseo a mheas ar fud gréasáin Bóithre Náisiúnta, Iarnróid Éadroim, Taistil Ghníomhaigh, agus Glasbhealaí.

Forbraíonn agus bainistíonn PSI an tSamhail Iompair Náisiúnta agus uirlisí anailíseacha gaolmhara, ag tacú le measúnú ar thionscadail iompair agus ag cur bonn eolais faoi thosaíochtaí náisiúnta agus eagraíochtúla. Ina theannta sin, tá sé i gceannas ar fhorbairt agus ar nuashonrú treorach breithmheasa do thionscadail atá maoinithe ag BIÉ, ag ailíniú cinntí infheistíochta le beartas agus dea-chleachtas an Rialtais.

Le linn 2025, lean PSI ag déanamh cumarsáide maidir le feidhmíocht agus úsáid tríd an bhfoilseachán bliantúil Táscaire Feidhmíochta Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí, deais glasbhealaí na Meastachán um Shoghluaisteacht agus Luach Taobh Amuigh (MOVE), agus staidéar Meastóireachta Tionchair Sheachbhóthar Baile Bhuirne / Baile Mhic Íre. Ba é sin an dara ceann sa tsraith staidéir a fhéachann le measúnú a dhéanamh ar thionchar scéimeanna seachbhóthar arna maoiniú ag BIÉ ar phobail áitiúla.

Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú



Chun tacú le haistriú córa iompair, sábháilteacht úsáideoirí bóthair a fheabhsú agus eispéireas taistil a fheabhsú, leanann BIÉ lena Straitéis Páirceála agus Comhroinnte a chur i bhfeidhm, ag soláthar áiseanna páirceála slána, saintógtha. Tar éis áis Pháirceála agus Chomhroinnte a sheachadadh go rathúil ar an M1 i gContae Lú in 2023, rinne BIÉ an straitéis a nuashonrú agus a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun tacú le feidhmiú céimneach níos leithne.





Seandálaíocht agus Oidhreacht

Is é príomhchuspóir an rannáin um Sheandálaíocht agus Oidhreacht an tionchar a bhaineann le cláir BIÉ a laghdú an oiread agus is féidir. Rinne BIÉ bainistiú i rith 2025 ar sheandálaíocht, oidhreacht thógtha agus chultúrtha ar 255 scéim, lenar áiríodh 139 scéim Bóithre Náisiúnta, 111 scéim Glasbhealaigh agus cúig scéim iompair phoiblí. I measc na n-oibreacha bhí iniúchtaí agus tochailtí seandálaíochta, suirbhéanna oidhreachta tógtha, staidéir phailéithimpeallachta, agus monatóireacht seandálaíochta ar ghníomhaíochtaí foirgníochta.

Foilsíodh treoir nua agus nuashonraithe chun tacú le bainistiú comhsheasmhach agus trédhearcach na hoidhreachta cultúrtha. Le hOidhreacht Chultúrtha: Teagmháil leis an bPobal, leagtar amach beartas agus nósanna imeachta BIÉ maidir le faisnéis a roinnt leis an bpobal i dtaca le seandálaíocht, oidhreacht thógtha, tírdhreach, oidhreacht iniompartha, agus oidhreacht dholáimhsithe. Rinneadh nuashonrú freisin ar na Treoirínte maidir le Measúnuithe Tionchair ar

Oidhreacht Chultúrtha le haghaidh Thionscadail Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí BIÉ tar éis teagmháil le páirtithe leasmhara.

Cuireadh feabhas suntasach ar rochtain dhigiteach ar acmhainní oidhreachta BIÉ i rith na bliana. Seoladh Tairseach Bailiúcháin Oidhreachta Digití BIÉ i mí an Mheithimh 2025 i gcomhthráth le Laethanta Seandálaíochta na hEorpa, ag soláthar rochtain phoiblí ar ábhar oidhreachta BIÉ atá á óstáil ar Stór Digiteach na hÉireann agus ar shuíomh gréasáin BIÉ. Foilsíodh Mapa Scéala nua dar teideal Le hImeacht na mBlianta ar Mhótarbhealach M7/M8 freisin chun an t-ábhar seo a thaispeáint. Bhí an tairseach ar an ngearrliosta do dhá ghradam náisiúnta ag Gradaim um Chlaohlú Digiteach na hEarnála Poiblí agus ag Gradaim Ríomhsheirbhísí an Rialtais.

Eisíodh foilseachán seandálaíochta amháin i mí na Nollag 2025: Oidhreacht 16 BIÉ – Tírdhreacha le Ginealach: Fionnachtana Seandálaíochta feadh Mhótarbhealach M9 i gCill Dara Theas.

Bhí rannpháirtíocht an phobail fós ina fhócas láidir in 2025, agus chuir BIÉ clár ar fáil do Sheachtain na hOidhreachta ina bhfuil seacht n-imeacht ar fud na tíre. I measc na ngníomhaíochtaí bhí taispeántais, cuairteanna láithreáin, féilte, agus seimineár náisiúnta, a mheall thart ar 2,400 duine. Buaicphointe ab ea comhoibriú BIÉ le Cumann Seandálaithe Óga na hÉireann, ag tacú le taighdeoirí luathghairme ag seimineár náisiúnta Sheachtain na hOidhreachta in Acadamh Ríoga na hÉireann.



Féile na Lochlannach ag Baile na Coille, Seachtain na hOidhreachta 2025

Rannchuidigh BIÉ freisin ar leibhéal Eorpach i rith na bliana. Chomhscríobh seandálaithe BIÉ treoirlínte Chomhairle Seandálaíochta na hEorpa maidir le húsáid scanta léasair aerbheirthe (LiDAR) sa tseandálaíocht, agus cuireadh an obair sin i láthair ag cruinniú 2025 Chomhairle Seandálaíochta na hEorpa in Gdansk na Polainne.

Ag féachaint ar aghaidh go dtí 2026, tacóidh BIÉ le foireann thiomnaithe seandálaíochta agus oidhreacht a bhunú do MetroLink, leanfaidh sé ar aghaidh ag neartú acmhainne laistigh den earnáil, agus spreagfaidh sé tuilleadh rannpháirtíocht le seandálaithe luathghairme trí thionscadail agus cláir BIÉ.

Prionsabal SIP 6: Luach Iomlán a Chruthú don tSochaí

I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh BIÉ a Uirlis Mhéadrach Bithéagsúlachta, a bhfuil sé mar aidhm aici caillteanas bithéagsúlachta a íoslaghdú agus torthaí éiceolaíochta a fheabhsú ar fud shaolré iomlán na dtionscadal, ó dhearadh go hiarthógáil. Is í an uirlis seo an chéad uirlis dá leithéid d'údaráis iompair na hÉireann agus tá sí éigeantach do gach tionscadal nua bóthair, glasbhealaigh agus iarnróid éadroim, rud a thacaíonn le bonneagar níos athléimní agus níos inbhuanaithe a sheachadadh.



Dealg Ard an tSeanbhaile, Scéim Bóthair
ó Fhaing go Luimneach

Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil

Lean an Rannán um Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil (EP&C) ar aghaidh de ról lárnach a bheith aige maidir le tacú le tiomantas BIÉ do mhaoirseacht chomhshaoil ar fud na ngréasán Bóithre Náisiúnta, Iarnróid Éadroim, agus Taistil Ghníomhaigh agus Glasbhealaí. Soláthraíonn an Rannán treoir atá speisialaithe ó thaobh cúrsaí teicniúla, dlí agus beartais de d'fhoirne tionscadail le linn na gcéimeanna pleanála, dearaidh, tógála agus oibríochtúla de sheachadadh bonneagair.

Cuimsíonn obair EP&C raon disciplíní comhshaoil, lena n-áirítear athrú aeráide agus measúnú carbóin, bithéagsúlacht (lena gcuimsítear éiceolaíocht, pleanáil agus cothabháil tírdhreacha), bainistíocht dramhaíola, cáilíocht aeir, torann agus creathadh, ithreacha agus geolaíocht, agus bainistíocht uisce dromchla, screamhuisce agus draenála. Cinntíonn an Rannán go gcomhlíonann BIÉ a chuid oibleagáidí faoi reachtaíocht náisiúnta agus AE i leith an chomhshaoil, agus go ndéanann sé dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn a leabú i ngach clár.

Éacht suntasach in 2025 ba ea deimhniú ISO 14001 a bhaint amach d'Oifigí Shráid Gheata na Páirce BIÉ, ar chloch mhíle thábhachtach é sin in iarrachtaí bainistíochta comhshaoil na heagraíochta. Chuir EP&C tacaíocht thábhachtach ar fáil ar feadh an phróisis deimhniúcháin.

Ina theannta sin, tugann an Rannán faoi scagadh Measúnachta Cuí le haghaidh tionscadail agus cláir atá á mbainistiú ag BIÉ. De réir na gceanglas reachtúil, lean EP&C ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha comhshaoil ag na hÚdaráis Áitiúla ar fud trí scéim Bóithre Náisiúnta ag céimeanna éagsúla den tógáil:


- N63 An Lios go dtí an Mhainistir, Contae na Gaillimhe;
- N21/N69 Faing go Luimneach (lena n-áirítear Seachbhóthar Áth Dara);
- N5 Bealach an Doirín go Scramóg, Contae Ros Comáin.



I rith na bliana, rinne EP&C obair shuntasach i bhforbairt caighdeán, taighde agus treoir theicniúil. In 2025, foilsíodh na doiciméid seo a leanas ar www.tiipublications.ie, ag tacú le comhsheasmhacht ar fud an tionscail agus le torthaí comhshaoil feabhsaithe:

- Uirlis Mhéadrach Bithéagsúlachta Bhonneagar Iompair Éireann do Thionscadail Bóithre, Glasbhealaí agus Iarnróid Éadrom: Doiciméad Treorach d'Úsáideoirí
- Measúnú ar Cháilíocht an Aeir do Thionscadail Bhonneagair Shonraithe – Doiciméad Teicniúil Uileghabhálach
- Measúnú ar Cháilíocht an Aeir do Bhóithre Náisiúnta Beartaithe – Caighdeán
- Measúnú ar an Daonra agus ar Shláinte an Duine do Bhóithre Náisiúnta Beartaithe – Caighdeán
- Measúnú Tionchair Uisce do Bhóithre Náisiúnta Beartaithe – Caighdeán
- Measúnú Tionchair Uisce do Bhóithre Náisiúnta, Iarnród Éadrom, Meitreo, agus Rotharbhealaí Tuaithe – Doiciméad Teicniúil Uileghabhálach
- Tagarmharcáil agus Anailís Charbóin ar an N22
- Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí agus Taistil Ghníomhaigh – Athbhreithniú Litríochta
- Modheolaíocht Cuntasaíochta Bithéagsúlachta a fhorbairt le húsáid ar Thionscadail Bhonneagair Líneacha in Éirinn – Athbhreithniú Litríochta
- Uirlis Mhéadrach Bithéagsúlachta Bhonneagar Iompair Éireann do Thionscadail Bóithre, Glasbhealaí agus Iarnróid Éadrom: Tuarascáil Theicniúil

Ag féachaint ar aghaidh go dtí 2026, tá sé beartaithe ag EP&C treoir agus doiciméid chaighdeánacha nua a tháirgeadh maidir le bithéagsúlacht agus torann chun feidhmíocht chomhshaoil BIÉ a neartú a thuilleadh maidir le seachadadh bonneagair inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud na tíre.



Ionad Seirbhísí Chuaire, Loch Garman

Caighdeán agus Taighde

Coinníonn foireann um Chaighdeán agus Taighde BIÉ raon caighdeán, treoirlínte agus cáipéisí teicniúla a bhaineann le planáil, dearadh, tógáil, cothabháil agus oibriú na mbóithre náisiúnta agus déanann siad nuashonrú rialta orthu. Cuirtear ar fáil ar líne iad ar leathanach gréasáin Fhoilseacháin BIÉ.

Forbraíodh agus foilsíodh ceithre chaighdeán nua in 2025 maidir

1. Comharthaí um Theachtaireachtaí Feithicle
2. Aeistéitic Struchtúir Bóthair
3. Limistéir Tearmainn Éigeandála
4. Measúnú Tionchair ar Uisce

Nuashonraíodh 14 Chaighdeán eile agus sé líníocht mhionsonraithe tógála maidir le geoiméadracht, droichid iompair, dromchlaí bóthair, sábháilteacht, dearadh comhshaoil, agus measúnú chun prionsabail inbhuanaitheachta a leabú agus chun ailíniú le rialacháin, beartais agus straitéisí AE agus náisiúnta.

I gcomhréir le Straitéis Taighde BIÉ (2022 - 2026), déanaimid maoirseacht ar Chlár Taighde BIÉ agus glacaimid páirt i dtaighde le Comhdháil Stiúirthóirí Bóithre na hEorpa agus le comhlachtaí eile chun tacú le nuálaíocht agus dea-chleachtas. Oibríonn an rannán le saineolaithe teicniúla BIÉ chun taighde a shainaithint agus a choimisiúnú agus a chur i bhfeidhm nuair is cuí trí chaighdeán agus doiciméid theicniúla BIÉ.

Roghnaíodh dhá thionscadal don chéad bhabhta eile taighde i réimsí na gCóras Srianata Feithiclí agus na dTosca Comhshaoil. Cuireadh torthaí an tionscadail “Empowering Women to Cycle” [Mná a Chumhachtú chun Rothaíochta] ar fáil don fhoireann uile. Forbraíonn an Rannán próisis freisin chun nuálaíocht a chothú agus chun comhoibriú a chumasú le comhpháirtithe sa slabhra soláthair agus laistigh de BIÉ



Forbhreathnú ar fhoilseacháin in 2025

Cineál an Doiciméid	Nua	Nuashonraithe	Tarraingthe Siar
Doiciméad Caighdeán	4	14	5
Doiciméad Teicniúil	11	8	5
SCDs	0	6	0



Príomhfhorbairtí

- Straitéis Nuálaíochta BIÉ a thabhairt chun críche, ina leagtar amach ár n-aidhm, ár n-uailmhian agus ár gcur chuige i leith na nuálaíochta.
- Athnuachan ar shuíomh gréasáin Fhoilseacháin BIÉ bunaithe ar shuirbhéanna fairsinge úsáideoirí chun gnéithe cuardaigh agus scagtha níos iomasaí a sholáthar, mar aon le físeáin treorach d’úsáideoirí, roinn fhorlíontach do dhoiciméid arna n-aicmiú de réir caighdeán, agus roinn nuachta ina soláthraítear nuashonruithe rialta.
- Seachadadh taispeántas taistil um Chaighdeán BIÉ i mí an Mheithimh i dtrí ionad oiliúna réigiúnacha, ina raibh páirt ag breis agus 200 toscaire ó BIÉ, Oifigí Bóithre Náisiúnta agus údarais áitiúla. Sna seisiúin, leagadh amach nuashonruithe ar chaighdeán a eisíodh le linn an 12 mhí roimhe sin agus cuireadh plé ar fáil ar dhoiciméid atá le teacht, lena n-áirítear an caighdeán bithéagsúlachta.
- Cuireadh cúrsaí ar fáil maidir le dearadh córais srianata feithiclí, iniúchtaí sábháilteachta ar bhóithre, dearadh geoiméadrach agus dearadh dromchlaí bóthair.

Sábháilteacht ag BIÉ

Is príomhspríoc straitéiseach do BIÉ é feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre náisiúnta agus ar iarnród éadrom. Tugtar tús áite do shábháilteacht ar fud ghníomhaíochtaí BIÉ, lena n-áirítear athbhreithniú ar shábháilteacht bonneagair bóthair agus iarnróid agus monatóireacht agus tuairisciú ar shláinte agus sábháilteacht oibrithe agus conraitheoirí ag láithreáin tógála.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá ról lárnach ag Sábháilteacht ar Bhóithre BIÉ maidir le torthaí sábháilteachta a fheabhsú ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta trí fhorbairt beartais, caighdeáin, taighde agus idirghabhálacha sonraíbhunaithe. Tacaíonn sé freisin le rannán an Chláir Caipitil trí Chlár BIÉ maidir le scéimeanna feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh.

Sábháilteacht ar an nGréasán

In 2025, tháinig méadú ar líon na mbásanna ar bhóithre ar fud na hÉireann ar leibhéal náisiúnta. Sa chomhthéacs seo, cláraíodh 58 gortú marfach ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta, arb ionann é agus laghdú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tharla na básanna sin ar gach cineál bóthair, le ceithre cinn ar Mhótarbhealaí, 30 ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus 24 ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád. Lean formhór na n-imbhuailtí marfacha agus mórdhíobhála ar chodanna tuaithe, neamhroinnte den Ghréasán Bóithre Náisiúnta, rud a threisiúnn an gá le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar imeacht ó lána, riosca scoite agus cosaint úsáideoirí soghonta bóithre.

Tháinig laghdú ar mhórdhíobhála ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta bliain i ndiaidh bliana freisin, cé gur ábhar imní suntasach iad fós. Leanann na treochtaí sin de bhonn eolais a chur faoi thosaíocht BIÉ maidir le hinfheistiú i sábháilteacht agus seachadadh clár.

Athbhreithniú ar Luasteorainneacha

Le linn 2025, bhí ról lárnach ag BIÉ maidir le hathchóirithe náisiúnta bainistíochta luais a chur chun cinn mar chuid d'Athbhreithniú an Rialtais ar Luasteorainneacha. Chuidigh BIÉ le forbairt agus cur chun feidhme an chreata athbhreithnithe, ag tacú le comharthaíocht nuashonraithe a chur i bhfeidhm agus ag déanamh measúnuithe ar luas roimhe agus ina dhiaidh chun tuiscint níos fearr a fháil ar iompar tiománaithe agus ar thionchair shábháilteachta.

Aistreoidh roinnt Bóithre Náisiúnta a théann trí lárionaid uirbeacha go teorainneacha 30 km/h, rud a léiríonn tosaíochtaí an Chórais Shábháilte agus an gá atá le húsáideoirí soghonta bóithre i dtimpeallachtaí a bhfuil cónaí iontu a chosaint níos fearr.



N24 Acomhal Bhóthar an Tuir, Cill Chainnigh

Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

In 2025, sheachadadh BIÉ an ghníomhaíocht atá fágtha ó Chéim 1 de Straitéis na hÉireann maidir le Shábháilteacht ar Bhóithre, ag cur ár ngealltanais faoin gcéad phlean gníomhaíochta i gcrích. Bhain an gníomh seo le himscaradh píolótach córas meáigh faoi shiúl ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta.

Foilsíodh Céim 2 den Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre i rith na bliana, agus chuir BIÉ príomhghníomhaíochtaí chun cinn dírithe ar chur chun feidhme caighdeán maidir le bóithre deighilte ar fud an nGréasán Bóithre Náisiúnta, i gcomhréir le Treoir an AE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú agus luasanna níos sábháilte a sheachadadh tar éis an Athbhreithnithe ar Luasteorainneacha.

Ina theannta sin, tá BIÉ ag leanúint ar aghaidh le raon gníomhartha sábháilteachta tacaíochta atá leabaithe ar fud a chlár oibre níos leithne a chur chun cinn, rud a threisíonn comhtháthú cúinsí sábháilteachta ar fud na pleanála, an dearaidh agus an tseachadta.

Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú

In 2025, scrúdaigh BIÉ na himpleachtaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ag suiteáil bacainní meánacha ar bhóithre ar a bhfuil luasteorainneacha 80 km/h nó níos airde agus d'aithin sé gníomhartha molta le haghaidh dul chun cinn. Thacaigh BIÉ freisin leis an Roinn Iompair chun Straitéis Ceamaraí um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais a thabhairt chun críche, ag cur leis mar chuid de ghrúpa oibre ilpháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi imlonnú ceamaraí sábháilteachta agus forfheidhmiú luasteorainneacha ar fud ghréasán bóithre na hÉireann sa todhchaí.

Sláinte agus Sábháilteacht Tógála

Leanann BIÉ de bheith ag déanamh cigireachtaí sábháilteachta rialta chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta na dtionscadal agus chun tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh an dea-chleachtais i ndáil le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus tógála. Déantar

Timpistí is Cúis le hAga Díomhaoín (LTAnna), Teagmhais Chontúirteacha agus Neastimpistí intuairiscithe a rianú ó gach tionscadal tógála BIÉ um mórghóithre agus iarnród éadrom, chomh maith leis na Conarthaí Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (MMaRCanna).

In 2025, cláraíodh cúig LTA ar fud mórthionscadail tógála agus MMaRCanna. Níor tuairiscíodh aon teagmhais chontúirteacha. Taifeadadh neastimpiste amháin ar mhórthionscadail tógála, agus taifeadadh 18 neastimpiste ar fud MMaRCanna.

Sábháilteacht Iarnróid Éadroim

Tá BIÉ ag ullmhú faoi láthair chun bheith ina Eagraíocht Iarnróid mar a shainmhínítear san Acht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005. Le linn 2025, réitíomar an bealach chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais agus dualgais Eagraíochta Iarnróid, rud a bhfuiltear ag súil leis in 2026. Cuireadh tús freisin le tionscadal chun Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun chun gníomhaíochtaí iarnróid éadroim uile BIÉ a chuimsiú.

D'fhan feidhmíocht sábháilteachta ar líonra Luas láidir i rith 2025, agus níor cláraíodh bás ar bith. I rith na bliana, cláraíodh 24 Comhartha Rabhaidh Sáraithe, mar aon le dhá theagmháil intuairiscithe idir tram agus feithicil agus ocht dteagmháil intuairiscithe idir duine agus tram. Leanann na himeachtaí sin de bhonn eolais a chur faoi fhoghlaim oibríochtúil, bainistíocht riosca agus bearta feabhsúcháin sábháilteachta ar fud an ghréasáin iarnróid éadroim.

Prionsabal SIP 3: Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach

Faoin Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, chuir BIÉ oiliúint agus treoir ar fáil do sheisear páirtithe leasmhara in 2025, lena n-áirítear an Garda Síochána agus údaráis áitiúla. Áiríodh leis sin tacaíocht maidir le hanailís agus tuairisciú imbhuailtí ó thaobh na hinnealtóireachta de, chomh maith le treoir maidir le dearadh bóithre agus cur chuige an Chórais Shábháilte a chur i bhfeidhm.



Droichead Lann Gaoithe ar Ghlasbhealach Mhainistir na Corann-Eochaille, Co. Chorcaí



Seirbhísí Corparáideacha agus Gnó

Tugann Rannáin Seirbhísí Corparáideacha agus Gnó feidhmeanna corparáideacha, rialachais agus tacaíochta oibríochtúla BIÉ le chéile, ag soláthar an chreata eagraíochtúil ina n-oibríonn BIÉ. Cuimsíonn obair na Rannán:

- Inrochtaineacht
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Cosaint Sonraí
- Saoráidí
- Airgeadas agus Cuntasaíocht
- Rialachas agus Dlí
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Talamh agus Réadmhaoine
- Pleanáil Úsáide Talún
- Soláthar
- Rialáil agus Riarachán

Tacaíonn an obair seo le rialachas agus maoirseacht éifeachtach agus cuireann sí taca faoi chomhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus rialála BIÉ.



Line Dhearg Luas, Fatima,
Baile Átha Cliath

Pleanáil Úsáide Talún

Mar chomhlacht forordaithe faoi alt 22 d'Acht na mBóithre, 1993, tá freagrachtaí reachtúla ar BIÉ maidir le pleanáil úsáide talún. Áirítear leis sin cur le beartais náisiúnta agus réigiúnacha maidir le húsáid talún agus iompar, Straitéisí Iompair Cathrach, Criosanna Forbartha Straitéisí, agus pleananna um forbairt limistéar áitiúil.

Tá stádas mar chomhairlí reachtúil le haghaidh bainistíocht forbartha ag BIÉ freisin faoi Airteagal 28 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú). Déanann an Rannán um Pleanáil Úsáide Talún comhordú agus bainistiú ar fhreagairtí BIÉ ar iarratais phleanála, ag tarraingt ar ionchur speisialtóra ó chomhghleacaithe ar fud na heagraíochta.

Ina theannta sin, déanann an Rannán athbhreithniú agus measúnú ar thograí iarratais phleanála faoi fhorálacha eile de na hAchtanna Pleanála, lena n-áirítear Forbairt Bonneagair Straitéisigh, Forbairt Cónaithe ar Mhórsála, Forbairtí Stáit agus údaráis áitiúil, agus ceadúnú imeachtaí agus comharthaíochta.

Freagraíonn sé freisin d'iarrataí ón gCoimisiún Pleanála ar iarratais a ndearnadh achomharc orthu a dteastaíonn ionchur BIÉ uathu, chomh maith le hiarrataí scóipe le haghaidh Ráitis Tionchair Timpeallachta (RTT) agus Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MSC), agus do tharchuir réamhphleanála ó údaráis áitiúla.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Amhail ón 1 Eanáir 2025, agus i gcomhréir le hAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), Rialacháin 2024 (I.R. Uimh. 424/2024), aicmítear BIÉ mar chomhlacht lena ngabhann poist sa tseirbhís phoiblí a aithnítear mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe. Léiríonn an t-ainmniú sin nádúr fheidhmeanna reachtúla BIÉ agus a rannpháirtíocht le hionadaithe poiblí.

Faoin Acht, déantar gníomhaíocht bhrústocaireachta a chlárú ar Chlár Brústocaireachta atá inrochtana go poiblí agus is é an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí a choinníonn an Clár sin. Ceanglaítear ar bhrústocairí idirghníomhaíochtaí ábhartha le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe a thuairisciú, lena n-áirítear sonraí faoi na daoine aonair agus na ról atá i gceist. Tá tuilleadh eolais faoi phoist ainmnithe BIÉ foilsithe ar shuíomh gréasáin BIÉ.

Saoráil Faisnéise

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2003 an ceart do bhaill den phobal, faoi réir díolúintí áirithe:

- rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí a chuimsítear san Acht;
- go gceartófaí nó go nuashonrófaí faisnéis phearsanta fúthu sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- go dtabharfaí dóibh cúiseanna leis na cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí, ar cinntí iad a dhéanann difear dóibh.

Ón mbliain 2016 ar aghaidh, tá sonraí faoi iarrataí ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear le haghaidh faisnéis neamhphearsanta á bhfoilsíú ag BIÉ i Loga Nochta um Shaoráil Faisnéise, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise. Tá an Loga Nochta ar fáil ar an mír um shaoráil faisnéise ar shuíomh gréasáin BIÉ. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (foi@tii.ie) ar fáil chun freastal ar iarrataí ar shaoráil faisnéise.

Prionsabal SIP 5: Aistriú chuig Neodracht Astaíochtaí

In 2025, sheachaid BIÉ a Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide in am don Roinn Iompair agus SEAI, inar leagadh amach gealltanais chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% agus astaíochtaí a laghdú 73% faoi 2030. Chuir BIÉ an t-aistriú chun cinn freisin ar shiúl ó phróisis pháipéarbhunaithe, ag críochnú athbhreithniú in 2025 chun tacú le haistriú chuig cur chuige digiteach mar réamhshocrú, agus páipéar athchúrsáilte á úsáid nuair a bhíonn priontáil fós riachtanach.



Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Soláthraítear ceart dlíthiúil rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh údarás poiblí le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007-2018. De réir na Rialachán, ní mór faisnéis chomhshaoil atá i seilbh údarás poiblí nó thar a cheann, a chur ar fáil, má iarrtar í, faoi réir eisceachtaí áirithe.

Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (aie@tii.ie) ar fáil chun freastal ar iarrataí de réir na Rialachán.

Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid

Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Oscailte agus Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid), 2021, ceanglaítear ar chomhlachtaí san earnáil poiblí athúsáid na mórchoda d'fhaisnéis na hearnála poiblí a éascú. D'fhéadfadh s go n-áireofaí le hathúsáid cóipeáil, mionathrú, aistriú, oiriúnú agus dáileadh.

Cuireann BIÉ faisnéis ar fáil lena hathúsáid ar thairseach Sonraí Oscailte an Rialtais, [Data.gov.ie](https://data.gov.ie).

Teangacha Oifigiúla

Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil trí na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. Leis an Acht agus na Rialacháin ghaolmhara, leagtar dualgais shonracha ar chomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear BIÉ, amhail freagairt do chomhfhreagras i nGaeilge, úsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht agus ar stáiseanóireacht, agus foilsiú dátheangach cáipéisí áirithe.

Éilítear le halt 11 den Acht ar chomhlachtaí poiblí scéim a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus sa dá theanga. In 2020, cheadaigh an tAire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim reatha BIÉ, agus tá sí foilsithe i rannán na dTeangacha Oifigiúla ar shuíomh gréasáin BIÉ.

De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá sé de cheangal ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta Caighdeán Teanga a fhoilsiú, a ghlacfaidh ionad na Scéimeanna Teanga.

Cosaint Sonraí

Bunaíodh creat dlí neartaithe maidir le sonraí pearsanta a chosaint leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Chuir an creat sin feabhas ar chearta daoine aonair agus mhéadaigh sé freagrachtaí eagraíochtaí agus sonraí pearsanta á bpróiseáil.

In 2025, lean BIÉ le beartais, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt chun feasacht foirne ar oibleagáidí cosanta sonraí a mhéadú agus chun comhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí a chinntiú. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (dataprotection@tii.ie) ar fáil le haghaidh iarratais maidir le cosaint sonraí.



Inrochtaineacht

Tacaíonn BIÉ le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNAACDM), a dhaingnigh Éire in 2018, a bhfuil sé mar chuspóir aige tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú.

Tacaíonn BIÉ le cur i bhfeidhm bheartas ábhartha an Rialtais agus na Roinne Iompair, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025 - 2030. Tháinig an Gníomh Eorpach um an Inrochtaineacht i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2025, agus tugadh isteach leis oibleagáidí ar fud BIÉ maidir lena bhonneagar, a tháirgí agus a sheirbhísí.

Déanann BIÉ teagmháil trí mheicníochtaí comhairliúcháin bhunaithe, lena n-áirítear Grúpa Úsáideoirí Luas agus Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, chun tacú le seachadadh iompair inrochtana ar fud Iarnród Éadrom, Meitreo, Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí agus Mótarbhealaí. In 2025, áiríodh leis sin ceithre chruinniú le Grúpa Úsáideoirí Luas, rannpháirtíocht dhéthaobhach le Voice of Vision Impairment, agus comhairliúchán dírithe ar thionscadail ar scéimeanna ar nós Acomhal Bus na Bó Deirge.

Tacaítear le rialachas inrochtaineachta trí Oifigigh ainmnithe Rochtana agus Fiosrúcháin agus Coiste Inrochtaineachta inmheánach, a chuireann cur chuige tras rannach chun cinn maidir le hinrochtaineacht, a thacaíonn le reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh, agus a spreagann oiliúint foirne i bhfeasacht ar mhíchumas agus cumarsáid inrochtana.

Tá tuilleadh faisnéise faoi chur chuige BIÉ i leith inrochtaineachta, lena n-áirítear príomhfhorbairtí in 2025, leagtha amach i ráiteas an Bhoird.

Prionsabal SIP 2: Gréasáin agus Seirbhísí atá Sábháilte agus Seasmhach a Chumasú

In 2025, thacaigh BIÉ leis an Roinn Iompair chun an dara Plean Oiriúnaithe Earnála Iompair don Athrú Aeráide (POEI II) a fhorbairt, a foilsíodh i mí na Samhna 2025. Trí cheardlanna agus rannpháirtíocht spriocdhírithe, chuir BIÉ ionchur teicniúil agus comhairle ar fáil maidir le príomhspríocanna na hearnála iompair chun athléimneacht aeráide a neartú.




Seirbhís do Chustaiméirí

Is cuid lárnach de ghníomhaíochtaí BIÉ seirbhís ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí. Déanaimid iarracht ar bhonn leanúnach ár gcleachtas gnó a fheabhsú chun na caighdeáin is airde a chur ar fáil agus muid ag plé le custaiméirí.

Leagtar amach gealltanais BIÉ maidir le seirbhís do chustaiméirí agus conas a dhéantar monatóireacht ar fheidhmíocht i gCairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí BIÉ 2024–2027, atá ar fáil ar roinn Sheirbhís do Chustaiméirí de shuíomh gréasáin BIÉ.

Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (customerservice@tii.ie) ar fáil do ghearáin maidir le seirbhís do chustaiméirí ó dhuine ar bith a bhraitheann nár caitheadh go leordhóthanach, go cúirtéiseach, nó go cothrom leo agus iad ag plé le foireann BIÉ.



Glasbhealach Chiarraí Theas

Teicneolaíocht Faisnéise

Soláthraíonn Teicneolaíocht Faisnéise (TF) BIÉ seirbhísí TF corparáideacha ar fud na heagraíochta agus tacaíonn siad leo. Áirítear leis sin forbairt, oibriú agus cothabháil bonneagair TF, líonraí inmheánacha, agus seirbhísí néalbhunaithe, chomh maith le tacaíocht d'fheidhmchláir ghnó a úsáidtear ar fud BIÉ. Tá na seirbhísí sin mar bhonn agus taca ag oibríochtaí ó lá go lá agus tacaíonn siad le cláir mhóra agus le comhpháirtithe seachtracha.

Tháinig méadú suntasach ar sheirbhísí TF le linn 2025, rud a léiríonn fás eagraíochtúil agus riachtanais chláir ar scála mór, lena n-áirítear MetroLink. I rith na bliana, rinne TF 400 úsáideoir breise a ionduchtú le haitheantais iomlána BIÉ agus thart ar 1,000 aoi-úsáideoir chun rochtain shlán a sholáthar ar chórais tionscadail ar nós SharePoint agus ProjectWise. Rinneadh baili foirne chomhpháirtíochta chliant MetroLink a ionduchtú i dtimpeallacht TF BIÉ freisin.

Chun tacú leis an leathnú sin agus chun an príomhbhonneagar a neartú, chuir TF clár suntasach oibre ar fáil. I measc na mbuaic-ghníomhaíochtaí le linn 2025 bhí:

- Aistriú chuig bonneagar atá Wi Fi bhunaithe go príomha ag Sráid Gheata na Páirce;
- Trealamh lasctha gréasáin a laghdú agus a nuashonrú;
- Deasc Chabhrach agus foireann tacaíochta thiomnaithe MetroLink a bhunú; agus
- Oibriú Dheasc Chabhrach TF, a láimhseáil thart ar 10,000 glao tacaíochta, agus dúnadh 96% acu go rathúil.

Lean TF freisin ar aghaidh le claochlú digiteach agus uathoibriú a chur chun cinn trí sheirbhísí nua ar líne a sholáthar agus feabhsuithe ar chórais atá ann cheana. Áiríodh leis sin:

- Tairseach ar líne le haghaidh aighneachtaí tograí taighde;
- Córais chun tacú le hiarratais ar scéimeanna deontais EV; agus
- Córais chun nuashonruithe slándála faisnéise a fháil ó thríú páirtithe.

Chuir an fheidhm Forbartha Córais feidhmiú céimneach an chórais Láithreacha Timpistí Ardriosca Imbhuailtí agus suíomh gréasáin Fhoilseacháin BIÉ i gcrích i rith na bliana. Chuaigh forbairt agus tástáil chun cinn freisin ar chórais a thacaíonn le Faomhadh Luasteorainneacha agus Comharthaí agus Línte.

Chomh maith le seachadadh córais nua, lean TF ag tacú le punann leathan de chórais oibriúcháin, lena n-áirítear:

- 18 gcóras gnó sheachtracha a bhfuil rochtain orthu trí thairseach ghréasáin BIÉ, ag freastal ar thart ar 2,300 cás aoi-úsáideora;
- 24 córas gnó inmheánach a bhfuil rochtain orthu trí inlíon BIÉ; agus
- Trí chomhéadan comhroinnte sonraí (APIanna) a thacaíonn le malartú faisnéise le naoi n-eagraíocht chomhpháirtíochta, lena n-áirítear an Phríomhoifig Staidrimh agus an Roinn Iompair.

Lean an fheidhm Tacaíochta Feidhmchláir Gnó ar aghaidh ag tacú le níos mó ná 50 feidhmchlár gnó tríú páirtí ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, chuir TF aistrithe néil chun cinn don chóras AD agus tuarastal, bonneagar GIS, FME agus córas na Deisce Chabhrach TF, i gcomhréir le Straitéis Cloud First BIÉ.

Bhí slándáil TF, monatóireacht agus athléimneacht fós mar phríomhfhócas i rith na bliana. Maidir leis an bhfoireann TF:

- Rinne sí imscrúdú agus d'fhreagair sí níos mó ná 1,600 ticéad teagmhais slándála, gan aon taifead de sháruithe slándála;
- Chríochnaigh sí 53 athbhreithniú a bhain le slándáil TF mar chuid den Chlár Dearbhaithe Slándála TF faoi stiúir an Oifigigh Slándála Faisnéise; agus
- Chuir siad feabhsuithe chun cinn i bpleanáil agus tástáil freagartha teagmhais, neartú líonra agus neartú feistí, ag neartú athléimneacht thimpeallacht TF BIÉ.





Aeráid agus Inbhuanaitheacht

Is é fíis BIÉ ceannas a ghlacadh ar sholáthar agus oibriú iompair inbhuanaithe, a chumasóidh ár ngréasáin chun borradh ionchuimsitheach a chur chun cinn, deiseanna poist a chruthú, feabhas a chur ar fholláine gach duine, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, ár seasmhacht a neartú chun dul i ngleic le hathrú aeráide, leanúint de bheith tiomanta don chomhshaol, agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt tús áite don tsábháilteacht.

Iompar agus Earnáil na Tionsclaíochta: Comhthéacs do Ghníomhaíocht BIÉ


Is iad astaíochtaí iompair agus Tionscail is ábhartha do BIÉ toisc gurb ionann iad agus na príomhfhoinsí astaíochtaí a mbíonn tionchar díreach ag dearadh, tógáil agus úsáid bonneagair Bóithre Náisiúnta orthu. Tá earnálacha an iompair agus na Tionsclaíochta fós ar dhá cheann de na hearnálacha is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann. Ó 2005 i leith, tá laghdú thart ar 25% bainte amach ag earnáil na Tionsclaíochta, agus tá laghdú thart ar 10% tagtha ar astaíochtaí ó earnáil an iompair, rud a léiríonn luas agus castacht dhifriúil an dícharbónaithe ar fud earnálacha éagsúla. Léiríonn treochtaí níos déanaí dul chun cinn measctha; idir 2022 agus 2023, tháinig laghdú ar astaíochtaí i bhformhór na n-earnálacha, cé is moite den iompar, áit ar cláraíodh méadú beag de 0.3%. Tháinig an méadú sin i gcomhthráth le méadú 2.4% ar thomhaltas peitрил, cé go ndearnadh an méadú a fhritháireamh i bpáirt trí fhás suntasach i mbreoslaí astaíochtaí níos ísle, lena n-áirítear bitheatánól (+41.0%) agus bithdhíosal (+29.5%).

Faoi uasteorainneacha astaíochtaí earnála na hÉireann, ceanglaítear ar earnáil an iompair laghdú 50% a bhaint amach faoi 2030, ag laghdú ó 12 MtCO₂e in 2018 go 6 MtCO₂e. Is ionann astaíochtaí na hearnála agus 21.5% d'astaíochtaí náisiúnta, agus tugann sé sin deis shuntasach d'athrú a mbeidh tionchar aige.

Aithníonn BIÉ an ról ríthábhachtach atá againn maidir le tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin agus chun rannchuidiú le spriocanna náisiúnta 2030 agus le neodracht aeráide faoi 2050. Bainfear é sin amach trí chomhoibriú leanúnach lenár gcomhpháirtithe, páirtithe leasmhara, agus an slabhra soláthair chun astaíochtaí a bhaineann le tógáil, oibriú, cothabháil agus úsáid bonneagair agus seirbhísí iompair a laghdú.

Dícharbónú BIÉ

Tá BIÉ tiomanta d'astaíochtaí GCT a laghdú ar fud ár ngníomhaíochtaí go léir, agus tionchar a imirt ar astaíochtaí laistigh d'earnálacha an iompair agus an Tionscail. Tá an cur chuige sin ag teacht le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025 (CAP25) de chuid na hÉireann agus le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, ag aithint ról déach BIÉ mar oibreoir agus mar phríomhthiománaí athraithe ar fud an chórais.






Spriocanna agus Ailíniú Beartais

Mar eagraíocht earnála poiblí, tá BIÉ faoi réir roinnt spriocanna reachtúla fuinnimh agus astaíochtaí faoi CAP25. Áirítear orthu sin laghdú 73% ar astaíochtaí iomlána GCT a bhaineann le fuinneamh agus laghdú 51% ar astaíochtaí nach mbaineann le leictreachas (iompar agus teirmeach) faoi 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2016–2018. Ceanglaítear ar BIÉ freisin feabhas 50% a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2009.

Tá BIÉ ag cloí le Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a chúiteamh a ghabhann le haerthaisteal oifigiúil. In 2024, rinneadh 391,996 km d'aerthaisteal a raibh 36 tona CO₂ gaolmhar mar thoradh air. Chinntigh BIÉ an íocaíocht leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí sin a fhritháireamh.

Astaíochtaí BIÉ de réir scóipeanna GCT



Astaíochtaí agus Feidhmíocht Fuinnimh

Baineann na spriocanna astaíochtaí agus feidhmíochta fuinnimh go príomha leo siúd atá faoi rialú oibríochtúil BIÉ, lena n-áirítear leictreachas ceannaithe agus dóchán breosla ar fud oifigí, iostaí agus flíteanna oibríochtúla a thacaíonn leis an Líonra Iarnróid Éadroim agus leis an nGréasáin Bóithre Náisiúnta. Baineann na sonraí astaíochtaí is déanaí atá ar fáil tráth an tuairiscithe le 2024 agus tá siad bunaithe go príomha ar astaíochtaí Scóip 1 agus 2.

Agus úsáid á baint as samhail 'an t-achar go dtí an sprioc' Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), meastar go mbainfidh BIÉ laghdú 63-74% ar astaíochtaí agus feabhas 48-53% ar éifeachtúlacht fuinnimh amach faoi 2030. Tá na laghduithe sin á spreagadh den chuid is mó ag dícharbónú na heangaí, chomh maith le tionscnaimh spriocdhírthe fuinnimh a leagtar amach sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025. Tugann an treochlár is déanaí sin breac-chuntas ar 25 tionscadal atá dírithe ar laghduithe astaíochtaí a bhaint amach ar fud na heagraíochta.

Táthar ag súil leis an rannchuidiú is suntasaí ón aistriú go breoslaí ísealcharbóin laistigh de fhliht BIÉ, lena n-áirítear bithbhreoslaí agus leictriú, arb ionann é agus thart ar 85% de na laghduithe astaíochtaí réamh-mheasta. Táthar ag súil go gcuirfidh cláir iarfheistithe soilsithe go mór leis freisin, rud a chuirfidh 8% de laghduithe sa bhreis ar fáil.

Tuairiscítear dul chun cinn ar ghníomhartha sainordaithe gach bliain tríd an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus trí thairseach tuairiscithe SEAI, rud a chinntíonn aillíniú leis na ceanglais tuairiscithe náisiúnta.



Astaíochtaí Indíreacha agus Tionchar ar an Slabhra Luacha

Cé go bhfuil astaíochtaí faoi rialú díreach BIÉ mar fhócas do na spriocanna sainordaithe, is ionann iad agus níos lú ná 1% d'astaíochtaí iomlána a bhaineann le seachadadh, oibriú agus úsáid bonneagair agus seirbhísí iompair. Eascraíonn an 99% eile ó fhoinsí Scóip 3 ar fud slabhra luacha BIÉ.

Agus é sin a aithint, tá cur chuige cuimsitheach glactha ag BIÉ a shíneann níos faide ná comhlíonadh, ag díriú ar mhapáil, tuiscint agus tionchar gníomhach a imirt ar astaíochtaí indíreacha. Léiríonn sé sin scála an dúshláin agus an gá atá le gníomhaíocht chomhordaithe ar fud an chórais chun spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach. Tá an cur chuige sin agus na tionscadail ghaolmhara léirithe sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tugtar mionsonraí ann freisin ar chur chuige BIÉ i leith gníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear oiliúint, ár dtionchar ar thosaíochtaí inbhuanaitheachta níos leithne amhail bithéagsúlacht, oiriúnú don athrú aeráide agus luach sóisialta, le fócas láidir ar astaíochtaí.

Tá BIÉ ag obair go dlúth le comhpháirtithe, páirtithe leasmhara agus soláthraithe chun torthaí lena ngabhann carbón níos ísle a spreagadh ar fud tógála, cothabhála agus úsáid bonneagair. Tá an méid seo a leanas i gceist leis sin:

- Beartais, straitéisí, caighdeáin agus treoir a fhorbairt chun tacú le dícharbónú
- Úsáid ábhar agus cleachtas tógála inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an tslabhra soláthair
- Aistriú córa iompair a chumasú trí infheistíocht a dhéanamh in iompar poiblí agus bonneagar taistil ghníomhaigh
- Tacú le bearta bainistíochta éilimh chun astaíochtaí iompair foriomlána a laghdú

Tacaítear leis na ghníomhartha sin le struchtúir láidre rialachais, bailiú agus tuairisciú sonraí feabhsaithe, agus leithdháileadh acmhainní cuí chun príomhthionscnaimh a sheachadadh.

Ceanglóir agus Athnuachan Dromchlaí Bóthair Asfalt Bithbhunaithe BIÉ

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal 'Ceanglóir agus Athnuachan Dromchlaí Bóthair Asfalt Bithbhunaithe' foinse nua inbhunaithe bithbhunaithe (orgánach) de cheanglóir dromchlaí bóthair asfalt a shainaithint. Is táirge bithola próiseáilte iad bithcheanglóirí agus feidhmíonn siad mar ábhar ionadach do bhiotúman. Leagtar fócas an tionscadail ar mhiocrorgánaigh ó íonú uisce (miocralgáí) nó bithmhais ó sheachtháirge de phróiseas déantúsaíochta, mar shampla dramhola chócaireachta agus lignin. Tá trí phríomhchuspóir ag an tionscadal:

- An bithmhais is oiriúnaí a shainaithint chun an ceanglóir dromchlaí bóthair asfalt bithbhunaithe a tháirgeadh.
- Chun an modh próiseála bithmhaise is oiriúnaí agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol a shainaithint – chun an chéad cheanglóir asfalt bithbhunaithe a tháirgeadh.
- Meastóireacht a dhéanamh ar an gceanglóir asfalt bithbhunaithe trí chlár diantástála.

Tá an tionscadal seo ar siúl agus mhéadaigh sé an táirge ceanglóra asfalt bithbhunaithe go Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíche (LUT) 4 de réir Threoirlínte Nuálaíochta BIÉ agus é mar aidhm aige dul ar aghaidh go LUT 6.



Feidhmíocht agus Treochtaí

Scóip 1 agus 2

Léiríonn na sonraí is déanaí ó 2024 gurbh ionann astaíochtaí Scóip 1 ó dhóchán breosla agus 5,178 tCO₂e, arb ionann é agus laghdú 8% i gcomparáid le 2023 agus laghdú 4% i gcoibhneas leis an mbonnlíne. Léiríonn an laghdú sin na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun aistriú i dtreo breoslaí ísealcharbóin, agus tháinig méadú 117% bliain ar bhliain ar ídiú plandola hidreachóireáilte (HVO).


Ba é 11,006 tCO₂e astaíochtaí Scóip 2 ó thomhaltas leictreachais in 2024, laghdú 20% ó 2023 agus laghdú 52% i gcomparáid leis an mbonnlíne, arb é dícharbónú leanúnach na heangai is cúis leis go príomha.

Tá líonra Luas fós ar an ngníomhaíocht is déine ó thaobh leictreachais de ag BIÉ, arb ionann é agus 51% d'astaíochtaí a bhaineann le leictreachas. D'ainneoin méadú 1% ar ídiú leictreachais idir 2023 agus 2024, tháinig laghdú 20% ar astaíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí Luas le linn na tréimhse céanna, rud a léiríonn déine carbóin níos ísle de leictreachas eangaí.


Go háirithe, shroich déine carbóin in aghaidh an turais paisinéara an leibhéal is ísle ó bhí 2016 ann, le hastaíochtaí 0.268 kgCO₂e in aghaidh an kWh in 2024, laghdú 17 % ó 2023. Tharla an feabhas sin in éineacht le méadú suntasach ar úsáid, agus taifeadadh os cionn 54 milliún turas paisinéara in 2024. Is ionann é agus méadú de thart ar 5.8 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Léiríonn sé sin go bhfuil Luas ag leanúint de bheith ag dícharbónú agus éifeachtúlacht iompair á feabhsú, agus béim á leagan ar ról an iompair phoiblí maidir le torthaí soghluaisteachta inbhuanaithe a bhaint amach ag an am céanna.

Astaíochtaí iomlána BIÉ de réir scóipe (2016–2024)



Turas paisinéara Luas vs. déine astaíochtaí



Astaíochtaí Scóip 3 agus Tionchar Úsáideoirí Bóthair

Is ionann astaíochtaí Scóip 3 agus formhór mór phróifíl astaíochtaí BIÉ, arb ionann iad agus 99.6% d'iomlán na n-astaíochtaí in 2024. 4,392,778 tCO₂e a bhí sna hastaíochtaí sin san iomlán, rud a léiríonn laghdú imeallach is lú ná 1% i gcomparáid le 2023 agus laghdú 4% i gcoibhneas leis an mbonnlíne.


Chun na hastaíochtaí sin a thuiscint agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr, déanann BIÉ idirdhealú idir astaíochtaí scóip 3 lena n-áirítear gníomhaíocht Úsáideoirí Bóthair (RU) agus iad siúd nach n-áirítear leo í, ós rud é go bhfuil astaíochtaí RU chun tosaigh sa phróifíl fhoriomlán. Is iad astaíochtaí a bhaineann le húsáideoirí bóthair ar an nGréasáin Bóithre Náisiúnta an fhoinsé aonair is mó fós, arb ionann iad agus thart ar 95% d'iomlán na n-astaíochtaí (4,195,923 tCO₂e) in 2024. Cé gur fhan na hastaíochtaí sin réasúnta seasmhach, tá laghdú 3% tagtha orthu i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Cé is moite de ghníomhaíocht RU, b'ionann astaíochtaí scóip 3 agus 93% d'astaíochtaí iomlána BIÉ in 2024. Go spreagúil, tá laghdú 7% tagtha ar na hastaíochtaí sin ó bhí 2023 ann agus laghdú 23% i gcoibhneas leis an mbonnlíne, rud a léiríonn an dul chun cinn i réimsí a bhfuil tionchar níos díri ag BIÉ orthu, amhail gníomhaíochtaí tógála, cothabhála agus slabhra soláthair.

Feidhmíocht Fhoriomlán na nAstaíochtaí

Ar an iomlán, tá laghdú 0.4% tagtha ar astaíochtaí iomlána BIÉ ó 2023 go 4,408,962 tCO₂e, arb ionann é agus laghdú 4% ón mbonnlíne. Nuair a eisiatar astaíochtaí RU, bíonn laghdú níos suntasaí soiléir, agus laghdú 23% ann ar astaíochtaí i gcoibhneas leis an mbonnlíne agus laghdú 7% bliain ar bhliain.

Leagtar béim leis sin ar scála na n-astaíochtaí a bhaineann le húsáid bóithre agus ar an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí leanúnacha chun tionchar a imirt ar athrú iompraíochta agus chun roghanna malartacha iompair ísealcharbóin a chumasú.





Ár bPobal

I rith 2025, lean BIÉ de bheith ag díriú ar fhorbairt, folláine agus foghlaim agus ionchuimsiú an lucht saothair. Shroich líon iomlán ár ndaoine 357 agus fógraíodh níos mó ná 90 ról sa bhliain, ag tacú le cumas eagraíochtúil agus dul chun cinn gairme araon.

Prionsabal SIP 3: Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach


Faoin Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, chuir BIÉ oiliúint agus treoir ar fáil do sheisear páirtithe leasmhara in 2025, lena n-áirítear an Garda Síochána agus údaráis áitiúla. Áiríodh leis sin tacaíocht maidir le hanailís agus tuairisciú imbhuailtí ó thaobh na hinnealtóireachta de, chomh maith le treoir maidir le dearadh bóithre agus cur chuige an Chórais Shábháilte a chur i bhfeidhm.



Cloch mhíle rithábhachtach ab ea seoladh chlár iarchéime buan BIÉ, agus cuireadh tús leis an gcéad iontógáil i mí Mheán Fómhair 2025. Chuir an clár fáilte roimh naoi gcéimí i gceithre dhisciplín, agus thacaigh plean struchtúrtha forbartha agus oiliúna le ról. Chomh maith leis sin, thugamar tacaíocht do rannpháirtíocht luathghairme tríd an gclár Treoraigh do Thodhchaí de chuid Innealtóirí Éireann, ag dul i dteagmháil le mic léinn trí chainteanna, ceardlanna agus cuairteanna ar an láthair.

Bhí forbairt ghairmiúil ina tosaíocht i gcónaí. Bhain BIÉ Athchreidiúnú Fostaithe Forbartha Gairmiúla Leanúnaí de chuid Innealtóirí Éireann amach don téarma trí bliana uasta. Ghlac an fhoireann páirt i gcúrsaí oiliúna agus i gcláir bhreiseoidreachais éagsúla.


I measc na dtionscnamh forbartha struchtúrtha bhí Clár Meantóireachta Bliantúil agus oiliúint Feasachta ar Néara-éagsúlacht. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin chun tacú le hearcaíocht agus le rialachas, lena n-áirítear ullmhú agallamh agus oiliúint ar bhoird agallaimh.



Trínár gClár Folláine “Flourish”, chuir BIÉ seisiún ar fáil inar cumhdaíodh sláinte, ionchuimsiú agus folláine. I measc na dtionscnamh freisin bhí scagthástáil sláinte, tacaíochtaí folláine airgeadais, cláir vacsaínithe, gníomhaíochtaí folláine coirp, agus imeachtaí feasachta, mar aon le tionscnaimh shóisialta níos leithne atá dírithe ar ionchuimsiú.

Neartaíodh rannpháirtíocht na bhfostaithe a thuilleadh trí shuirbhé athnuaite rannpháirtíochta foirne agus líonra na Seaimpíní Rannpháirtíochta Fostaithe a sheoladh. Tugadh isteach Clár Meantóireachta do bhaill nua, seisiún ‘Buail le Chéile’ le baill den Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin, agus Lá Féile Domhanda Bliantúil chun éagsúlacht chultúrtha a cheiliúradh ar fud BIÉ in 2025.

Rinneamar dul chun cinn freisin maidir le tionscnaimh um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, ag ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan le haoichainteoir ar ar fhreastail 112 rannpháirtí. I mí na Samhna, d’fhoilsíomar Tuarascáil bhliantúil BIÉ ar an mBearna Pá idir na hInscní, ina léirítear dul chun cinn leanúnach maidir leis an mbearna phá airmheánach idir na hinscní a laghdú, agus dúshlán a bhaineann le cothromaíocht inscne ar leibhéal shinsearach a n-aithint ag an am céanna. Leanadh de ghníomhaíochtaí spriocdhírithe ar fud na hearcaíochta, na forbartha agus an chultúir eagraíochtúil.





Imeachtaí agus Dámhachtainí Suaitheanta

Comhdháil Iompar Éireann

Le Comhdháil Iompar Éireann an 6 Meitheamh 2025, cuireadh deis ar fáil le haghaidh plé tábhachtach maidir le dlús a chur le seachadadh an bhonneagair iompair. Ag an imeacht sin, a d'eagair Eolas i gcomhpháirt le BIÉ agus a d'urraigh Aecom, tugadh le chéile 200 príomhpháirtí leasmhar chun iniúchadh a dhéanamh ar na mianta, na dúshláin agus na deiseanna inláimhsithe is deireanaí do chinnteoirí ó thaobh earnáil iompair na hÉireann a athrú ó bhonn.

I measc na gcainteoirí bhí an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, Jack Chambers TD, agus toscairí ó údaráis áitiúla, Iarnród Éireann, an Coimisiún Pleanála, Líonraí BSL, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta.

An Chomhdháil ar Bhóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí

Ag Fairways Hotel i nDún Dealgan, Contae Lú, chuir an Chomhdháil bhliantúil ar Bhóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí de chuid BIÉ fáilte roimh bheagnach 400 toscaire ónár gcomhpháirtithe in údaráis áitiúla agus sa Roinn

Iompair. Ba iad an tAire Stáit Sean Canney, agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Lú, David Conway, a d'oscail an ócáid go foirmiúil.

Bhí cainteoirí sa chlár a chlúdaigh forbairtí ar fud na nGréasán Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí, mar aon le seisiúin ar thionscnaimh iarnróid éadroim agus pobail a d'eascair as tionscadail iompair. Leag an chomhdháil béim ar an méid a chuireann cláir bhonneagair le pobail a nascadh agus tacú le forbairt réigiúnach.

Comhdháil um Chothabháil Gheimhridh de chuid BIÉ

Tionóladh an Chomhdháil um Chothabháil Gheimhridh agus Athléimneacht Líonra de chuid BIÉ i nDroichead Nua, Cill Dara an 30 Meán Fómhair. Tugadh cleachtóirí, saineolaithe agus cinnteoirí le chéile ó gach cearn den earnáil iompair chun dea-chleachtas a roinnt maidir le planáil seirbhíse geimhridh, oibríochtaí, oiriúnú don athrú aeráide, agus nuálaíocht. Chuir an t-imeacht ardán tábhachtach ar fáil chun dúshláin chomhroinnte a phlé ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, agus tharraing sé aird ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú idir BIÉ, údaráis áitiúla agus oibreoirí mótarbhealaí chun ullmhacht a neartú le haghaidh drochaimsire agus geimhrí amach anseo.



Comhdháil Iompar Éireann 2025

An Chomhdháil um Chomharthaíocht agus Líniú de chuid BIÉ

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil BIÉ an Chomhdháil bhliantúil um Chomharthaíocht agus Líniú i gCill Dalua, an Clár. Thug an t-imeacht príomhpháirtithe leasmhara le chéile ó Oifigí Bóithre Náisiúnta, sainchomhairleoirí agus speisialtóirí teicniúla, agus díríodh san imeacht ar shábháilteacht ar bhóithre, inbhuanaitheacht, bainistíocht sócmhainní, réitigh IS, agus forbairt clár. Fuair na toscairí nuashonruithe maidir le teorainneacha luais, dearadh agus formheasanna comharthaíochta, comhtháthú córas Meáigh faoi Shiúl, straitéis líneála, agus scéimeanna píolótacha lena múnlaítear planáil bonneagair go dtí 2030.

Comhdháil Chumann na Seandálaithe Óga

Thacaigh BIÉ le Comhdháil Chumann Seandálaithe Óga na hÉireann in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath i mí Feabhra 2025. Roinn an fhoireann Seandálaíochta agus Oidhreacht leargais ar chlár oidhreacht BIÉ agus ar na tacair sonraí fhairsinge atá ar fáil anois do thaighdeoirí, agus bhunaigh roinnt cainteoirí a gcuid oibre ar dhéantáin agus ar shuíomhanna a nochtadh trí thionscadail BIÉ. Ghlac BIÉ páirt freisin san aonach gairmeacha ag am lóin chun riachtanais scileanna agus deiseanna gairme i seandálaíocht na hÉireann a phlé.

Seimineár Bliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre

D'óstáil Sábháilteacht ar Bhóithre BIÉ an Seimineár bliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre i mBaile Átha Luain, an Iarmhí, ar an 9 Aibreán. Mar chuid de shainchúram BIÉ tacú le forbairt ghairmiúil iniúcháirí agus innealtóirí sábháilteachta, mheall an seimineár beagnach 300 duine ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach. Roinn rannpháirtithe ó BIÉ, ón gCoimisiún Eorpach, ón Roinn Iompair, ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ó údaráis áitiúla, agus ó chomhairleoirí teicniúla leargais ar na forbairtí is déanaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre ó thaobh na hÉireann agus na hEorpa de.



N56 Dún na nGall (An Mhaoil Rua)

Dámhachtainí

Bhí áthas ar BIÉ a bheith ar an ngearrliosta le haghaidh roinnt dámhachtainí i réimse catagóirí in 2025, rud a léirigh ár ngealltanas chun na nuálaíochta, chun na hinbhuanaitheachta agus chun bonneagar agus seirbhísí iompair a sheachadadh. Thacaigh comhoibriú láidir le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara lenár rath.

Dámhachtainí Chairt an Choimisiúin
Eorpaigh um Shábháilteacht ar Bhóithre

Buaiteoir: Dámhachtain Teicneolaíochta 2025

Chun teicneolaíocht bóithre chliste Valerann a chur in úsáid le comhpháirtithe Roughan & O'Donovan, ag tacú le faireachán fíor-ama feabhsaithe agus léargais ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta

Gradaim Náisiúnta Soláthair

Buaiteoir: An Soláthar Glas is Fearr sa Bhliain

Le haghaidh scéim phíolótach BIÉ maidir le Dréimire Feidhmíochta CO₂ nuálach, a bhain laghdú 21% ar astaíochtaí amach agus a bhfuil beartas soláthair náisiúnta á mhúnlú aici anois.

Gradaim um Chlaohlú Digiteach
na hEarnála Poiblí

Buaiteoir: Foireann Slándála agus Príobháideachais na Bliana

Aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann Oibríochtaí Luas chun cibearshlándáil a neartú ar fud líonra Luas trí fheabhsuithe straitéiseacha, oibríochtúla agus teicniúla.

Gradaim Cheannaireachta na hÉireann um Athrú Aeráide

Buaiteoir in dhá chatagóir: Tionscadal Bithéagsúlachta na Bliana agus Straitéis Inbhuanaitheachta na Bliana (an Earnáil Phoiblí)

Le haghaidh scéim Ghráinseach Mhóicléir ar an N76, a chomhtháthaigh réitigh dhúlra bhunaithe agus feabhsuithe bithéagsúlachta i dtionscadal feabhsaithe sábháilteachta ar bhóithre, agus le haghaidh an Phlean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta – Ár dTodhchaí de chuid BIÉ.

Gradaim Sármhaitheasa Innealtóireachta

Buaiteoir in dhá chatagóir: Tionscadal Innealtóireachta Inbhuanaitheachta agus Comhshaoil na Bliana

Le haghaidh an Laghdaithe Carbóin ar Thionscadal Athshlánaithe Dromchlaí Bóthair ar an M7 (Seachbhóthar Chill Dara), arna sheachadadh ag Bainistíocht an Ghréasáin, Bainistíocht Sócmhainní Dromchlaí Bóthair agus an Fhoireann Innealtóireachta agus comhpháirtithe tionscadail.





Plé agus Comhoibriú



Oibríonn BIÉ go dlúth le líonra leathan príomhpháirtithe leasmhara agus príomhchomhpháirtithe, agus ról ríthábhachtach ag gach ceann acu i bpleanáil, seachadadh agus oibriú bhonneagar agus sheirbhísí iompair na hÉireann. Tacaíonn rannpháirtíocht éifeachtach le comhthuiscint, cinnteoireacht fheasach, agus caidrimh láidre ar fud na hearnála iompair. Déantar an obair sin trí bhealaí seanbhunaithe lena gcuimsítear cur i bhfeidhm beartais, seachadadh tionscadal, oibríochtaí agus cumarsáid phoiblí.

Tar éis fhoilsiú an Athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Náisiúnta in 2025, cuireann BIÉ fáilte roimh obair an Tascfhórsa um Luathú Bonneagair agus roimh Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Luathú Bonneagair, ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar sheachadadh agus chun tacú le cur i bhfeidhm tráthúil an bhonneagair chriticiúil. Mar ghníomhaireacht a sholáthraíonn bonneagar iompair, tá BIÉ ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Iompair agus le comhpháirtithe seachadta san Údarás Náisiúnta Iompair agus sna hÚdaráis Áitiúla chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta agus chun seachadadh praiticiúil a dhéanamh ar a chuid moltaí ar fud ár gclár.

Cuireann an comhthéacs beartais seo béim níos mó ar sheachadadh, ar chomhordú agus ar chumarsáid shoiléir ar fud na hearnála iompair, rud a threisiúnn an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht éifeachtach de réir mar a théann cláir ar aghaidh ó phleanáil go cur i bhfeidhm.

Ag féachaint chun cinn, leanfaidh BIÉ dár gcur chuige rannpháirtíochta a bheachtú, comhpháirtíochtaí a neartú agus tacú le cumarsáid shoiléir chomhsheasmhach le gach grúpa páirtithe leasmhara. Tá comhoibriú fós lárnach chun torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine, do chustaiméirí, do phobail agus don chóras iompair níos leithne.

An Phreasoifig

D'fhoilsíomar 45 mír nuachta agus preasa in 2025, a chuimsíonn maoiniú agus beartas, tionscadail bóithre, iarnród éadrom, oibríochtaí, sonraí tráchta, suirbhéanna agus fógraí, oidhreacht agus seandálaíocht, nuashonruithe corparáideacha agus rialachais, sábháilteacht, taisteal gníomhach agus glasphealaí, agus fógraí a bhaineann le feithiclí leictreacha.

Coistí Oireachtais

D'fhreastail BIÉ ar thrí chruinniú de Choistí Oireachtais in 2025, a bhfuil sonraí fúthu thíos. Tá alt eile maidir le Rannpháirtíocht an Oireachtais agus Comhlíonadh Reachtúil san áireamh i Seirbhísí Corparáideacha.





Ionadaithe BIÉ	Dáta	Imeacht Coiste
Peter Walsh, Geraldine Fitzpatrick	11 Meitheamh 2025	An Comhchoiste Oireachtais um Bonneagar agus Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta
Lorcan O'Connor, Geraldine Fitzpatrick, Mary Flynn	2 Samhain 2025	An Comhchoiste Oireachtais um Iompar
Lorcan O'Connor, Geraldine Fitzpatrick, Seán Sweeney, Paolo Carbone	9 Samhain 2025	An Comhchoiste Oireachtais um Iompar





Ráiteas Rialachais BIÉ agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

An Bord



An tUasal Gareth Llewellyn (Cathaoirleach) ag Dul as Oifig

Ceapadh Gareth mar Chathaoirleach ainmnithe ar BIÉ i mí na Samhna 2021 (arna cheadú i mí Eanáir 2022) i ndiaidh dó dul ar scor ón ról a bhí aige mar Príomhfheidhmeannach ar DVSA, ciste trádála rialtais na Ríochta Aontaithe a sholáthraíonn seirbhísí do bhreis agus 40 milliún custaiméir. Roimhe seo bhí ról feidhmiúcháin aige le National Grid plc agus Anglo American plc agus bhí sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Network Rail agus freagracht air as saincheistanna sábháilteachta, teicniúla agus innealtóireachta. Mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, chuir sé an chuideachta bhainistíochta dramhaíola Biffa plc ar an stocmhalartán agus bhunaigh sé Gníomhaireacht Bhreoslaí In-Athnuaite na Roinne Iompair. Chuaigh Gareth ar scor óna ról mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Údarás Harwich Haven i mí na Nollag 2021, a sholáthraíonn píolótaí do na longa coimeádán is mó ar domhan a bhíonn ag teacht agus ag imeacht ó Felixstowe. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é freisin ar Sage Housing atá, le tacaíocht ó Blackstone, ar an soláthraí is mó de thithíocht shóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán sa Ríocht Aontaithe.

Ba chomhalta é Gareth ag Institiúid Cambridge um Cheannaireacht Inbhuanaitheachta agus in 2005 iarradh air labhairt ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar chearta daonna agus gnó. D'éirigh Gareth as a phost mar Chathaoirleach an 31 Bealtaine 2026.



An tUasal Michael Wall (Cathaoirleach) ag Teacht Isteach

Is abhcóide é Michael Wall a bhfuil saineolas aige sa dlí pleanála, comhshaoil agus tógála agus tá MBA aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'oibrigh sé mar ailtire i gcleachtas príobháideach agus sa bhainistíocht tionscadail. Is ánra é in Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus is comhalta é d'Institiúid Pleanála na hÉireann.

Tá taithí fhairsing Boird ag Michael agus ceapadh é mar chomhalta boird BIÉ in 2023. Is comhalta é freisin ar Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus is iarchomhalta é de bhoird an Bhoird Pleanála agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Is Uachtarán é ar Chumann Seoirseach na hÉireann, is iarchomhalta boird é d'Amharclann na Mainistreach agus is iontaobhaí é d'Ospidéal Simpson, Baile Átha Cliath.

Ceapadh Michael ina Chathaoirleach ar BIÉ ar an 1 Meitheamh 2026 ar feadh tréimhse naoi mí.



An tUasal Peter Walsh (POF) ag Dul as Oifig

Is Innealtóir Sibhialta Cairte é Peter Walsh a bhfuil breis agus 40 bliain de thaithí aige. Sula ndeachaigh sé isteach in NRA in 2000, d'oibrigh sé le haghaidh conraitheoir tógála agus mar innealtóir comhairleach, ach ba é a bhí i gceist go príomha bóithre a thógáil d'Údaráis Áitiúla. D'oibrigh sé ar chur i gcrích an ghréasáin mótarbhealaí go dtí 2015, tráth a ndearnadh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid a chumasc chun BIÉ a bhunú.

Chuaigh sé i mbun oibre mar Stiúrthóir Bainistíochta Chlár Caipitiúil in BIÉ nuabhunaithe. Sa phost sin bhí sé ag plé le hIarnród Éadrom, tionscadail chaipitil Meitreo, mar aon le tionscadail bhóithre náisiúnta. Ceapadh Peter Walsh mar Phríomhfheidhmeannach BIÉ an 1 Deireadh Fómhair 2020, agus tháinig deireadh lena théarma an 30 Meán Fómhair 2025.



An tUasal Mary O'Donovan

Is Stiúrthóir Cairte í Mary O'Donovan (B.E. Elec, MBA C. Dir) a bhfuil taithí Bhoird aici sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanacha. Bhí sí ina comhalta de Bhord na dTionóntachtaí Cónaithe agus bhí sí ina Comhalta Boird de chuid An Post. Tá breis agus 30 bliain de thaithí aici mar chomhairleoir agus mar fheidhmeannach sinsearach agus bhí ról shinsearach aici, lena n-áirítear Stiúrthóir Seirbhísí do Chustaiméirí, Príomhoifigeach Faisnéise, Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Bainisteoir Ginearálta sna hearnálacha Teileachumarsáide agus BPO.



An tUasal Lorcan O'Connor (POF) ag Teacht Isteach

Tháinig Lorcan O'Connor ar bord Bhonneagar Iompair Éireann mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin BIÉ in 2025. Is mór an taithí atá ag Lorcan san earnáil iompair agus san earnáil phoiblí agus bhí ról aige mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Grúpa in CIÉ, an t-oibritheoir iompair phoiblí is mó in Éirinn, agus mar an chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Sular bhunaigh sé an tSeirbhís Dócmhainneachta, chaith Lorcan 15 bliana in Deloitte agus é i gceannas ar dhócmhainneachtaí agus slánúcháin chorpáraídeacha mórsála.

Is Cuntasóir Cairte agus Stiúrthóir Cairte é. Chomh maith leis sin, tá Lorcan ina chomhalta boird den tSeirbhís Dócmhainneachta sa Ríocht Aontaithe agus ina Chathaoirleach ar a Coiste Iniúcháireachta agus Dearbhaithe Riosca.



An tUasal Aebhric Mc Gibney

Oibríonn Aebhric Mc Gibney (M.Litt (Eacnamaíocht), MBA C Dir) mar Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí agus Idirnáisiúnta le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir Cairte é agus roimhe seo bhí sé mar chomhalta ar Bhord Chóras Iompair Éireann, agus é i mbun cathaoirleachta ar a Choiste Airgeadais agus Réadmhaoine. Roimhe seo, bhí sé ag obair mar léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar chomhairleoir eacnamaíoch in Fitzpatrick Associates agus mar Eacnamaí Sinsearach in IBEC.



An tUasal Patricia O'Shea

Is dlíodóir corparáideach í Patricia O'Shea, atá cáilithe chun cleachtadh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus a bhfuil taithí de bhreis agus 30 bliain aici, san earnáil TF agus san earnáil eitleóchta go príomha. Bhí sí ag obair ar feadh roinnt blianta in IBM, áit a raibh ról éagsúla aici mar Ard-Abhcóide, Rúnaí Cuideachta agus Stiúrthóir. Tá sí ina Ceann Grúpa ar Chúrsaí Dlí agus Rúnaíochta in daa plc, ról a chuimsíonn oibríochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta na cuideachta. Bhí sí ar Bhord Feidhmiúcháin an Ospidéal Náisiúnta Mháithreachais ar feadh na mblianta fada. Comhalta í ar Bhord Comhairleach Asia Matters.



An tUasal Desmond Kenny

Tá breis agus 35 bliain caite ag Des Kenny ag obair in earnáil an mhíchumais in Éirinn, idir obair ghairmiúil agus dheonach araon agus é ag feachtasaíocht ar son cearta do dhaoine faoi mhíchumas agus ionchuimsitheachta sa saol agus i seirbhísí príomhshrutha. D'fhóin sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) go dtí go ndeachaigh sé ar scor. Chuir Des le ceapadh beartais san earnáil agus d'fhóin sé ar roinnt bord reachtúil, lena n-áirítear dhá théarma ceithre bliana ar an Údarás Náisiúnta Míchumais. Tá MBA bainte amach aige, chomh maith le MSc Eacnamaíochta i mBainistíocht Cúraim Sláinte.



An tUasal Aidan Skelly

Iar-Phríomhoifigeach Airgeadais EirGrid plc é Aidan Skelly. Sular thosaigh sé ag obair do EirGrid bhí roinnt poist shinsearach airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is Cuntasóir Cairte é a bhfuil B.Comm bainte amach aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus MBS sa Cheannaireacht Chorporáideach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is stiúrthóir é freisin ar AirNav Ireland.



An Dr Damien Ó Tuama

Is taighdeoir soghluaisteachta é Damien Ó Tuama a bhfuil taithí de bhreis agus 20 bliain aige san earnáil phríobháideach. Chuir sé a thaighde dochtúireachta ar chúrsaí aistrithe i dtaca le córais soghluaisteachta i gcrích in 2015 (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus tá sé ina Mheastóir agus ina Chomhalta anois den Choiste Stiúrtha le haghaidh tionscadail taighde faoi Ghlaio Bliantúil Chlár Taighde GCC faoi cholúin na hAeráide agus na hInbhuanaítheachta.

Tá sé ina Chomhordaitheoir Náisiúnta Rothaíochta d'Fheachtas Rothaíochta na hÉireann agus An Taisce. Bhí sé ina chomhalta boird le Cónaidhm Rothaithe na hEorpa idir 2016 agus 2021.



An tUasal Colette Byrne

Iar-Phríomhfheidhmeannach í Colette Byrne ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh, roimhe sin bhí sí mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Tá breis agus 40 bliain caite ag Colette san Earnáil Phoiblí, agus chaith sí breis agus 20 bliain ag obair ar leibhéal Bainistíochta Sinsearaí, agus tá MA aici i mBainistíocht na hEarnála Poiblí. Chuaigh Colette Byrne isteach i mBord BIÉ in Eanáir 2021.



An tUasal AnnMarie Farrelly

Is Príomhfheidhmeannach í AnnMarie Farrelly ar Chomhairle Contae Fhine Gall. Is as an gCorr Dhubh i gcontae Muineacháin ó dhúchas í, bhí sí ag obair i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath sula ndeachaigh sí isteach i gComhairle Contae Fhine Gall nuair a bunaíodh í i 1994. Sular ceapadh í mar Phríomhfheidhmeannach, bhí sí ina Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagar Straitéiseach ó 2015 go 2019 agus roimhe sin ba Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail í ar Chomhairle Contae Fhine Gall ó 2011 go 2015.



An tUasal Sadhbh O'Neill

Comhairleoir sinsearach aeráide is ea í Sadhbh O'Neill do Chairde na Cruinne, Éire, is príomhanailísí í i dtaca le beartais aeráide na hÉireann agus is gníomhaí comhshaoil í. Tá céim MA bainte amach aici san Fhealsúnacht agus Gnóthaí Pobail (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath), agus céim BA i Litríocht an Bhéarla agus Fealsúnacht (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus is iarrthóir PhD í i Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath áit a bhfuil sí ag déanamh taighde ar eitic aeráide agus trádáil charbóin. Chomh maith lena a bheith ag obair go páirtaimseartha do Chairde na Cruinne, oibríonn sí go páirtaimseartha in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar léachtóir polaitíochta agus dlí aeráide agus scríobhann sí ar bhonn rialta ar leathanaigh eolaíochta agus tuairimíochta an Irish Times. Sna 1990í bhí sí mar bhall, ar feadh 5 bliana, de Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath.



Glasbhealach Luimnigh

An Fhoireann Feidhmiúcháin



Rachel Cahill, Stiúrthóir

Ceannasaí na hOifige Feidhmiúcháin agus Inbhuanaitheachta

Tá Rachel ina Ceannasaí ar Phríomhoifig Fheidhmiúcháin BIÉ agus freagracht uirthi as Straitéis Inbhuanaitheachta BIÉ a threorú. Is cuntasóir cairte í a bhfuil taithí de bhreis agus 25 bliain aici ag obair i dtimpeallachtaí casta dúshlánacha airgeadais agus oibríochtúla, lena n-áirítear an earnáil iompair agus soghluaisteachta le 15 bliana anuas. Sula ndeachaigh sí isteach in BIÉ, chaith Rachel 10 mbliana ag obair sa tionscal baincéireachta i ról oibríochtúla agus i ról airgeadais, ar aon.



Pat Maher, Stiúrthóir

Bainistíocht Gréasáin

Tá Pat Maher ina Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin ar BIÉ. Is innealtóir cairte é agus tá céimeanna Máistreachta bainte amach aige san innealtóireacht shibhialta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ó Ollscoil Calgary, Ceanada. Chuaigh sé isteach in NRA in 1999 i ndiaidh dó a bheith ag obair do ghnólachtaí innealtóireachta comhairleoireachta sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin ar BIÉ nuair a rinneadh an Gníomhaireacht um Fháil Iarnróid agus an Údarás um Bóithre Náisiúnta a chumasc.



Nigel O'Neill, Stiúrthóir

An Clár Caipitil

Is é Nigel O'Neill Stiúrthóir Chlár Caipitil BIÉ. Tá céimeanna BSc agus MSc san innealtóireacht ag Nigel agus is Innealtóir Cairte é agus tá sé ina bhall d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

Tá 34 bliain de thaithí ag Nigel sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí lena n-áirítear innealtóireacht shibhialta, bainistíocht tionscadal, soláthar poiblí, pleanáil straitéiseach iompair, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP), oibríochtaí dola agus oibríochtaí iarnróid éadroim.



Geraldine Fitzpatrick, Stiúrthóir Gníomhach

An Clár Caipitil

Is í Geraldine Fitzpatrick Ceann Chlár Caipitil BIÉ um Bóithre. Tá céim B.Eng ag Geraldine ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus MAI ó Choláiste na Tríonóide agus tá sí ina comhalta d'Institiúid na nInnealtóirí. Bhí 40 bliain de thaithí ag Geraldine ag obair san earnáil phoiblí i réimsí lena n-áirítear dearadh agus meastóireacht, bainistíocht tionscadal, soláthar, agus seachadadh tionscadal caipitil. Bhí Geraldine ina stiúrthóir gníomhach ón 6 Bealtaine go dtí an 6 Samhain 2025.



Cathal Masterson, Stiúrthóir

Oibríochtaí Tráchtála

Is Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála le haghaidh BIÉ é Cathal Masterson. Is innealtóir sibhialta cairte é Cathal a bhfuil céim san innealtóireacht shibhialta agus MSc i mbainistíocht tionscadal aige. Tá cuntas teiste láidir aige i mbainistíocht oibríochtaí iompair agus soghluaisteachta agus i dtionscnaimh bainistíochta athraithe a thiomáint. Sular thosaigh sé de bheith ag obair san earnáil phoiblí i 2008, d'obair Cathal le gnólachtaí comhairleoireachta maidir le tionscadail éagsúla iompair do chliaint san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.



Tony Redmond, Stiúrthóir

Seirbhísí Corparáideacha

Tá Tony Redmond ina Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha do BIÉ. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí Soláthair. Is cuntasóir bainistíochta cairte é a bhfuil céim MBS i Soláthar Straitéiseach aige ó OCBÁC agus Diplóma i mbainistíocht Claochlaithe Dhigitigh ó UCD. Sula ndeachaigh sé leis an earnáil phoiblí i 2002, d'obair Tony sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe go príomha i dtionscal na n-aerlínte. Cuireann an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha saineolas ar fáil i soláthar, i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, i bpleanáil úsáide talún agus i rialáil chun tacú le seachadadh thionscadail agus oibríochtaí BIÉ.



Michael Kennedy, Stiúrthóir Gníomhach

Seirbhísí Corparáideacha

Is é Michael Kennedy Stiúrthóir Gníomhach BIÉ ar Sheirbhísí Corparáideacha le héifeacht ón 29 Meán Fómhair 2025. Ceapadh Michael mar Cheann Rialacháin agus Riaracháin BIÉ in 2021 tar éis dó post mar Bhainisteoir Sinsearach – Soláthar agus Airgeadas CPP in BIÉ a bheith aige roimhe seo.

Cuireann an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha saineolas ar fáil i soláthar, i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, i bpleanáil úsáide talún agus i rialáil chun tacú le seachadadh thionscadail agus oibríochtaí BIÉ.

Tá breis agus 30 bliain de thaithí ag Michael san Earnáil Phoiblí agus tá céim Máistir aige san eacnamaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Helen Hughes, Stiúrthóir

Seirbhísí Gairmiúla

Is í Helen Hughes Stiúrthóir na Seirbhísí Gairmiúla. Soláthraíonn an Rannán seo comhairle theicniúil agus sábháilteachta mar shaineolaí agus forbraíonn sé caighdeáin chun tacú le seachadadh agus oibríochtaí líonraí bóithre náisiúnta, Glasbhealaí agus iarnróid éadroim de chuid BIÉ. Tá breis agus 30 bliain de thaithí aici i bpleanáil iompair, i ndearadh, i measúnú tionscadal agus i mbainistíocht tionscadal agus d'oibrigh sí sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus sa Fhrainc san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Tá taithí aici freisin maidir le straitéisí, beartais, caighdeáin a fhorbairt mar aon le taighde a dhéanamh. Is Innealtóir Cairte í agus tá Baitsiléir san Innealtóireacht Shibhialta agus Diplóma sa Bhainistíocht Tionscadal bainte amach aici.



Audrey Keogh, Stiúrthóir

Seirbhísí Gnó

Is í Audrey Keogh Stiúrthóir Seirbhísí Gnó BIÉ. Is Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá breis agus 25 bliain de thaithí aici i ról Airgeadais san earnáil phoiblí, sa chleachtas agus sa tionscal. Cuireann an Stiúrthóireacht seo saineolas ar fáil i réimsí na nAcmhainní Daonna, próiseála agus tuairiscithe airgeadais, Rialachais agus Dlí, mar aon le Talamh agus Maoin.



Seán Ó'Neill, Stiúrthóir

Cumarsáid Chorporáideach

Seán Ó Néill, Stiúrthóir Cumarsáide Corparáidí Is é Seán Ó Néill Stiúrthóir Cumarsáide Corparáidí BIÉ. Tá breis agus 20 bliain caite aige ag obair mar ghairmí cumarsáide trasna réimse éagsúil earnálacha gnó, ón mbith theicneolaíocht go mórtionscadail bhonneagair. Chuaigh sé isteach san Údarás um Bóithre Náisiúnta in 2005 mar Cheannasaí Cumarsáide. Is comhalta é Seán d'Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí agus tá Máistreacht i mBainistíocht Cumarsáide aige.



Sean Sweeney, Stiúrthóir Cláir

MetroLink

Is innealtóir é Sean Sweeney a bhfuil PhD aige san eacnamaíocht foirgníochta ó Ollscoil Melbourne. Tar éis dó céim san innealtóireacht a bhaint amach ó Ollscoil Auckland, chaith an Dr Sweeney seacht mbliana ag obair ar fhorbairt Ard-Mhúsaem Náisiúnta na Nua-Shéalainne - "Te Papa" in Wellington sula ndeachaigh sé thar lear chun obair sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip agus ansin socrú síos san Astráil.

San Astráil, chuir sé clár mór bonneagair phoiblí i gcrích in Victoria agus bhí gnólacht tógála den scoth san Astráil faoina stiúir. Níos déanaí fós, bhunaigh agus chuir sé clár foirgníochta príosúin \$2.5bn i bhfeidhm do New South Wales. Sular tháinig sé go Baile Átha Cliath, bhí Seán ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar City Rail Link Ltd, an chuideachta a raibh an cúram uirthi an chéad mheitreo faoi thalamh sa Nua-Shéalainn a sheachadadh in Auckland, arbh é an tionscadal bonneagair is mó riamh sa Nua-Shéalainn é.

D'éirigh Sean as mar Stiúrthóir Cláir MetroLink ón 22 Meitheamh 2026.



Sandra McCarthy, Ceannasaí Rialachais & Dlí

Rúnaí an Bhoird

Is Ceannasaí Rialachais & Dlí agus Rúnaí an Bhoird ag BIÉ í Sandra McCarthy. Is aturnaí cáilithe í agus chuaigh sí le BIÉ in 2017 mar Dhlíodóir Maoine inmheánach, ag bainistiú gach saincheist dlí maoine do BIÉ. Ceapadh Sandra mar Cheannasaí Rialachais agus Dlí in 2024, agus tá maoirseacht á déanamh aici ar sholáthar seirbhísí dlí do BIÉ agus ar nithe a bhaineann le rialachas corporáideach.

Tá céim onóracha ag Sandra sa Dlí & Staidéar Eorpach agus Diplóma Ardleibhéil sa Dlí Pleanála & Comhshaoil. Tá cead aici an dlí a chleachtadh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag freisin.

Freagrachtaí an Bhoird

Ábhair atá Forchoimeádtar don Bhord

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas BIÉ na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach go ndéanfaidh an Bord cinneadh orthu. Forchoimeádtar na príomhábhair seo a leanas le haghaidh cinnidh ón mBord:

- faomhadh Chód Cleachtais BIÉ;
- faomhadh na Tuarascála Bliantúla, an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Gnó Chorpáraidigh;
- faomhadh na Ráiteas Airgeadais;
- téarmaí tagartha na gcoistí Boird;
- leibhéil údarais tharmilgthe, beartas státhiste agus beartais bainistíochta riosca;
- aon chinneadh chun feidhm a chomhlíonadh go díreach seachas trí Údarás Áitiúil;
- scéimeanna nua dolaí a bhunú nó scéim dolaí a chúlghairm; fodhlíthe nua do scéim dolaí nó córas iarnróid;
- ceapadh, luach saothair, bainistíocht feidhmíochta agus pleanáil chomharbais maidir leis an POF;
- éadail shuntasach, diúscairt agus scor sócmhainní ar luach is mó ná €1 milliún;

D'fhonn a chinntiú gur féidir leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le treo straitéiseach BIÉ, tá an faomhadh seo a leanas forchoimeádtar don Bhord i dtaobh mórscéimeanna, atá sainithe ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na Treoirínte Bonneagair mar scéimeanna luacha caipitil de bhreis is €200 milliún. Aon chinneadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ordú ceannaigh éigeantaigh agus EIS a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
- iarratas ar Ordú mór Iarnróid a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
- dámhachtain an phríomhchonartha chun mórscéim a thógáil a fhaomhadh;
- conradh CPP a iontráil (forchoimeádtar gach conradh CPP, fiú mura conarthaí móra iad); agus

faoi Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla an Rialtais, tá dualgas ar BIÉ úsáid a bhaint as an tsraith foirmeacha conartha do Chonarthaí Oibreacha Poiblí (PWC). Sa chás nach mbíonn na foirmeacha PWC sin oiriúnach lena n-úsáid ar thionscadal BIÉ, féadfaidh BIÉ maolú a lorg ón gCoiste Conarthaí Rialtais um Thógáil (GCCC) faoi Alt 6 (c) i gCiorclán 01/2016 ó DPENDPDR. Teastaíonn faomhadh an Bhoird, chomh maith, d'aon athraitheas suntasach ar théarmaí agus coinníollacha conartha uathu siúd a bhfaomhann DPENDPDR nó GCCC iad. I gcás go mbeartófar cead a lorg ó GCCC le haghaidh maolú ón riachtanas sraith PWC a úsáid, déanfaidh siad siúd a bhfaomhann DPENDPDR nó GCCC iad faomhadh a lorg ón mBord roimh ré, lena gclúdófar an t-iarratas chuig GCCC agus aon athraitheas suntasach ar théarmaí agus coinníollacha conartha.

Tarmilgean ón mBord

Rinne an Bord an méid seo a leanas a tharmilgean:

- úsáid an tSéala, don POF, an Stiúrthóir Seirbhísí Gnó, an Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála agus an Ceann Dlí agus Rialachais mar Rúnaí leis an mBord (tá a úsáid le cur le taifead i dTuarascáil an POF leis an mBord);
- faomhadh Luasteorainneacha don POF nó d'aon bhall foirne atá údaraithe amhlaidh;
- saincheisteanna pleanála don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó d'aon bhall foirne atá údaraithe amhlaidh;
- moltaí do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, dá bhforáiltear in alt 23 d'Achtanna na mBóithre;
- daoine údaraithe a cheapadh, maidir le cigireacht, suirbhéireacht agus a leithéid, dá bhforáiltear i gCuid 78 d'Acht na mBóithre; agus
- teoracha a thabhairt d'Údarais Áitiúla, dá bhforáiltear i Rialachán 3(7) de na Rialacháin um Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagair Bóithre.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear in Acht na mBóithre, 1993 go 2015, ar BIÉ ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá Bord BIÉ freagrach as taifid chuif chuntasaíochta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais BIÉ agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na mBóithre, 1993 go 2015.

Tá BIÉ freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar BIÉ an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- a chinntiú go mbíonn aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama;
- a chur in iúl cé acu a cloíodh nó nár gcloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais;
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais BIÉ agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas mura cuí a mheas go leanfaidh BIÉ de bheith i mbun oibriúcháin.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar feidhmíocht BIÉ i gcomparáid leis an bplean agus leis an mbuiséad bliantúil a mheas ag gach cruinniú Boird. Measann an Bord go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais BIÉ ar an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Is faoin Aire atá comhdhéanamh an Bhoird, mar aon le ceapadh agus athcheapadh na gComhaltaí Bhoird agus téarmaí agus coinníollacha a gceaptha. Faoin gCód Cleachtais, sa chás go measann an Cathaoirleach go dteastaíonn scileanna ar leith ar an mBord, féadfaidh sé/sí an tAire a chur ar an eolas, d'fhonn gur féidir leis an Aire dearcthaí an Chathaoirligh a chur san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh.

Tá an Bord sásta go bhfuil a Chomhaltaí saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh gur dhóchúil go n-imreoidís tionchar ábhartha ar fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách. Déanann gach Comhalta Boird aon leas a nochtadh agus ní bhíonn siad i láthair nuair a bhíonn plé agus cinntí á ndéanamh nuair nach mbíonn siad ar aon intinn faoi rud éigin nó nuair a bhíonn leas díreach nó indéach acu, faoi mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais. Tá gach Comhalta faoi réir cheanglais nocht Alt 37 d'Acht na mBóithre, 1993 agus cuireann siad Dearbhuithe Leasa ar fáil, faoi mar a cheanglaítear in Alt 40. Buanmhír ar chlár na gcruinnithe Boird uile iad Coimhlintí Leasa.

Comhlánaíonn Comhaltaí Boird ceistneoir meastóireachta féinmheasúnaithe an Bhoird gach bliain agus comhlánaíonn comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca seicliosta d'éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Éilítear faoin gCód Cleachtais go ndéanfar measúnacht sheachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird gach trí bliana. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais in R1 2025, agus déanfar é a thuairisciú don Bhord in R2 2026.

Cothromaíocht Inscne i gComhaltas an Bhoird

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí cúigear comhaltaí baineanna (41.66%) agus seachtar comhaltaí fireanna (58.34%) ar an mBord, agus bhí suas le dhá phost folamh.

Dá bhrí sin, baineann an Bord sprioc an Rialtais amach d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Tá lánrogha iomlán ag an Aire Iompair maidir le ceapacháin ar Bhord BIÉ faoi Acht na mBóithre

Tarraingítear aird an Aire ar chothromaíocht inscne Bhord BIÉ sa Tuarascáil Chuimsitheach bhliantúil.

Comhaltaí Boird – Sceideal na dTearmaí Ceapacháin

	Comhalta Boird	Ról	Dáta an Chéad Cheapacháin	Deireadh leis an Téarma Reatha
1	Gareth Llewellyn	Cathaoirleach	23.11.21	31.05.26
2	Peter Walsh	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	22.10.20	30.09.25
3	Lorcan O'Connor	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	01.10.25	30.09.30
4	Mary O'Donovan	Gnáthchomhalta	11.10.18	10.10.26
5	Aebhric Mc Gibney	Gnáthchomhalta	11.10.18	10.10.26
6	Desmond Kenny	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.26
7	Patricia O'Shea	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.26
8	Damien Ó Tuama	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.26
9	Aidan Skelly	Gnáthchomhalta	07.10.20	06.10.26
10	Colette Byrne	Gnáthchomhalta	25.01.21	24.01.26
11	Michael Wall	Gnáthchomhalta Cathaoirleach	15.05.23 01.06.26	15.05.28 28.02.27
12	Sadhbh O'Neill	Gnáthchomhalta	15.05.23	15.05.28
13	AnnMarie Farrelly	Gnáthchomhalta	15.05.23	15.05.28

Tá struchtúr éifeachtach Coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Bhunaigh an Bord an dá Choiste seo a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá cúigear comhaltaí Boird ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, faoi chathaoirleacht Mary O'Donovan. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air as riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá dearbhuíte maidir le riachtanais dearbhaithe an Bhoird a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a shláine atá na dearbhuithe sin. Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ina théarmaí tagartha scríofa, a athbhreithníonn an Coiste agus a fhaomhann an Bord ar bhonn bliantúil.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuairisciú foirmiúil leis an mBord agus déanann siad faisnéis nó comhairle a sholáthar faoi mar a mheastar is cuí, trí chuir i láthair rialta Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca don Bhord faoi ghníomhaíochtaí, saincheistanna agus moltaí gaolmhara an choiste. Cuireann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord, atá uainithe chun tacú le cur i gcrích na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus déanann sé achoimre a chur ar fáil ar a chonclúidí ón obair a rinneadh i rith na bliana.

An Coiste Bonneagair

Tá seachtar ball den Bhord ar an gCoiste Bonneagair, faoi chathaoirleacht Aidan Skelly. Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Bonneagair ina théarmaí tagartha scríofa, a athbhreithníonn an Coiste agus a fhaomhann an Bord ar bhonn bliantúil. Tacaíonn an Coiste Bonneagair leis an mBord i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí rialachais, cinnteoireachta agus maoirseachta i leith na dtionscadal bonneagair suntasach agus cothabhála. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord agus tugann sé moltaí dó maidir leis na freagrachtaí seo a chomhlíonadh.



Comhaltaí Boird – Sceideal Tinrimh

2025	Bord		An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca		An Coiste Bonneagair	
	A	B	A	B	A	B
Gareth Llewellyn	10	10	-	-	9	9
Peter Walsh	8	7	-	-	8	7
Lorcan O'Connor	2	2			2	2
Colette Byrne	10	10	7	9	-	-
Desmond Kenny	10	10	7	6	-	-
Aebhric Mc Gibney	10	9	-	-	9	9
Mary O'Donovan	10	10	7	9	-	-
Patricia O'Shea	10	10	7	9	-	-
Damien Ó Tuama	10	10	7	6	-	-
Aidan Skelly	10	8	-	-	9	6
Michael Wall	10	10	-	-	9	9
Sadhbh O'Neill*	10	7	-	-	9	9
AnnMarie Farrelly	10	9	-	-	9	9

* Sheas Sadhbh O'Neill d'Oifig Phoiblí in 2024 agus dá bhrí sin, tharraing sí siar ón mBord ón 11 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025.

Léiríonn **Colún A** líon na gcrúinnithe a tionóladh le linn 2025 nuair a bhí an Comhalta Boird ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.

Léiríonn **Colún B** líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2025 nuair a bhí an Comhalta Boird ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste. .



Comhaltaí Boird – Sceideal Táillí agus Costas

			2025	2025
		Nóta	Táillí (€)	Costais (€)
Gareth Llewellyn	Cathaoirleach	Nóta 1	20,520	10,367
Peter Walsh	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Nóta 1	-	-
Lorcan O'Connor	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Nóta 1	-	-
Colette Byrne	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	935
Desmond Kenny	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	426
Aebhric Mc Gibney	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	-
Mary O'Donovan	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	863
Sadhbh O'Neill	Gnáthchomhalta	Nóta 2	10,953	
Patricia O'Shea	Gnáthchomhalta	Nóta 1	-	-
Damien Ó Tuama	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	-
Aidan Skelly	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	1,068
Michael PG Wall	Gnáthchomhalta	Nóta 1	11,970	-
AnnMarie Farrelly	Gnáthchomhalta	Nóta 1	-	-
Iomlán			115,263	13,430

Nóta 1: Tá feidhm ag Táillí Boird Chomhaltaí Seirbhíse Poiblí Neamhthráchtála, Catagóir 2 (Cathaoirleach €20,520, Stiúrthóir €11,970) ón 14 Iúil 2015. I gcomhréir leis an bprionsabal "Duine Amháin, Tuarastal Amháin" de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, níor íocadh táille le Peter Walsh, Lorcan O'Connor, Patricia O'Shea ná AnnMarie Farrelly as fónamh ar an mBord.

Nóta 2: Sheas Sadhbh O'Neill d'Oifig Phoiblí in 2024 agus dá bhrí sin, tharraing sí siar ón mBord ón 11 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Bhí athrú amháin ar chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana; féach an tábla "Comhaltaí Boird – Sceideal Téarmaí Ceapacháin" chun faisnéis a fháil.



Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus na hianscríbhinní a ghabhann leo.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon BIÉ riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach faoin gCód:

Costais Chomhairleoireachta

Ar chostais chomhairleoireachta, ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách

	2025	2024
Costais Chomhairleoireachta	€'000	€'000
Comhairle Dlí	2,847	2,444
Cáin, comhairle airgeadais/achtúireach	277	224
Eile – Bainistíocht Tionscadail agus Tacaíocht Ghnó	479	145
Iomlán	3,603	2,813
Costais chomhairleoireachta arna gcaipitiú	0	0
Costais chomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	0	0
Iomlán	3,603	2,813

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Sa tábla thíos tugtar miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair BIÉ, a nochtar i gcostais Chomhairleoireachta thuas.

Costais agus Socraíochtaí Dlí	2025	2024
	€'000	€'000
Táillí dlí – imeachtaí dlí	305	739
Idir-réiteach agus eadráin	0	0
Socraíochtaí	89	0
Iomlán	394	739

Áirítear ar na costais dlí seo costais le haghaidh 1 chás (2024: 1 chás). Ní ann d'aon chostais do dhíospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag comhlachtaí Stáit eile. Áirítear sna táillí dlí costais dlí a bhaineann le bailiú dolaí. D'foc árachóirí BIÉ costais agus socraíochtaí breise. Baineann na costais idir-réitigh agus eadrána thuas leis na costais sin a thabhaigh BIÉ go díreach agus ní áirítear leo focaíochtaí idir-réitigh agus eadrána a d'foc Údarás Áitiúla.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2025	2024
	€'000	€'000
Intíre		
- Bord	2	9
- Fostaithe	557	423
Idirnáisiúnta		
- Bord	12	5
- Fostaithe	167	129
Iomlán	738	566

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas:

	2025	2024
	€'000	€'000
Fáilteachas Foirne	2	1
Fáilteachas Cliaint	0	1
Iomlán	2	2



Bainistíocht Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as cinneadh a dhéanamh ar chineál agus méid na rioscaí suntasacha atá sé toiliúil a ghlacadh chun cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaint amach. Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar theagmhais riosca ábhartha agus tabharfaidh sé faoi deara nó ceadóidh sé gníomhartha bainistíochta, de réir mar is iomchuí.

Cé go bhfuil an fhreagracht deiridh ar an mBord, tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis, a chuireann torthaí a n-athbhreithnithe in iúl don Bhord. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascálacha rialta ón mBainisteoir Riosca Chorporáidigh ina leagtar amach na príomhrioscaí straitéiseacha agus déanann na hiniúcháirí inmheánacha agus neamhspleácha measúnú ar dhul chun cinn i gcoinne pleananna gníomhaíochta comhaontaithe chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú le linn an phróisis iniúcháireachta

Beartas Bainistíochta Riosca BIÉ

Tá Beartas Bainistíochta Riosca BIÉ faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ón mBord lena dheimhniú go gcloíonn sé le dea-chleachtas agus go gcomhlíonann sé ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Creat Bainistíochta Riosca BIÉ

Ghlac BIÉ Creat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta chun tacú lena Ráiteas Straitéise agus lena Phlean agus Buiséad Bliantúil. Áirítear leis an gcreat próiseas bainistíochta riosca saincheaptha chun a chinntiú go ndéantar príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú, tús áite a thabhairt dóibh, a bhainistiú, a athbhreithniú agus a thuairisciú go comhsheasmhach ar fud gach réimse in BIÉ. Déanann Coiste Riosca Fiontraíochta athbhreithniú ar rioscaí fiontraíochta agus cuirtear iad le plé níos fairsinge an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Sanntar úinéir do gach riosca fiontraíochta ón bhfoireann Feidhmiúcháin a dhéanann athbhreithniú rialta ar a rioscaí sannta.

Úsáideann an fhoireann Feidhmiúcháin na cuspóirí straitéiseacha chun riosca agus éiginnteacht fhéideartha a shainaithint. Úsáidtear an t-aschur ó na cleachtaí seo chun athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar gach clár rioscaí ar fud BIÉ. Tacaíonn inghlachtacht shainithe riosca le beartú tosaíochta agus pleanáil mhaolaithe, agus cumasaíonn sé iad.

Déanann BIÉ athbhreithniú rialta ar a chreat bainistíochta riosca agus ar chur i bhfeidhm a chleachtas bainistíochta riosca lena chinntiú go mbíonn siad chun dáta agus ábhartha i gcónaí.

Chuir BIÉ Creat Bainistíochta Riosca i bhfeidhm in 2017. Tá an creat faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ón mBord.

Inghlachtacht Riosca BIÉ

Glacann BIÉ cur chuige coimeádach i leith riosca, rud atá comhsheasmhach lena ról mar ghníomhaireacht reachtúil stáit neamhthráchtála agus le ceanglais chuntasachta na hearnála poiblí. Aithnítear, fiú sna heagraíochtaí is airí agus is stuama a mheastar a bheith ann, go gcaithfidh nuálaíocht agus athrú tarlú agus, dá bhrí sin, ag brath ar an ngníomhaíocht nó ar an tosaíocht, go bhfuil gá le hinghlachtacht riosca go pointe áirithe.

Cuirtear straitéisí in oiriúint chun riosca a rialú i leith a mhéid atá BIÉ toiliúil chun freastal ar riosca, ar aon dul le Ráiteas Inghlachtachta Riosca BIÉ. Breithníonn úinéirí riosca BIÉ an bhfuil na rialuithe riosca agus na gníomhaíochtaí maolaithe reatha leordhóthanach chun an dóchúlacht nó an iarmhairt fhéideartha a bhaineann leis an riosca a thabhairt go leibhéal inghlachta. Déantar gníomhartha breise a shainiú agus a chur i bhfeidhm mura meastar go bhfuil an riosca laistigh den inghlachtacht.

Tá inghlachtacht riosca BIÉ faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ón mBord.



Ráiteas Comhlíontachta

Chuir BIÉ tús le bearta cuí chun an Cód Cleachtais a chomhlíonadh ina leagtar amach prionsabail rialachais chorpóraidigh ar gá do bhoird comhlachtaí stáit cloí leo.

Chomhlíon BIÉ an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2025.

Don bhliain 2025, bhí BIÉ cumhdaithe ag Comhaontú Maoirseachta agus Soláthair Feidhmíochta 2021 go 2025 idir BIÉ agus an Roinn Iompair, mar a dhéantar a uasdátú ar bhonn bliantúil mar chuid de chomhaontú forlíontach soláthair feidhmíochta chun ionchuir bhliantúla airgeadais agus acmhainní daonna a léiriú.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Comhlíonann BIÉ rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile a leagtar síos, inter alia, sa reachtaíocht seo a leanas:

- Achtanna na mBóithre, 1993 go 2015 (arna leasú);
- An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 (arna leasú);
- An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 (arna leasú);
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna leasú);
- An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001;
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú);
- An tAcht um Míchumas, 2005;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005;
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014;
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (arna leasú);
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú);
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018 agus reachtaíocht ghaolmhar;
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS);
- An tAcht Comhdhlúite Cánacha (arna leasú).

Ceartha Daonna agus Comhionannas BIÉ

Admhaíonn BIÉ a dhualgas san earnáil phoiblí faoi Chuid 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus tá sé tiomanta a chinntiú go bhfuil cultúr meas ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas ann dá fhoireann agus do na daoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh.

Treoraithe ag na prionsabail agus na ceartha atá leagtha amach i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine ('UDHR'), glacann BIÉ dearcadh leathan ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas agus tá príomhréimsí sainaitheanta aige ina bhfuil aird ag an eagraíocht ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas ina cuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

1. Inrochtaineacht
2. Sláinte & Sábháilteacht an Duine
3. Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
4. Inbhuanaitheacht

Seo a leanas gníomhaíochtaí ábhartha maidir le Ceartha an Duine agus Comhionannas a chríochnaigh BIÉ in 2025 i ngach ceann de na príomhréimsí sin mar aon le samplaí de dhá thionscadal, MetroLink agus Luas Fhionnghlaise, a léiríonn tiomantas BIÉ do Chearta an Duine agus don Chomhionannas ina chuid gníomhaíochtaí:

Inrochtaineacht

Tacaíonn BIÉ le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM), a dhaingnigh Éire in 2018, a bhfuil sé mar chuspóir aige tairbhiú iomlán agus cothrom ceartha uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú. Leanann BIÉ de thacaíocht a thabhairt do phríomhchláir rialtais amhail an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais agus a comharba, an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030. Is cur chuige uile-rialtais é sin, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, thart ar chúig théama

spriocdhírthe: oideachas ionchuimsitheach, fostaíocht, maireachtáil neamhspleách, sláinte/folláine agus iompar/soghluaisteacht.

Ina theannta sin, tacaíonn BIÉ le beartas gaolmhar na Roinne Iompair (DoT), lena n-áirítear a Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus 'Rochtain ar Iompar do Chách', a bhfuil sé mar aidhm aige iompar poiblí a dhéanamh iomlán inrochtana agus a chuireann Dearadh Uilíoch i gceartlár an iompair.

Tháinig an Gníomh Eorpach um an Inrochtaineacht i bhfeidhm i Meitheamh 2025. Cuireann sé sin oibleagáidí ar gach rannán in BIÉ maidir lena bhonneagar, a tháirgí agus a sheirbhísí.

Nuair a chuirtear an méid thuas san áireamh, leanann BIÉ ag dul i gcomhairle a fhairsinge agus is féidir ar cheisteanna míchumais, chun cloí le dea-chleachtas in iompar poiblí inbhuanaithe agus inrochtana agus chun bealaí nuálacha a lorg chun spriocanna a leagtar amach i mbeartas eagraíochtúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a thabhairt chun cinn.

Tugann Grúpa Úsáideoirí Luas comhairle do BIÉ maidir le hinrochtaineacht a sheirbhísí agus a áiseanna iompair d'fhonn seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú do gach duine de réir "Rochtain ar Iompar do Chách", Plean Earnála na Roinne faoin Acht um Míchumas, 2005. Téann Grúpa Úsáideoirí Luas i gcomhairle i dtaca le hIarnród Éadrom, Meitreo, Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí agus Mótarbhealaí (lena n-áirítear Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaí) agus bhuail siad le chéile ceithre huaire ar bhonn réamhsceidealaithe in 2025. Áiríodh leis na cruinnithe seo nuashonruithe agus aiseolas ar gach tionscadal leanúnach, chomh maith le plé a bhaineann le hoibríochtaí agus seirbhísí ar fud na ngréasán iompair phoiblí, bóithre agus glasbhealaí.

I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, tá iarracht déanta ag BIÉ teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas, trí na hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOanna). Seoladh cuireadh chuig gach ball de Chomhrialtas DPO in 2021, in 2022 agus arís in 2024 chun páirt a ghlacadh. Ba é cuspóir an méid seo cuireadh a thabhairt do ghrúpaí nó do dhaoine dul i gcomhairle go díreach maidir le gach tionscadal

dá mba mhian leo é sin. Ba é Voice of Vision Impairment (VVI) an t-aon DPO a d'fhreagair dó agus dá bhrí sin, tá BIÉ ag obair go dlúth leo ar gach ábhar a bhaineann le hiompar ó shin. In 2025, thionóil BIÉ dhá chruinniú dhéthaobhacha le VVI, ag díriú ar thionscadal Acomhal Bus na Bó Deirge. D'fhéach BIÉ le bealaí nua le hábhair amhairc agus líníochtaí casta innealtóireachta a chur in iúl do dhaoine a mbaineann cailliúint radharc na súl dóibh. D'oibrigh Oifigeach Rochtana BIÉ leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus chuaigh sé i gcomhairle le comhlachtaí poiblí eile chun modhanna éifeachtacha cumarsáide inrochtana d'ábhar amhairc a fhorbairt.

Chomh maith le cruinnithe sceidealaithe, eagraíonn BIÉ cur i láthair topaicí sonracha agus cuairteanna suímh leis an nGrúpa Úsáideoirí agus le DPOanna freisin. In 2025, tugadh cuireadh do speisialtóirí BIÉ an Grúpa Úsáideoirí agus daoine eile a chur ar an eolas faoi thionscadal Acomhal Bus na Bó Deirge, agus forbraíodh cur chuige comhdheartha idir BIÉ agus an Grúpa Úsáideoirí maidir le haistreoga iompair fhrithshóisialta agus ábhar cumarsáide eile atá beartaithe ar bord.

Tar éis don Choimisiún Pleanála an tOrdú Iarnróid do MetroLink a dheonú i mí Dheireadh Fómhair 2025, tá sé ríthábhachtach go gceapfaidh MetroLink na speisialtóirí iomchuí chun na gealltanais a tugadh maidir le rannpháirtíocht leanúnach ar feadh shaolré an tionscadail a chomhlíonadh. Tá gealltanais tugtha ag BIÉ agus MetroLink go reáchtálfar sraith de cheardlanna téamacha le Grúpaí Úsáideoirí agus DPOanna agus an dearadh mionsonraithe á dhéanamh. I bhfianaise scála agus thionchar féideartha scéim MetroLink, is inmholta Oifigeach Rochtana tiomnaithe agus Foireann Rochtana a cheapadh ar an bhfoireann tionscadail iomlán, chun a chinntiú go bhfuil inrochtaineacht leabaithe i ngach disciplín agus cinneadh. Tá tuilleadh sonraí faoin mbealach ar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le Cearta an Duine agus Comhionannas i dTionscadal MetroLink leagtha amach faoi 'MetroLink' thíos.

Chomh maith leis na ról riachtanacha mar Oifigeach Rochtana agus Fiosrúcháin, tá Coiste Inrochtaineachta inmheánach bunaithe ag BIÉ chun cur chuige tras-rannach a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus chun na

caighdeáin seirbhíse is airde a spreagadh do gach úsáideoir. Tá an Coiste comhdhéanta de dhaoine aonair ó gach ceann de stiúirtheachtaí BIÉ agus d'fhorbair sé prótacail chun aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas, inter alia: An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, Rialacháin (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí) an Aontais Eorpaigh, 2020 agus An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 2015, chomh maith le hoiliúint leanúnach a mholadh do bhaill foirne i réimse na hoiliúna feasachta ar mhíchumas agus cumarsáid inrochtana.

Seoladh tionscadal nuálaíochta BIÉ, dar teideal 'Gach Duine ar Bord: Podchraoladh Inrochtaineachta BIÉ,' i mí na Bealtaine 2023 agus glacadh go maith leis agus tugadh tacaíocht dó. Táthar ag súil go bhféadfadh meán na podchraoltóireachta bealach nuálach, neamhfhoirmeálta a éascú le cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí agus leis an bpobal i gcoitinne, agus go bhféadfadh sé taisteal gan bhaic a chur chun cinn agus tuiscint níos fearr a chothú maidir le riachtanais úsáideoirí. D'eascair caidreamh dearfach as an bpodchraoladh le comhpháirtithe Eorpacha san iompar poiblí trí Chumann Idirnáisiúnta Iompair Phoiblí (UITP), agus TRIPs srl. agus bhí sé ina uirlis úsáideach le haghaidh foghlama agus cumarsáide. Tá súil againn an smaoineamh a leathnú agus eipeasóidí breise a chruthú go luath amach anseo.

Chomh maith leis sin, thacaigh BIÉ leis an bhfeachtas Soilse Corcra i gcaitheamh na mblianta, a reáchtáiltear gach bliain i mí na Nollag chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh. Tá droichid, dola-phláis, stórais agus bonneagar eile soilsiithe i gcorcra in onóir éagsúlacht na ndaoine atá faoi mhíchumas ar fud na tíre seo.



Sláinte agus Sábháilteacht an Duine

Tá an ceart ag gach oibrí dálaí sábháilte agus sláintiúla oibre a bheith acu. Leagtar amach cearta agus oibleagáidí fostóirí agus fostaithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú). Tá BIÉ go hiomlán tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus leas ár bhfostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú. Is é ár mbeartas cultúr agus iompar dearfach agus réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistíocht riosca agus rannpháirtíocht fostaithe ar fud na heagraíochta.



Stáisiún Mhainistir na Corann, Co. Chorcaí

Ráiteas Rialachais BIÉ agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Le linn 2025, rinne BIÉ athbhreithniú mionsonraithe ar a Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS). Bhain BIÉ athdheimhniú amach ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) BIÉ le haghaidh ISO45001 i mí an Mhárta 2025. Lean BIÉ de mhonatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh maidir le comhlíonadh rialachán sláinte agus sábháilteachta tógála ar thionscadail bóithre agus iarnróid éadroim BIÉ. In 2025, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Eagraíochta Iarnróid (SMS) BIÉ, rud a chomhlíonann riachtanas le haghaidh eagraíochtaí iarnróid faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid.

Cuireadh sraith de ghníomhaíochtaí ar fáil le linn na bliana mar chuid de chlár folláine leanúnach BIÉ, “Flourish”, agus na ceithre ghné, Folláine Fhisiceach, Folláine Mheabhrach, Folláine Shóisialta agus Folláine Airgeadais á gcóradh iontu. Áiríodh i gclár 2025 ceardlanna pleanála airgeadais chun tacú le fostaithe a n-airgeadas pearsanta agus a bpleanáil don todhchaí a bhainistiú chomh maith le ceardlann struis agus athléimneachta a dearadh chun uirlisí praiticiúla a chur ar fáil don fhoireann chun brúnna san ionad oibre agus brúnna pearsanta a bhainistiú. Lean BIÉ de bheith ag tacú le seachtainí folláine trí shraith cainteanna, ceardlann agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear seiceálacha leighis, vacsaíní fliú a chur ar fáil agus Caint ar Shláinte Cluas agus Éisteachta a eagrú.



Droichead Rose Fitzgerald Kennedy, Co. Phort Láirge

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Lean BIÉ ar aghaidh ag tógáil ar fheasacht ar Chothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú leis an bhfoireann in 2025. Is mar seo a leanas a rinneadh é:

- Clár EDI BIÉ, a chuireann réimse oiliúna/tionscnamh ar fáil i rith na bliana ar nós: Oiliúint Feasachta ar Néara-éagsúlacht agus Oiliúint maidir le Claontacht Neamh-chomhfhiosach;
- Lá Idirnáisiúnta na mBan a Chur Chun Cinn
- Tacaíocht leanúnach do Mhná atá ag dul trí Shos Míostaithe agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag mná san ionad oibre ar na táirgí sláintíochta riachtanacha a theastaíonn uathu agus chun cuid den ualach airgeadais gaolmhar a mhaolú
- Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní, agus foilsíodh tuarascáil BIÉ i mí na Samhna 2025.

Inbhuanaitheacht

Is í an inbhuanaitheacht an treoirphrionsabal trína ndéanann BIÉ a fheidhmeanna. Rinneadh gníomhaíocht fairsing faoi Inbhuanaitheacht in 2025 agus leagtar é sin amach go mion sa Tuarascáil Bhliantúil faoi na ceannteidil 'Inbhuanaitheacht' agus 'Gníomhú ar Son na hAeráide' in BIÉ'.

MetroLink

Is é BIÉ an Ghníomhaireacht Urraíochta do Thionscadal MetroLink, tionscadal bonneagair meitreo i mBaile Átha Cliath. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir BIÉ iarratas isteach chuig an mBord Pleanála (ar a dtugtar An Coimisiún Pleanála (ACP) anois) maidir le hiarnród meitreo a thógáil idir Sord agus Charlemont i mBaile Átha Cliath. An 30 Meán Fómhair 2025, dheonaigh ACP Ordú Iarnróid (OI) do BIÉ, a tháinig i bhfeidhm an 12 Eanáir 2026. Tá measúnú á dhéanamh ar shaincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas mar chuid d'fhorbairt leanúnach Thionscadal MetroLink agus cuireadh go leor díobh sin san áireamh faoin Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus sceidil de chearta maoine atá le fáil, a cuireadh isteach leis an iarratas. Tá achoimre ghairid leagtha amach anseo thíos:

Ceartha Réadmhaoine a Bhreithniú: Cuimsítear san Ordú Iarnróid dearadh don bhealach agus do stáisiúin, TMTT cuimsitheach maidir leis na hoibreacha beartaithe mar aon leis na ceanglais maidir le ceannach maoine (sealadach agus buan araon) a theastaíonn chun tógáil an tionscadail a cheadú chomh maith le hoibriú amach anseo. Mar chuid de ghné an cheanglais réadmhaoine, bhí BIÉ feasach go háirithe ar stádas agus ar chosaint ceartha réadmhaoine in Éirinn, lena n-áirítear cosaintí atá le fáil sa Bhunreacht. Leis an OI tugadh cumhachtaí do BIÉ ceartha agus leasanna a fháil go héigeantach i dtailte áirithe, agus mar thoradh air sin beidh tionchar suntasach ar mhaoín atá faoi úinéireacht daoine aonair agus cuideachtaí. Dá réir sin, tá iarracht déanta ag BIÉ roinnt tionscnamh agus cleachtas a chur i bhfeidhm chun cabhrú le teagmháil a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine lena mbaineann roimh dheonú agus tar éis dheonú an OI; lena n-áirítear Straitéis um Fháil Talún MetroLink (a foilsíodh i Meán Fómhair 2022) – príomhghné den straitéis sin ab ea teagmháil luath le daoine lena mbaineann sula ndeimhnítear an tOrdú Iarnróid. Déantar é sin chun riachtanais iomlána na ndaoine lena mbaineann a mheas, a gcúinsí aonair a mheas agus, más féidir, teacht ar réamh-chomhaontú coinníollach maidir le haistriú leasanna réadmhaoine.

Tuigeann agus admhaíonn BIÉ a thábhachtaí atá sé go mbeadh úinéirí réadmhaoine cónaithe in ann a ngnóthaí a phleanáil leis an oiread fógra agus is féidir, agus chuige sin, rinne BIÉ plé le húinéirí réadmhaoine roimh an OI. Tá foireann rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ag BIÉ freisin a leanann leis an rannpháirtíocht sin le húinéirí réadmhaoine cónaithe anois os rud é gur deonaíodh an OI. Ar leithligh, tá seirbhísí Gníomhaireachta Ligin agus Bainistíochta Cónaithe fostaithe ag BIÉ chun cabhrú le tionóntaí lena mbaineann tabhairt faoi chuardach maoine chun cabhrú le cóiríocht oiriúnach eile a aithint. Go háirithe, tá conradh sonrach ann do College Gate (70 árasán) a bhfuil raon feidhme ann do sheirbhísí athlonnaithe.

Cosaint ar dhamáiste do réadmhaoín: Scéim um Chosaint Úinéirí Maoine (POPS) – is éard a bheidh sa scéim dheonach seo suirbhéanna baile ar réadmhaoín chónaithe ábhartha (laistigh de 30 méadar ó imeall ailíniú an tolláin nó 50 méadar ó struchtúir stáisiúin) chun bail na réadmhaoine a fháil amach roimh, le linn (má mheastar go bhfuil gá leis) agus tar éis an tionscadal beartaithe a chur i gcrích. Cinnfidh na suirbhéanna an bhfuil aon mheath tagtha ar na réadmhaoine a ndearnadh suirbhé orthu, an bhféadfadh sé go mbeadh sé inchurtha i leith an tionscadail bheartaithe, agus molfaidh siad deisiúcháin de réir mar is cuí. Má mholann suirbhé eatramhach nó an suirbhé deiridh ar riocht na mhaoine arna dhéanamh ag an suirbhéir foirgníochta ceaptha deisiúcháin a dhéanamh chun damáiste de dheasca oibreacha MetroLink a cheartú, déanfar deisiúcháin suas le luach airgid méadaithe iomlán de €75,000. Le linn Éisteacht ó Bhéal 2024 don iarratas ar Ordú Iarnróid MetroLink, síneadh na paraiméadair POPS sa chaoi, i gcás ina síneann an comhrian socraíochta 1mm thar na teorainneacha 30m agus 50m thuas, gur síneadh teorainn POPS dá réir. Ina theannta sin, má tá réadmhaoín ceangailte go díreach le teach atá incháilithe do POPS, beidh tusa incháilithe do POPS freisin. Ó seoladh an Scéim Cosanta d'Úinéirí Réadmhaoine go mall i 2023, tá 27% d'úinéirí sna ceantair incháilithe i ndiaidh clárú leis an scéim.

Sláinte agus Leas an Duine: Agus aird á tabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus ar leas gníomhaíochtaí foirgníochta, cuirfear raon beart maolaithe dusta agus torainn i bhfeidhm ar fud na scéime le linn na gcéimeanna foirgníochta chun na tionchair is lú is féidir a chinntiú ar úinéirí agus áititheoirí réadmhaoine in aice láimhe. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo tairiscintí ar athlonnú sealadach. Cuirfear na bearta seo i bhfeidhm chun cearta réadmhaoine an duine aonair a chaomhnú agus chun a chinntiú go dtabharfar tosaíocht d'aon tionchair fhéideartha ar shláinte an duine

Inrochtaineacht - Stáisiún agus Bordáil:

Dearadh MetroLink ar phrionsabal Rochtain do Chách, chun a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gcóras agus é a úsáid go héasca agus gur féidir leo taisteal go neamhspleách. Forbraíodh an dearadh chun na ceanglais reachtacha go léir a bhaineann le hinrochtaineacht a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Míchumas, 2005 agus ina dhiaidh sin an Plean Earnála um Iompar Inrochtana faoin Acht um Míchumas, 2005 (DTTAS 2012), chomh maith leis na Rialacháin Foirgníochta agus an Gníomh Eorpach um an Inrochtaineacht – a tháinig i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025.

Seo thíos samplaí de na gnéithe atá san áireamh i dtionscadal MetroLink ina leith sin

- Beidh urlár na traenach ag an leibhéal céanna leis an ardán;
- Beidh bearna an-chúng idir an traein agus an t-ardán, chun bordáil shábháilte agus chothrom a chinntiú;
- Beidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí, daoine le bugaithe agus daoine le bagáiste in ann rochtain shábháilte a fháil ar gach traein, trí bhordáil chomhréidh;
- Tá an taobh istigh deartha chun infheictheacht uasta na ngreimráillí agus gnéithe eile a chinntiú;
- Cuirtear faisnéis chlosamhairc ar fáil ar bord agus ag ardáin, lena n-áirítear fógraí faoin gcéad stad eile agus an ceann scríbe;
- Is trí staighrí agus trí ardaitheoirí ardchaighdeán/ardlín paisinéirí a fhaightear rochtain ar na hardáin uile chun críocha rochtana uilíche;
- Tá pointí cabhrach ar gach ardán, idirurlár, slí dhála agus pointe cinnteoireachta, lena n-áirítear lúba ionduchtaithe do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu;
- Tá pointí cabhrach ar bord i ngach feithicil le haghaidh cumarsáide le seirbhísí/cúnamh do chustaiméirí;

- i. Déantar athruithe ar leibhéal, imill ardán agus pointí trasnaithe a aibhsiú trí úsáid a bhaint as pábháil tadhlaigh agus úsáidfear ábhar tadhlaigh treorach chun daoine a threorú chuig pointí cinnteoireachta tábhachtacha amhail ardaitheoirí agus pointí cabhrach;
- j. Úsáid chiallmhar thadhlaigh chun rabhadh, treoir agus treos huíomh a thabhairt;
- k. Tá treoracha fuaime agus Braille ar fáil chomh maith le léarscáil thadhlaigh den chóras;
- l. Tá meaisíní díola ticéad feistithe le roghanna tacaíochta fuaime chomh maith le comhéadan ardchodarsnachta inár féidir leis an úsáideoir roghnú a dhéanamh;
- m. Cuimsíonn an córas bailíochtaithe cárta cliste táscairí feidhme fuaime agus amhairc;
- n. Bealach agus comharthaíocht iomasach – úsáid grafaicí eolais agus ró-chomharthaíocht agus torann amhairc a sheachaint;
- o. Leagfar amach troscán ardáin ar bhealach comhsheasmhach, ó stáisiún amháin go stáisiún eile;
- p. Déanfar an timpeallacht sheachtrach a dhearadh go cúramach chun coimhlint le rothair leictreacha agus scútair a sheachaint agus chun nascleanúint shábháilte chuig an stáisiún a chumasú do dhaoine faoi mhíchumas.

Áiseanna Spóirt agus Áineasa: Le linn na céime tógála, beidh tionchar suntasach ar roinnt áiseanna spóirt amhail páirceanna imeartha. Trí na measúnuithe a rinneadh agus an TMTT á ullmhú, fuarthas amach go bhféadfadh cailliúint áiseanna den sórt sin tionchar sláinte agus síceolaíoch a imirt sna limistéir a bhfuil tionchar orthu. Agus é ag tabhairt aghaidh ar an tionchar sin, agus ag obair chun é a mhaolú, tá BIÉ tar éis dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara lena mbaineann chun pleananna a chomhaontú chun páirceanna imeartha atá ann cheana a athchumrú go sealadach chun a n-inúsáidteacht leanúnach a chinntiú, agus i gcásanna áirithe, chabhraigh sé le háiseanna malartacha a aimsiú agus tacú lena n-úsáid le linn thréimhse na n-oibreacha foirgníochta.

Tacaíocht a thabhairt do Pháirtithe

Leasmhara le linn an Phróisis Iarratais ar

Ordú Iarnróid: Chuaigh BIÉ i gcomhar le Saineolaí Neamhspleách Innealtóireachta, RINA Consulting, chun cuidiú leis na Grúpaí Cónaithe Leasmhara (RSG) a ndéantar ionadaíocht dóibh feadh an ailínithe agus tacú leo le linn phróiseas ullmhaithe agus cur isteach an Ordaithe Iarnróid, agus na saincheistanna a thiocfaidh chun cinn le linn an Phróisis Ordaithe Iarnróid. Ó ceapadh RINA in 2021, bhí siad ar fáil mar áis do ghrúpaí páirtithe leasmhara chun cuidiú leo agus iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh Metrolink á mheá acu le linn dóibh a bheith ag glacadh páirte sa phróiseas comhairliúcháin.

Roinn RINA trí thuarascáil le gach grúpa cónaithe. Choimrigh an chéad tuarascáil, i mí Mheán Fómhair 2022, na gníomhaíochtaí ar fad a rinne RINA roimh iarratas ar Ordú Iarnróid. Áiríodh inti soiléiriú ar aon cheistanna agus eolas, agus bhí sí ina cuidiú maidir le tuiscint a fháil ar shaincheistanna eile, de réir mar a d'iarr na Grúpaí Leasmhara. Athbhreithniú ar na doiciméid uile a bhain leis an iarratas ar Ordú Iarnróid a bhí sa dara tuarascáil, i mí na Nollag 2022. Is athbhreithniú ar an doiciméadacht uile a cuireadh ar fáil le linn na hÉisteachta ó Bhéal don iarratas ar Ordú Iarnróid MetroLink an tríú tuarascáil. Eisíodh í sin i Meán Fómhair 2024 agus réachtáil RINA seisiún oscailte de réir mar a bhí gá leo chun plé a dhéanamh le grúpaí ábhartha ar thorthaí thuarascáil Mheán Fómhair 2024. I rith 2023 agus 2025, lean RINA lena rannpháirtíocht leis na RSGanna agus iad ag ullmhú don Éisteacht ó Bhéal os comhair an Bhoird Pleanála. Phléigh RINA moltaí athbhreithnithe MetroLink le Grúpaí Páirtithe Leasmhara ansin bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas maidir le hOrdú Iarnróid.

Chomh maith leis na bearta a glacadh mar chuid den phróiseas iarratais ar Ordú Iarnróid, tá forálacha curtha san áireamh ag BIÉ i gconarthaí tábhachtacha, a éilíonn tacaíocht chonraitheora chun dualgas earnála poiblí BIÉ a chomhlíonadh.

Cearta Cultúir agus Oidhreacht: De réir Chód Cleachtais Seandálaíochta BIÉ, tá Straitéis Oidhreacht Cultúrtha ullmhaithe ag BIÉ chun eolas agus cúnamh a thabhairt i ndearadh cur chuige maidir le meastóireacht agus bainistíocht thionchar MetroLink ar an gcomhshaol bonnlíne

oidhreacht cultúrtha glactha feadh an bhealaigh. Tugann sí aghaidh ar dhá ábhar inní na scéime atá beartaithe maidir le hoidhreacht chultúrtha, is iad sin: sainathint, taifeadadh agus bearta cosanta cuí do shrianta oidhreacht cultúrtha; agus seachadadh éifeachtach agus tráthúil na scéime. Tá an doiciméad le nuashonrú in 2025 agus cuirfear sonraí faoi ghealltanais TMTT agus conas a cuireadh i bhfeidhm iad trí shuirbhéanna éagsúla (2019-2025) agus oibreacha M300 san áireamh ann, chomh maith leis an gcaoi a gcuirfear bearta maolaithe breise i bhfeidhm trí chonarthaí shraith M100, M400 agus M500.

Beidh sé de dhualgas ar gach Conraitheoir ceaptha seirbhísí speisialtóirí oidhreacht inniúla a fhostú agus a choinneáil lena chinntiú nach ndéanfaidh a gcuid oibre damáiste d'aon srian oidhreacht, bíodh sé ina mhaoín phoiblí, tráchtála nó chónaithe.

I rith 2025, bhí Comhairleoir Oidhreacht Cultúrtha agus PCA MetroLink i mbun plé le páirtithe leasmhara reachtúla agus neamhreachtúla éagsúla maidir lena gcuid ábhair inní oidhreacht.

Luas Fhionnghlaise

Is síneadh 4km é Luas Fhionnghlaise ar Líne Uaine Luas ó Dhroichead Broome go Baile Chathail, ag cur ceithre stad nua leis agus ag soláthar nasc iompair phoiblí ar ardchaighdeán do phobail Shráidbhaile Fhionnghlaise, Fhionnghlas Thiar, Bhóthar San Eiléana agus Ghleann na Tulchann.

Tacaíonn an tionscadal le hoibleagáidí BIÉ maidir le Cearta an Duine agus Comhionannas trí fheabhas a chur ar rochtain chothrom ar fhostaíocht, ar oideachas agus ar sheirbhísí, le hamanna turais iontaofa agus idirmhalartú láidir le líonraí bus agus iarnróid a chuidíonn le bacainní sóisialta agus eacnamaíocha a laghdú.

Dearadh Luas Fhionnghlaise chun inrochtaineacht agus ionchuimsiú a uasmhéadú, le bordáil chothrom, stadanna lán-inrochtana agus naisc fheabhsaithe coisithe agus rothaíochta chun tacú leo siúd a bhfuil míchumas soghluaisteachta nó amhairc orthu. Cuireann an tionscadal cothromas comhshaoil chun cinn freisin trí astaíochtaí a laghdú, spleáchas ar charranna a laghdú agus gnéithe dearaidh inbhuanaithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear codanna de raonta féir agus bonneagar taistil ghníomhaigh.

Nochtuithe Cosanta

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, a fheidhmíonn mar Bhonneagar Iompair Éireann, a cheanglaítear faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna ionadú le halt 30 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (dá ngairtear le chéile 'an tAcht').

Tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus seachtracha Nochtuithe Cosanta i bhfeidhm ag Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), mar a éilíonn an tAcht.

Nochtuithe Cosanta Inmheánacha

Ní raibh aon nochtadh ag fostaíthe BIÉ sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2025

Nochtuithe Cosanta Seachtracha

Fuair BIÉ trí nochtadh ó fhostaithe nach fostaíthe BIÉ iad, agus measadh gur Nochtuithe Cosanta féideartha faoin Acht iad, le linn na tréimhse tuairiscithe.

Thug foireann ábhartha BIÉ faoi imscrúduithe cuí ar na hábhair a bhí i gceist.

Maidir leis an gcéad nochtadh féideartha, rinne BIÉ réamh-mheasúnú ar an tuarascáil a fuarthas ag lorg tuilleadh faisnéise agus cinneadh ó fhaisnéis a soláthraíodh nach raibh aon fhianaise ann ar mhí-iompar de réir bhrí alt 5 den Acht agus chun tuairisc a dhéanamh. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe is ábhar don nochtadh seo.

Maidir leis an dara nochtadh féideartha, chinn BIÉ nár cháiligh an tuarascáil a rinneadh mar nochtadh cosanta de réir bhrí an Achta. Rinne BIÉ measúnú tosaigh ar an ábhar agus chinn sé nach raibh aon fhianaise ann chun tacú le líomhain maidir le mí-iompar ábhartha de réir bhrí an Achta. Dhún BIÉ an t-imscrúdú seo. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe is ábhar don nochtadh seo. D'ainneoin an mheasúnaithe thuas, tá seiceáil iniúchóireachta amach anseo á planáil ag BIÉ lena chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas.



Droichead M50 MetroLink, Baile Átha Cliath

Maidir leis an tríú nochtadh féideartha, rinne BIÉ measúnú tosaigh agus chinn sé nach raibh aon fhianaise *prima facie* ann gur tharla mí-iompar ábhartha. Ina dhiaidh sin, bhreithnigh an tuairisceoir freagairt BIÉ agus raon feidhme shainchúram BIÉ agus d'admhaigh sé nach raibh aon fhreagracht ar BIÉ as na hábhair a ardaíodh. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe is ábhar don nochtadh seo.

Ní raibh aon chaillteanas airgeadais do BIÉ ag eascairt as na saincheisteanna a bhain le ceann ar bith de na nochtuithe ionchasacha seo.

Ní dhearnadh aon nochtadh do POF BIÉ mar dhuine forordaithe faoi Alt 7 den Acht sa tréimhse tuairiscithe.

Níor chuir an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta, faoi Ailt 10C nó 10D, aon tuarascálacha chuig BIÉ le linn na tréimhse tuairiscithe.

Íocaíochtaí Prasa

Mionsonraí	Líon na n-íocaíochtaí	Luach €	% de na h-íocaíochtaí iomlána a Rinneadh
Íocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2025	2,081	571,090,870	100%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	1,488	394,026,606	72%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16 go 30 lá	593	177,064,265	28%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis níos mó ná 30 lá	0	0	0

Michael Wall

Michael Wall

Cathaoirleach

23 Meitheamh 2026



Ráitis Airgeadais

an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Faisnéis	112
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	113
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	119
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	121
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	122
Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí	123
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	124
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	126
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	127



Faisnéis



Cathaoirleach

Gareth Llewellyn

Comhaltaí Boird

Colette Byrne

AnnMarie Farrelly

Desmond Kenny

Aebhric Mc Gibney

Lorcan O'Connor**

Peter Walsh***

Mary O'Donovan

Sadhbh O'Neill

Patricia O'Shea

Damien Ó Tuama

Aidan Skelly

Michael Wall****

Dlíodóirí

McCann Fitzgerald

Riverside One

Cé Sir John Rogerson

Baile Átha Cliath 2

A&L Goodbody LLP

Lárionaid Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

25-28 Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

Arthur Cox

Ionad Phort an Iarla

Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc Danske A/S

Foireann Tacaíochta Rialtais

7ú hUrlár, An Oifig Loingseoireachta,

20-26 Cé Sir John Rogerson,

Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann

Faiche an Choláiste

Baile Átha Cliath 2

NTMA (Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta)

Foirgneamh an Stáitchiste

Sráid na Canálach Móire Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath

Seoladh Cláraithe

Ionad Gnó Gheata na Páirce,

Sráid Gheata na Páirce

Baile Átha Cliath 8

*Tá téarmaí ceapacháin an Chomhalta Boird
leagtha amach sa Ráiteas Rialachais.

**Ceaptha ar an mBord le linn 2025.

***Chuathas ar scor ón mBord le linn 2025.

****Beidh éifeacht leis an gCathaoirleach atá
ag teacht isteach tar éis don Chathaoirleach
éirí as oifig i mí na Bealtaine 2026



Ráiteas ar Rialú Inmheánach do 2025

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ,) admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothú agus a fheidhmiú. Áirítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca a thacaíonn le baint amach tosaíochtaí straitéiseacha BIÉ agus ag an am céanna a chosnaíonn na cistí agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuil BIÉ freagrach astu. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú go cuí agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPEIPSRD) i bhfeidhm in BIÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Bhainistiú

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag BIÉ ar a bhfuil, i rith na bliana, cúigear comhaltaí Boird. Tháinig an ARC le chéile seacht n-uaire in 2025.

In 2025, d'aistrigh BIÉ chuig feidhm iniúchóireachta inmheánaí atá seachfhoinsithe. Tá feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar riosca, agus tá tosaíochtaí iniúchóireachta bunaithe ar anailís ar na príomhrioscaí a bhfuil an eagraíocht nochta dóibh. Cinntítear leis sin dearbhú dírithe maidir le rialachas criticiúil, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha. Formhuiníonn an ARC an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh agus ceadaíonn an Bord iad.

D'fhorbair BIÉ, agus d'fhaomh an Bord, beartas bainistithe riosca, ráiteas goile riosca, agus plean bainistithe riosca a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil. Tacaíonn Bainisteoir Riosca Chorporáidigh BIÉ le sainathint, measúnú agus bainistíocht riosca agus éascaíonn sé na nithe céanna, agus cuireann sé cultúr bainistíochta riosca chun cinn laistigh de BIÉ, lena n-áirítear oiliúint leanúnach a chur ar bhaill foirne. Scaiptear an beartas bainistíochta riosca, an plean agus an ráiteas ar inghlachtacht riosca ar an bhfoireann uile de chuid BIÉ nuair a fhaomhann an Bord iad.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Coiste Riosca Fiontair bunaithe ag BIÉ atá comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach BIÉ agus an Ceann Rialachais agus DIÍ agus is é an Bainisteoir Riosca Chorporáidigh a dhéanann cathaoirleacht air. Is é cuspóir an Choiste forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach bheartas bainistíochta riosca BIÉ a chinntiú, agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta iomchuí agus láidre i bhfeidhm chun rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, ó thaobh cúrsaí straitéiseacha agus oibriúcháin de, agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistíochta riosca.



Coinnítear cláir riosca ar bun trí ardán riosca ar líne, atá comhtháite ó leibhéal an aonaid gnó suas go dtí leibhéal an fhiontair. Coinnítear cláir riosca tionscadail ar bun freisin. Laistigh de na cláir rioscaí, déantar rioscaí a chatagóiriú de réir an chineáil riosca agus déantar iad a thomhas in aghaidh maitrís dóchúlachta agus iarmharta. Le catagóiriú agus cainníochtú den sórt sin, is féidir measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht riosca, scóráil riosca agus treoht riosca maidir leis na rioscaí.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cuirtear an Clár Riosca Fiontair agus cláir rioscaí Rannáin faoi bhráid ARC lena n-athbhreithniú 4 huairé sa bhliain ar a laghad. Cuireann an Bainisteoir Riosca Chorporáidigh, i gcomhar leis an bhFeidhmeannacht, an Plean Bainistíochta Riosca, an Ráiteas Beartais agus Inghlacthachta Riosca faoi bhráid ARC lena n-athbhreithniú. Mar phríomhghné den timpeallacht rialaithe, tugann ról athbhreithnithe agus faireacháin rialta ARC dearbhú don Bhord go bhfuil riosca á bhainistiú go héifeachtach, go gcomhlíonann sé ceanglais rialachais agus go dtacaíonn sé le hathbhreithniú agus próisis chinnteoireachta an Bhoird.

Tá céimeanna glactha ag an mBord agus ag an mBainistíocht Shinsearach lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm leis na gnéithe seo a leanas:

- ARC agus Coiste Bonneagair a bhunú mar fhochoistí den Bhord,
- Coiste Riosca Fiontair a bhunú,
- rannán soláthair tiomnaithe laistigh de BIÉ agus treoirlínte soláthair chorporáidigh dea-chleachtais,
- rannán tiomnaithe Rialachais agus Dlí laistigh de BIÉ, lena n-áirítear Bainisteoir Riosca Corparáideach tiomnaithe, Oifigeach Slándála Faisnéise agus Bainisteoir um Dhearbhú agus Tuairisciú Feidhmíochta,



Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

- Coiste Rialachais comhdhéanta de chomhaltaí sinsearacha foirne chun tacú le BIÉ maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna rialachais chorparáidigh agus comhlíonta lena n-áirítear riosca agus rialú inmheánach go háirithe cuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas BIÉ a chomhlíonadh agus riachtanais dearbhaithe an ARC agus an Bhoird,
- coistí éagsúla eile a bhunú ar nós Foghlaim agus Forbairt, Sláinte agus Sábháilteacht, Soláthar Corparáideach, Cosaint Sonraí, Leanúnachas Gnó agus Cibearshlándáil a thugann dearbhuithe bliantúla don ARC,
- Féilire Rialachais a leagann amach go sainráite conas a ailínítear clár oibre an fheidhmeannaigh shinsearaigh laistigh de phríomh-oibleagáidí rialachais agus ceanglais tuairiscithe don Bhord agus do Choistí an Bhoird,
- glacadh agus cur i bhfeidhm Threoirlínte Bonneagair DPEIPSRD maidir le caiteachas poiblí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Iompair agus BIÉ do thionscadail chaipitil, do chlár chaipitil agus oibríochtúla agus do thionscadail CPP,
- socruithe rialachais tionscadal agus clár a bhunú le haghaidh tionscadail agus oibríochtaí casta nó ardriosca/ardluacha lena n-áirítear MetroLink, Dolaí, Luas, CPPanna agus tionscadail bóithre náisiúnta,
- Cód Iompair Gnó a éilíonn ar chomhaltaí an Bhoird, ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann na caighdeáin eitice is airde a choinneáil,
- a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann le Dearbhú Leasa mar a shonraítear sna hAchtanna um Chaighdeáin agus um Eitic in Oifigí Poiblí agus Alt 40 d'Acht na mBóithre 1993,
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht feidhmíochta foirne, oiliúint ghairmiúil agus theicniúil agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- athbhreithnithe córasacha ag feidhm na hIníúcháireachta Inmheánaí ar rialuithe inmheánacha,
- nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó,
- cláir shonracha oiliúna agus feasachta atá deartha chun rioscaí aitheanta a bhaineann le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna suntasacha comhlíonta a mhaolú,
- srian a chur ar údarú airgead a eisíoc chuig sínitheoirí údaráithe, laistigh de leibhéil údaráis cheadaithe,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach ar leibhéal na bainistíochta,
- córas buiséadaithe cuimsitheach le plan bliantúil agus buiséad atá faoi réir cheadú an Bhoird,
- tuarascálacha rialta oibríochtúla, bainistíochta agus airgeadais ina ndéantar comparáid idir feidhmíocht phleanáilte agus feidhmíocht iarbhair ina dtugtar anailís ar éagsúlachtaí agus ina leagtar amach pleananna chun aon riosca a mhaolú.
- córais agus próisis atá i bhfeidhm maidir le buiséid bhliantúla/ilbhliantúla, leithdháiltí agus gealltanais sa todhchaí,
- córais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- córais rialaithe airgeadais atá i bhfeidhm chun maoirsiú acmhainní airgeadais agus cosaint sócmhainní a áirithiú,



- nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais d'údaráis áitiúla chun a áirithiú gur cuireadh an maoiniú i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe agus de réir na dtreoirilínte a eisíodh, agus
- nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe suntasacha a chinneadh agus a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Feidhmíonn BIÉ samhail chosanta láidir trí líne chun dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le bainistíocht éifeachtach ar riosca, rialú agus rialachas. Feidhmíonn an chéad líne chosanta ar an láthair, ina ndéanann an fhoireann a ngníomhaíochtaí laethúla agus ina bhfuil siad freagrach go díreach as rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú, rialuithe a chur i bhfeidhm, agus beartaí agus nósanna imeachta a chomhlíonadh mar chuid de sholáthar seirbhíse agus de chinnteoireacht oibríochtúil. Leis an dara líne chosanta, soláthraítear maoirseacht agus dúshlán neamhspleách trí fheidhmeanna amhail bainistíocht riosca, comhlíonadh, airgeadas, dearbhú cáilíochta agus feidhmíochta, creataí a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus tacú le héifeachtacht rialuithe céadlíne. Is é an tríú líne chosanta iniúchadh inmheánach agus cinnteoirí seachtracha eile, a thugann dearbhú don Bhord agus dá choistí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht socruithe rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh ar fud na heagraíochta.

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun faireachán agus feabhsú a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déanann Iniúchadh Inmheánach, trína gclár iniúchtaí measúnú neamhspleách agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bpríomhrailuithe inmheánacha san eagraíocht. I gcás ina sainaithnítear easnaimh rialaithe, comhaontaítear moltaí le haghaidh feabhsúcháin leis na daoine atá freagrach. Tuairiscítear leis an iniúcháireacht inmheánach go rialta don ARC agus don Fheidhmeannas ar thorthaí iniúchtaí agus ar stádas na moltaí feidhmithe.

Déantar measúnú seachtrach ar an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh gach 5 bliana, rinneadh an ceann is déanaí in 2023 agus tuairiscíodh na torthaí don ARC.

Déanann an Bord agus an ARC athbhreithniú ar a n-éifeachtacht féin ar bhonn bliantúil de réir na treorach a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an gCód meastóireacht sheachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird gach trí bliana. Rinneadh athbhreithniú seachtrach in 2025 agus tugadh tuairisc don Bhord i mí an Mhárta 2026.

Tá an tsamhail chosanta trí líne agus an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat tuairiscithe rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, teorainneacha údaráis agus córas tarmiligin agus cuntasachta.

Áiríonn sé go háirithe:

- rinneadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint, a dhoiciméadú agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrailuithe sin agus chun aon laigí a thuairisciú,
- faireachán leanúnach ag an mBord agus ag an mbainistíocht shinsearach ar chaiteachas iarbhír/toradh tuartha i gcomparáid leis an bplean agus leis an mbuiséad bliantúil ceadaithe,
- faireachán leanúnach ag an mBord ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus rianú cuspóirí straitéiseacha,



- coistí éagsúla ar fud na heagraíochta a bhunú, ag feidhmiú faoi réir théarmaí tagartha faofa an Phríomhfheidhmeannaigh agus ag soláthar tuarascáil bhliantúil don ARC,
- tuairisciú rialta don Roinn Iompair maidir le buiséid bhliantúla/ilbhliantúla, leithdháiltí agus próisis ghealltanais amach anseo, agus
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil ar thuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus caighdeáin ábhartha eile.

Obair Chumaisc agus Cibearshlándáil

De réir bheartas an rialtais, leanadh den obair chumaisc in BIÉ in 2025. Leanadh d'fhaireachán a dhéanamh ar phríomhphróisis airgeadais agus ar phróisis oibríochtúla eile agus d'fhan siad go mór mar a bhí siad agus iad ag obair go hiomlán go cianda. Tá measúnú déanta ar rioscaí a bhaineann le hobair chumaisc, amhail cosaint sonraí agus slándáil faisnéise agus tá siad á mbainistiú de réir Bheartas Bainistithe Riosca BIÉ.

Leanadh le rialuithe agus nuashonruithe slándála bogearraí a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu chun rioscaí TF agus slándála ó chianobair agus cibearchalaois a mhaolú. Lean BIÉ le nuashonruithe slándála ráithiúla do gach úsáideoir, treoir bheartais agus oiliúint feasachta a eisiúint, bunaithe ar an gcibir-thírdhreach athraitheach. Reáchtáladh feachtais fioscaireachta ionsamhlaithe go rialta go himmheánach chun leanúint ar aghaidh ag cur leis an bhfeasacht sa tírdhreach seo atá ag athrú de shíor. Thug an tOifigeach Slándála Faisnéise faoi chlár athbhreithnithe ar rialuithe slándála TF le linn 2025. Mar thoradh air sin, sainaitníodh saincheisteanna agus deiseanna le haghaidh feabhais agus cuireadh i bhfeidhm iad. Reáchtáladh seisiún cibearoiliúna le comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Rinneadh ionsaithe sáraithe insamhalta chun gníomhaíochtaí freagartha a mheas agus aon leochaileachtaí féideartha a aithint. Rinneadh na ceachtanna a foghlaimíodh ó na cleachtaí seo a dhoiciméadú agus cuireadh i ngníomh iad d'fhonn cumais cibear-athléimneachta a fheabhsú i gcónaí.

Lean folláine agus sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne de bheith ina réimse fócais le clár folláine i bhfeidhm agus spreagtar an fhoireann chun freastal ar chainteanna agus imeachtaí i rith na bliana. Leanadh leis an rannpháirtíocht i rith na bliana maidir le ceanglais Chód Cleachtais BIÉ agus béim ar leith á leagan ar oibleagáidí an Chóid Iompair Gnó maidir le hábhair amhail glacadh le ceapacháin agus tairiscintí bronntanas agus fáilteachais. Cuireadh oiliúint shaincheaptha ar an gCód Cleachtais ar fáil do chomhaltaí Bhord BIÉ agus ar fhreagracht chorparáideach d'Fhoireann Feidhmiúcháin BIÉ.

Timpeallacht Eacnamaíoch

Lean boilsciú de bheith ag dul i bhfeidhm ar ghnó BIÉ in 2025, cé gur laghdaíodh an ráta boilscithe i gcomparáid le 2024. D'ainneoin luaineacht idirnáisiúnta, bhí an geilleagar intíre fós láidir. Rinne Bord BIÉ, le tacaíocht óna choistí agus a lucht bainistíochta, measúnú leanúnach ar na cásanna airgeadais agus oibriúcháin a tháinig chun solais le linn 2025 agus rinne sé bainistíocht ar na rioscaí gaolmhara trí na struchtúir riosca atá ann cheana, lena gcinntítear go raibh timpeallacht rialaithe éifeachtach á cothú ag BIÉ.

Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Riarann BIÉ próiseáil, taifeadadh agus tuairisciú éileamh na nÚdarás Áitiúil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla don RI tríd an gCóras Tuairiscithe Tionscadal (PRS). Ionchorpraítear leis an PRS:

- Próifílí leithdháiltí agus íostarraingthe a shocraíonn agus a leasaíonn an Roinn Iompair i rith na bliana.
- Sonraí leithdháilte bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla arna soláthar ag an Roinn Iompair agus arna n-iompórtáil ansin isteach sa PRS. Cuirtear tuairiscí ar mhéideanna buiséid a allmhairítear chuig an Roinn Iompair lena bhfíorú.
- Déanann foireann an RI éilimh na nÚdarás Áitiúil do thionscadail bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a fhaomhadh.
- Cuirtear tuairiscí caiteachais ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla (lena n-áirítear tuarascálacha mionsonraithe de réir uimhir éilimh) agus tuarascálacha airgeadais go míosúil chuig an Roinn Iompair.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIÉ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon BIÉ na nósanna imeachta sin ar an iomlán i rith 2025. I gcásanna inar sainaithníodh ceanglas maidir le feabhsúcháin ar dhearadh nó ar chur chun feidhme na nósanna imeachta sin, comhaontaíodh freagairt iomchuí idir na páirtithe freagracha agus chuir an bhainistíocht i bhfeidhm í faoi mhaoirseacht an ARC.


Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Cuirtear faireachán agus athbhreithniú BIÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas ag athbhreithniú agus ag breithniú an chláir Iniúchta Inmheánaigh agus ag breithniú a thuarascálacha agus a thorthaí; ag athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón Iniúchadh Inmheánach ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus ar stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe seo óna dtuarascálacha féin; ag an ARC, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchta Inmheánaigh; ag an bhFoireann Feidhmiúcháin laistigh de BIÉ, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh; agus ag tuairimí a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó ag eachtraí agus tuarascálacha gaolmhara ar shaincheisteanna ábhartha rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2025 amhail an 24 Feabhra 2026.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh


Rinne an fhoireann Iniúcháireachta Inmheánaí sheachfhoinsithe obair ar shé iniúchadh in 2025, agus cuireadh trí thuarascáil faoi bhráid ARC in 2025 agus cuirfear trí cinn eile faoina bhráid in 2026. Tháinig moltaí chun cinn mar thoradh ar na tuarascálacha sin agus cuireadh i bhfeidhm iad nó tá siad á gcur i bhfeidhm faoi láthair. Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2025 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



Michael Wall

Cathaoirleach

23 Meitheamh 2026



Acomhal Dhún Citil, Co. Chorcaí



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bonneagar

Bonneagar Iompair Éireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi Mhír 5 den tríú sceideal d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- ráiteas ioncaim agus caiteachais
- ráiteas ioncaim chuimsithigh
- ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus cúlchistí
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2025 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúcháireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhonneagar Iompair Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Bonneagar Iompair Éireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2026

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ullmhú ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm atá forordaithe faoi Mhír 5 den tríú sceideal a ghabhann le hAcht na mBóithre, 1993 (arna leasú)
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasafóichta cuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a chumasú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Mhír 5 den tríú sceideal d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaím amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- aithnínm agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca nach mbrathfar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóichta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafóichta agus na nochtuithe gaolmhara.

Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasafóichta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas Bhonneagar Iompair Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor a leithéid de nochtadh, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis le deireadh a chur le Bonneagar Iompair Éireann mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuil, i mo thuairim,

- an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasafóichta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasafóichta.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraítear ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíríocht sin a thuairisciú.

Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithnínm ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithnínm aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcíoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.



Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	Riarachán 2025 €'000	Iarnród Éadrom agus Meitreo 2025 €'000	Gréasán Bóithre 2025 €'000	Iomlán 2025 €'000	Iomlán 2024 €'000
Deontais & Aisíocaíochtaí Stáit	2	40,353	187,575	1,486,131	1,714,059	1,461,439
Aisíocaíochtaí Deontais	3	0	0	640	640	10,993
Ioncam Dola	4	0	0	267,912	267,912	257,671
Ioncam Eile	5	5,595	3,561	5,957	15,113	13,273
Ioncam Iomlán		45,948	191,136	1,760,640	1,997,724	1,743,376
Caiteachas	6	(43,505)	(249,134)	(1,623,271)	(1,915,910)	(1,762,452)
Barrachas/ (Easnamh) Oibriúcháin		2,443	(57,998)	137,369	81,814	(19,076)
Aistriú ó Chaipiteal/ (chuig) Caipiteal	12	257	38,239	(24,593)	13,903	9,288
Muirir Airgeadais	11	(3,346)	0	(22,262)	(25,608)	(26,454)
Ús Infhaighte		19	171	228	418	1,673
(Easnamh)/ Barrachas Coinnithe don bhliain		(627)	(19,588)	90,742	70,527	(34,569)

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Michael Wall
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2026

Lorcan O'Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
23 Meitheamh 2026




An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Barrachas/(Easnamh) Coinnithe don Bhliain		70,527	(34,569)
Scéimeanna Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe:			
(Caillteanas) Taithí ar Oibleagáidí Sochair Shainithe Scoir		(5,480)	(1,410)
Athruithe ar Thoisí is bun do Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Shainithe Scoir		15,342	11,941
Gnóthachan/(Caillteanas) achúireach iomlán do Scéimeanna Neamh-mhaoinithe	20c	9,862	10,531
Scéim Maoinithe Sochair Shainithe:			
Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí ar Oibleagáidí Sochair Shainithe Scoir		(884)	(1,985)
Athruithe ar Thoisí is bun do Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Shainithe Scoir		255	246
(Caillteanas)/Gnóthachan achúireach iomlán do Scéimeanna Maoinithe	20c	(629)	(1,739)
Gnóthachan/(Caillteanas) achúireach iomlán	20c	9,233	8,792
(Méadú)/Laghdú ar an mBarrachas Do-aisghabhála ar an Scéim Sochair Shainithe Scoir	20c	666	1,734
		9,899	10,526
Coigeartú ar Oibleagáidí Sochair Shainithe Scoir	20e	(9,862)	(10,531)
Glanghluaiseacht sa Bhliain		37	(5)
Barrachas/(Easnamh) Cuimsitheach Eile don bhliain		70,564	(34,574)

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:


Michael Wall
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2026



Lorcan O'Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
23 Meitheamh 2026

Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Riarachán Cúlchistí loncaim Coinnithe €'000	Cúlchistí loncaim Coinnithe Iarnród Éadrom & Meitreo €'000	Cúlchistí loncaim Coinnithe Bóthar €'000	Cuntas Caipitil €'000	Tobhaigh agus Ran-níocaíochtaí Forbartha €'000	Iomlán €'000
Amhail an 31 Nollaig 2023	(15)	52,130	493,106	2,378,403	112,266	3,035,890
Barrachas/(Easnamh) Coinnithe don bhliain	107	(4,717)	(29,959)	0	0	(34,569)
Gluaiseacht i dTobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha [Nóta 21]	0	0	0	0	8,418	8,418
Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach nó chun íocaíochtaí caipitil a mhaoiniú	0	0	0	90,445	0	90,445
Amúchadh ar aon dul le muirear dímhéasa/airgeadais	0	0	0	(90,320)	0	(90,320)
Diúscairtí sócmhainní agus laguithe	0	0	0	(9,413)	0	(9,413)
Caillteanais aitheanta eile	(5)	0	0	0	0	(5)
Amhail an 31 Nollaig 2024	87	47,413	463,147	2,369,115	120,684	3,000,446
Barrachas/(Easnamh) Coinnithe don bhliain	(627)	(19,588)	90,742	0	0	70,527
Aistriú chuig forálacha				(17,500)		(17,500)
Gluaiseacht i dTobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha [Nóta 21]	0	0	0	0	7,125	7,125
Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach nó chun íocaíochtaí caipitil a mhaoiniú	0	0	0	74,094	0	74,094
Amúchadh ar aon dul le muirear dímhéasa/airgeadais	0	0	0	(87,602)	0	(87,602)
Diúscairtí sócmhainní agus laguithe	0	0	0	(395)	0	(395)
Caillteanais aitheanta eile	37	0	0	0	0	37
Amhail an 31 Nollaig 2025	(503)	27,825	553,889	2,337,712	127,809	3,046,732

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:



Michael Wall
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2026



Lorcan O'Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
23 Meitheamh 2026


An Ráiteas ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2025



	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	13	3,574,258	3,608,978
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	14	34,140	26,648
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		85,347	114,429
		119,487	141,077
Creidiúnaithe (Suimeanna Dlíte Laistigh de Bhliain amháin)			
Iníoctha	15	(128,977)	(147,200)
Glandliteanais Reatha (Dlíteanais)		(9,490)	(6,123)
Creidiúnaithe (Suimeanna Dlíte Tar éis Bliana)			
Iníoctha	16	(459,709)	(478,216)
Forálacha le haghaidh Dlíteanais agus Muirir	19	(58,327)	(124,193)
Sochair Scoir			
Oibleagáidí Sochar Sainithe Scoir	20d	(100,707)	(105,171)
Sochar Sainithe Maoiniú Scoir larchurtha	20d	100,707	105,171
Barrachas Pinsean Sochair Shainithe	20f	0	0
Glansócmhainní Iomlána		3,046,732	3,000,446
Arna mhaoiniú ag			
Cúlchistí Caipitil			
Cuntas Caipitil	12	2,337,712	2,369,115
Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha	21	127,809	120,684
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe (de réir an Ráitis ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí)		581,211	510,647
		3,046,732	3,000,446

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:



Michael Wall

Cathaoirleach

23 Meitheamh 2026



Lorcan O'Connor

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

23 Meitheamh 2026



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025



	2025 ‘€000	2024 ‘€000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas /(Easnamh) coinnithe don Bhliain	70,527	(34,569)
Dímheas, lagú agus diúscairt Sócmhainní Seasta	70,913	62,073
Amúchadh tobhach agus creidmheasanna iarchurtha	(1,512)	(1,512)
Muirear Pinsin	37	(5)
Aistriú go Caipiteal	(13,903)	(9,288)
Ús	(418)	(1,672)
(Méadú) / Laghdú ar Infháltais	(7,661)	3,862
Laghdú i Soláthairtí	(12,693)	(10,537)
(Laghdú) / Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	(18,562)	28,813
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	86,728	37,165
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra & Trealamh a fháil	(53,050)	(50,174)
Airleacain Státhchiste a aisíoc	(70,674)	0
Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha	7,496	10,347
Ús bainc faighte	418	1,672
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(115,810)	(38,155)
Glanlaghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	(29,082)	(990)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir	114,429	115,419
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig	85,347	114,429

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

Michael Wall

Michael Wall
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2026

L. O'Connor

Lorcan O'Connor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
23 Meitheamh 2026

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) leo chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Tá a cheannoifig ag BIÉ in Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8.

Is é príomhchuspóir BIÉ ná gréasán sábháilte agus éifeachtach de bhóithre náisiúnta, d'iarnród éadrom agus de bhonneagar meitreo a sholáthar.

Is eintiteas leasa phoiblí é BIÉ.

Is é an Euro airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Tá gach suim sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an €1,000 is gaire.

b) Ráiteas um Chomhlíonadh FRS 102

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an reachtaíocht infheidhmithe, agus le FRS 102. Is é FRS 102 an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dlíteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN faoi Achtanna na mBóithre 1993 go 2015.

d) Airgeadra eachtrach

I gcomhréir le beartas cistíochta BIÉ, tá gach conradh ainmnithe in Euro. Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go hairgeadra feidhmiúil BIÉ ag an ráta malairte eachtraí atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Athaistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ar an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malairte eachtraí a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin. Aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn as aistriúchán sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.

e) Ioncam

Deontais Stáit Aithníonn BIÉ gach deontas stáit sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais ar bhonn fáltas airgid. Aistrítear deontais a mhaoiníonn caiteachas caipitlithe ón Ráiteas loncaim agus Caiteachais go dtí an cuntas caipitil. Ina dhiaidh sin déantar na deontais seo a amúchadh go dtí an Ráiteas loncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéanann na sócmhainní maoinithe dímheas.

Faigheann BIÉ deontais ón Roinn Iompair (DoT) agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoina gcláir maoinithe caipitil agus ioncaim faoi seach.

Tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha Faigheann BIÉ tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí ó fhorbróirí agus (faoi réir fhorálacha na gcomhaontuithe ábhartha) úsáideann siad an t-ioncam chun caiteachas caipitil a mhaoiniú nó chun airgead státchiste a réamhíocadh chun tionscadail bhonneagair Luas ar leith a mhaoiniú. Coinníonn BIÉ an t-ioncam i gcúlchiste tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí agus déantar é a amúchadh go dtí an Ráiteas loncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéanann na sócmhainní maoinithe dímheas. Bailíonn Údaráis Áitiúla tobhaigh forbartha faoi na forálacha reachtaíochta ábhartha. Tagann ranníocaíochtaí ó fhorbróirí chun cinn trí chomhaontuithe déthaobhacha a thabhairt chun críche le daoine aonair, le cuideachtaí nó le comhpháirtíochtaí príobháideacha.

1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

e) Ioncam (Ar lean)

Aisíoc deontas a íocadh le hÚdaráis Áitiúla

Léiríonn aisíocaíochtaí deontais na méideanna iarbhrí a fuarthas ó údaráis áitiúla i rith na bliana.

Ioncam Dola Aithníonn BIÉ ioncam dola atá dlíte ó oibreoirí ar bhonn fabhráithe seachas ioncam pionóis a aithnítear ar bhonn airgid thirim. Léiríonn an t-ioncam ó dholaí táillí a ghearrann oibreoirí dola tar éis táillí áirithe agus íocaíochtaí idir-inoibritheachta a asbhaint.

Áirítear le hioncam dola freisin méideanna infhaighte maidir le socruithe comhroinnte ioncaim faoi scéimeanna CPP.

Soláthar Bonneagair Luas Tugann BIÉ ceadúnas do bhonneagar Luas d'oibreoir, a bhfuil conradh ag BIÉ leis chun córas Luas a oibriú agus a chothabháil ar phraghas seasta in aghaidh na bliana – an “Bunmhéid Bliantúil”. Sa chás go sáraíonn an t-ioncam a bhailíonn an t-oibreoir an Bunmhéid Bliantúil, eascraíonn barrachas do BIÉ agus nuair a bhíonn an t-ioncam bailithe ag an oibreoir níos lú ná an Bunmhéid Bliantúil, eascraíonn easnamh do BIÉ. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhráithe. Maoinítear easnaimh le deontais Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí [OSP] arna soláthar ag ÚNI agus aithnítear iad ar bhonn airgid thirim faoi “Deontais Stáit agus Aisíocaíochtaí” sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Ioncam arna ghiniúint ó shócmhainní gaolmhara

Luas Gineann BIÉ ioncam ó shócmhainní a bhaineann le Luas. Eascraíonn an t-ioncam seo ó sholáthar áiseanna Páirceála agus Taistil, ioncam fógraíochta a ghintear ó fhilleáin tram, fógraíocht ar bord agus fógraíocht ag stadanna Luas. Aithnítear ioncam as bothanna feadh na línte a ligean ar cíos ar bhonn fabhráithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dhímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil do lagú.

Caipitliú

Tionscadail iarnróid éadroim & meitreo

Déanann BIÉ caiteachas ar bhonneagar iompair phoiblí nua (Iarnród Éadrom agus Meitreo) a chaipitliú tar éis faomhadh áirithe a fháil ón Rialtas.

Chun críocha na mbeartas seo, sainmhínítear faomhadh an Rialtais do thionscadail iarnróid éadroim nó meitreo trí thagairt a dhéanamh don dáta faoina bhfuarthas Ordú Iarnróid Infheidhmithe agus faomhadh réamhthairisceana don chás gnó gaolmhar, ach amháin sa chás go bhfuil comhaontú faighte ón Rialtas chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú sula bhfaighfear Ordú Iarnróid.

Gearrtar caiteachas ar staidéir féidearthachta agus réamhdhearadh do thionscadail chaipitil ionchasacha ach neamhcheadaithe ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain chaiteachais. Déantar gach caiteachas ar éadail sócmhainní caipitiúla, nó caiteachas a chuireann go suntasach le luach, le toilleadh úsáide, nó le saolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní atá ann cheana, a chaipitliú mar shócmhainn sheasta. Déantar sócmhainní seasta a fhaightear ó thríú páirtithe i gcomhréir le comhaontuithe tráchtála a bhaineann le tionscadail iarnróid éadroim agus meitreo a sholáthar, a luacháil go cuí agus a áireamh i sócmhainní seasta BIÉ.

Déantar na sócmhainní seo a thaifeadadh ar a luach margaidh. Aithnítear creidiúnaí comhfhreagrach mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear an t-ioncam iarchurtha seo chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ag an ráta a dhéantar an tsócmhainn a dhímheas.

Sa chás go mbaineann caiteachas le fáil nó cruthú sócmhainne nach bhfuil ag feidhmiú nó i seirbhís ar dháta an chláir chomhardaithe tuairiscítear an caiteachas sin mar “Sócmhainní faoi Thógáil” agus ní dhéantar é a dhímheas. Déantar sócmhainní atá á dtógáil a mheas le haghaidh lagaithe gach bliain.

Ní dhéantar caiteachas a bhaineann leis an gcomaoín ar éadail sócmhainní réadmhaoin a chaipitliú mar shócmhainn sheasta ach amháin nuair a bhíonn an t-idirbheart maoine curtha i gcrích go hiomlán.

Tá caiteachas a bhaineann le comaoín a tabhaíodh i leith sócmhainní réadmhaoin roimh chríochnú an idirbheart san áireamh sna réamhíocaíochtaí.

1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

Gréasán bóithre

Déantar sócmhainní bóthair a fhaightear faoi chomhaontuithe lamháltais seirbhíse CPP a chaipitliú agus cuntas a thabhairt orthu ag baint úsáide as an tsamhail dliteanais léasa airgeadais sa bhliain a sínítear an comhaontú lamháltais. Tá luacháil déanta freisin ar na sócmhainní atá sa chomhaontú ceannaigh M50 ag baint úsáide as an tsamhail dliteanais léasa airgeadais agus rinneadh caipitliú ar na costais uile a thabhaítear sa chomhaontú seo. Nuair a shínítear conradh CPP, aithnítear luach na sócmhainne bonneagair agus an dliteanais lamháltais seirbhíse mar ghlanluach láithreach na n-íosíocaíochtaí léasa amach anseo.

Úsáidtear na híocaíochtaí tógála a leagtar amach sa chonradh mar thomhas ar na híosiocaíochtaí léasa amach anseo. Agus na híosiocaíochtaí léasa á lascainiú, roghnaigh BIÉ ráta lascaine 4% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) ar an mbonn gur léirigh sé ráta cuí do shócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá conradh i bhfeidhm ag BIÉ chun tollán Bhaile Átha Cliath, tollán Jack Lynch agus lárionad rialaithe oibríochtaí an mhótarbhealaigh a oibriú. Cé go bhfaigheann BIÉ ioncam dola ó thollán Bhaile Átha Cliath, is é an tÚdarás Áitiúil ábhartha (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) atá i seilbh na sócmhainne seo. Dá réir sin, níor tugadh cuntas ar an gconradh seo mar shocrú lamháltais seirbhíse. Muirearaítear na híocaíochtaí ábhartha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse a dtagann siad chun cinn.

Déantar sócmhainní bóithre nua a fhaightear faoi sholáthar traidisiúnta a chaipitliú ón dáta a cheadaítear an príomhchonradh foirgníochta i gcomhréir le ceanglais na dTreoirlínte Bonneagair. Déantar caiteachas sócmhainní bóthair ar gach sócmhainn eile a thaifeadadh ag costas stairiúil.


Tairseach Chaiteachais

Déantar caiteachas ar shócmhainní caipitil os cionn euro 1,000 a chaipitliú agus a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne lena mbaineann.

Dímheas

Ní dhéantar sócmhainní bóthair, lena n-áirítear limistéir seirbhíse mótarbhealaigh, a dhíluacháil nuair is ábhar iad do chomhaontú lamháltais seirbhíse nó cothabhála atá ceaptha chun saolré úsáideach agus acmhainn oibriúcháin a sheachadadh ag deireadh an chomhaontaithe atá coibhéiseach le saolré úsáideach agus acmhainn oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í den chéad uair. Déantar sócmhainní bonneagair Luas a dhímheas ón mí a dtéann siad isteach i seirbhís ioncaim agus déantar aon deontais a fhaightear maidir lena gceannach a amúchadh ar an mbonn céanna. Déantar sócmhainní seasta eile, i gcás ina bhfuil siad faoi réir dímheasa, a dhímheas ar feadh bliain iomlán sa bhliain éadála. Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a bhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn den aois agus an bhail a bheith uirthi cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain. Déantar modhanna dímheasa, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú má léirítear athrú suntasach ón dáta tuairiscithe bliantúil deiridh ar an bpatrún faoina bhfuil BIÉ ag súil le sochair eacnamaíocha sócmhainne sa todhchaí a úsáid.



1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolta úsáideacha measta, mar a leanas:

	Years
Droichid, íosbhealaí, oibreacha sibhialta & oibreacha cumasúcháin	50
Foirgnimh	30
Rian	10-50
Córais rialaithe & cumarsáide	10-25
Cumhacht	20-25
Bailiú táillí	5-15
Páirceáil & Taisteal	30
Rothstoc & trealamh Luas	15-24
Troscán & feistis, ardaitheoirí agus páirteanna spártha	10-25
Daingneáin agus trealamh oifige	4-10
Feabhsú ar áitribh léasachta	10*
Mótarfheithiclí	5
Comharthaíocht	20
Trealamh sábháilteachta & ilghnéitheach	10
Trealamh leictreonach	10
Trealamh cothabhála geimhridh	10
Duchtú	20
Iostaí cothabhála	30
Sócmhainní eFlow an M50	20**
Bóithre CPP	n/a

*Déantar sócmhainní ar léas a dhímheas thar théarma an léasa agus a saolréanna úsáideacha, cibé acu is giorra.

**Déantar sócmhainní eFlow an M50 a dhímheas thar 20 bliain nó saolré an chonartha.

1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

g) Léasanna

Aicmítear léasanna ina nglacann BIÉ go substaintiúil leis na rioscaí agus na buntáistí uile a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe mar léasanna airgeadais. Aicmítear léasanna eile mar léasanna oibriúcháin. Luaitear sócmhainní ar léas a fuarthas trí léas airgeadais ar aitheantas tosaigh ag méid atá comhionann lena luach cóir, cibé acu is ísle agus luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta tráth tionscanta an léasa, lena n-áirítear aon chostais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith idirbheartaíochta maidir leis an léas agus socrú an léasa.

Ar aitheantas tosaigh, aithnítear dliteanas léasa airgeadais cothrom le luach cóir na sócmhainne léasaithe nó, más ísle, luach reatha na n-íosaíochtaí léasa. Ríomhtar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta ag baint úsáide as an ráta úis atá intuigthe sa léas. Déantar na híosaíochtaí léasa a chionroinnt idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas amuigh ag baint úsáid as modh an úis éifeachtaigh. Leithdháiltear an muirear airgeadais ar gach tréimhse le linn théarma an léasa ag tabhairt ráta seasta tréimhsiúil úis ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

h) Infháiltais

Aithnítear infháiltais ag luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is foráil ghinearálta í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIÉ in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.

i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

j) Ús infhaighte agus ús iníoctha agus muirir chomhchosúla

Áirítear le hús iníoctha agus muirir chomhchosúla ús iníoctha agus muirir airgeadais ar léasanna airgeadais a aithnítear sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais. Áirítear le muirir airgeadais muirir arb ionann iad agus “leachtú” nó “aisiompú” na lascaine ar sholáthairtí. Aithnítear ioncam úis agus ús iníoctha sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais de réir mar a fhabhraíonn siad.

k) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Léirítear sna ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin BIÉ agus aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear leo na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid chreidmheasa réamh-mheasta. Sa chás go bhfuil barrachas i scéim, tá an t-uasmhéid barrachais is féidir a aithint ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais teoranta do luach saoire ranníocaíochta fostóra go suthain, arna thomhas ag baint úsáide as an mbonn FRS 102. Aithnítear aon mhéid neamh-aisghabhála sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach.



Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Iompair don Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe amháin. Feidhmíonn BIÉ na scéimeanna pinsin seo a leanas:

Scéim Ranníocaíochta Sainithe Pinsin [Dúnta do chomhaltaí nua]

Feidhmíonn BIÉ scéim ranníocaíochtaí shainithe pinsin. Maoinítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra chuig scéim ranníocaíochtaí sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha.

Scéim Sochair Shainithe Pinsin Maoinithe [Dúnta do chomhaltaí nua]

Feidhmíonn BIÉ scéim sochair shainithe pinsin maoinithe á maoiniú ag BIÉ agus ag ranníocaíochtaí ó chomhaltaí.

Scéim Sochair Shainithe Pinsin Neamh-mhaoinithe [Dúnta do chomhaltaí nua]

Feidhmíonn BIÉ scéim sochair shainithe pinsin a bhfuil a dliteanais maoinithe ag RI de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne a choinníonn BIÉ. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuiltear ag súil go ndéanfar é a fhritháireamh go hiomlán trí dheontais a fháil.

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”)

Tá BIÉ rannpháirteach sa Scéim [Earnáil Phoiblí] Aonair, ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPEIPSRD). Tá na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo san áireamh sna nochtadh maidir leis an scéim pinsin le sochar sainithe neamh-mhaoinithe.

I) Cúlchiste

Aistrítear barrachais/(Easnamh) a ghintear ó ghnó bonneagair Luas chuig Cúlchiste loncaim Iarnróid Éadroim & Meitreo. Tá an cúlchiste seo imfhálaithe trí chomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun caiteachas caipitil agus athchóiriú ar bhonneagar Luas agus [nó] easnamh oibriúcháin Luas amach anseo a mhaoiniú.

m) Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear

Tá lamháltais seirbhíse bóthair déanta ag BIÉ, agus le forálacha conartha ag déanamh foráil d'íocaíochtaí [íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe] leis an oibreoir i gcás ina dtiteann an méid tráchta faoi leibhéil sonraithe. Déanann BIÉ foráil do gach dliteanas sa todhchaí a bhaineann leis na híocaíochtaí seo agus tuairiscíonn siad ina gcuid Ráitis Airgeadais iad. Braitheann meastachán ar dhliteanais sa todhchaí le haghaidh íocaíochtaí oibríochta athraitheacha go mór ar mheastacháin ar shreabhadh tráchta amach anseo. Tá an fhoráil do na dliteanais seo i Nóta 19 sna ráitis airgeadais. Aithníodh luach réamhaisnéise iomlán na n-íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha mar mhuirear ar Chúlchistí ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais BIÉ mar aon leis an dliteanas measta i leith oibleagáidí sa todhchaí faoi na lamháltais seirbhíse seo. Tá na luachálacha agus luach an dliteanais ghaolmhair bunaithe ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe atá tuartha go díreach ag BIÉ.

Tá ráta lascaine cuí roghnaithe chun na dliteanais todhchaí a eascraíonn as na comhaontuithe lamháltais seirbhíse bóithre seo a lascainiú, agus tá an ráta sin socraithe i gcomhairle leis an NDFA. Déantar réamhaisnéis na n-íocaíochtaí oibriúcháin inathraithe agus luacháil an dliteanais go bliantúil agus déantar aon ghluaiseachtaí san fhoráil ghaolmhar a mhuirearú / a chreidiúnú sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.



1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

m) Forálacha le haghaidh Dlíteanas agus Muirear (Ar lean)

Féadfar deontais stáit a tugadh ar airleacan chun tionscadail Luas a mhaoiniú ar glacadh scéimeanna tobhaigh forbartha ina leith a ainmniú ina dhiaidh sin a bheith inaisíochta leis an RI i gcomhréir le téarmaí Treorach ón Aire atá sainiúil don tionscadal. I gcás ina bhfuil oibleagáidí den sórt sin ann, déantar meastacháin ar mhéideanna inaisíochta aon deontas a fhaightear bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar théarmaí Threoir an Aire. Coinnítear an méid ioncaim deontais a fuarthas agus a mheastar a bheith inaisíochta mar dhlíteanas fadtéarmach. Le teacht ar an méid measta, ní mór don bhainistíocht roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí a mheas lena n-áirítear riosca forbartha, scor ró-luath den scéim tobhaigh, riosca críochnaithe tionscadail agus athrú dlí.

Aithnítear forálacha maidir le hathchóiriú rianta agus airleacain stáitchiste atá inaisíochta nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach reatha ag BIÉ mar thoradh ar imeacht san am a chuaigh thart agus gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach agus nuair atá an méid measta go hiontaofa.

Tomhaistear forálacha de réir luach reatha an chaiteachais a bhfuiltear ag súil leis a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach trí úsáid a bhaint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an bhforáil de bharr imeacht ama mar chostas úis.

Ní dhéanann BIÉ foráil d'éilimh dlí nó árachais ná d'aisíocaíochtaí cánach, a bhfuil a dtoradh éiginnte.

n) Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla

Is iad íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le Glasbhealaí, foirgníocht bóithre, feabhsú, cothabháil agus bainistíocht ná na deontais iarbhír a íoctar sa bhliain.

o) Comhaontuithe lamháltais seirbhíse (Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí)

Tá comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó comhaontuithe lamháltais seirbhíse déanta ag BIÉ le heintitis san earnáil phríobháideach chun sócmhainní bonneagair a thógáil (nó a uasghrádú), a oibriú agus a chothabháil ar feadh tréimhse sonraithe ama (tréimhse lamháltais).

Rialaíonn nó coinníonn BIÉ smacht ar na seirbhísí a chaithfidh an t-oibreoir a sholáthar ag baint úsáide as na sócmhainní bonneagair, cé dó, agus cén praghas; agus rialaíonn BIÉ an t-ús iarmharach sna sócmhainní ag deireadh théarma na tréimhse lamháltais.

Déanann BIÉ íocaíochtaí thar shaolré an lamháltais chun na sócmhainní bonneagair a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú, a chothabháil agus a athnuachan agus chun seirbhísí is ábhar don lamháltas a sholáthar.

I gcásanna áirithe d'fhéadfadh BIÉ a bheith i dteideal sciar den ioncam dola a thuilleann an lamháltóir agus forálann lamháltais áirithe d'íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe ag BIÉ má thiteann an méid tráchta faoi leibhéil sonraithe.

Aithnítear na sócmhainní lamháltais seirbhíse i Ráiteas ar Staid Airgeadais BIÉ mar aon leis an dlíteanas gaolmhar. Tá luachálacha sócmhainní agus luach an dliteanais ghaolmhair bunaithe ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí Foirgníochta atá le déanamh ag BIÉ faoin gcomhaontú lamháltais. Aithnítear íocaíochtaí oibriúcháin agus maoinithe a dhéantar faoi na comhaontuithe lamháltais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain a n-íoctar iad. Nochtar na hoibleagáidí chun íocaíochtaí de chineál oibriúcháin a dhéanamh thar shaolré an lamháltais sna nótaí leis na ráitis airgeadais.



1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

p) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais:

Gréasán Bóithre: Luacháil, Dímhéas agus Luachanna Iarmharacha

Déantar sócmhainní bóthair a fuarthas faoi shocruithe lamháltais seirbhíse CPP agus atá san áireamh i gceannach amach an M50 a chaipitliú agus cuntas a thabhairt orthu ag baint úsáid as an tsamhail dliteanais léasa airgeadais sa bhliain a shínítear an comhaontú lamháltais. Aithnítear luach na sócmhainne bonneagair agus an dliteanais lamháltais seirbhíse mar ghlanluach láithreach na n-íosíocaíochtaí léasa sa todhchaí, arna ríomh ar bhonn íocaíochtaí tógála a dhéanann BIÉ go díreach. Tacaíonn an tsamhail chaipitlithe CPP le boinn tuisceana BIÉ maidir le roinnt íocaíochtaí idir caipiteal agus ioncam agus an tsócmhainn á luacháil.

Roghnaigh BIÉ ráta lascaire 4% tar éis dul i gcomhairle leis an NDFA, ar an mbonn gur léirigh sé ráta cuí do shócmhainní bonneagair fadsaol.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá siad tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

Déantar sócmhainní bonneagair a fhaightear faoi chomhaontuithe lamháltais seirbhíse nó a chuirtear faoi chomhaontuithe cothabhála áirithe, faoi oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, a thabhairt ar ais do BIÉ ag deireadh théarma an lamháltais agus saolré úsáideach acu atá coibhéiseach le saolré úsáideach na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh

í ar dtús. Tá feidhmíocht na bhforálacha “tóg ar ais” ráthaithe ag coinneálacha suntasacha airgeadais agus pionóis dá bhforáiltear sna comhaontuithe lamháltais. Mar thoradh ar na forálacha seo ní ghearrann BIÉ dímhéas ar na sócmhainní seo. Déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar thiomhdí BIÉ i ndáil leis na forálacha “tabhairt ar ais”.

Forálacha agus meastacháin

Déantar meastacháin shuntasacha maidir le ríomh na bhforálacha le haghaidh airleacain státchiste inaisíochta agus íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe.

Airleacain Státchiste Inaisíochta

Féadfar deontais stáit arna soláthar ag an Státchiste chun tionscadail áirithe a chur i bhfeidhm ar glacadh scéimeanna tobhaigh forbartha ina leith a ainmniú ina dhiaidh sin a bheith inaisíochta i gcomhréir le téarmaí Treorach ón Aire atá saineúil don tionscadal. I gcás ina bhfuil oibleagáidí den sórt sin ann, déantar meastacháin ar mhéideanna inaisíochta aon deontas a fhaightear bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar théarmaí Threoir an Aire. Coinnítear an méid ioncaim deontais a fuarthas agus a mheastar a bheith inaisíochta mar dhliteanas fadtéarmach (nóta 19).

Sna himthosca seo tá méid an deontais inaisíochta cothrom le méid iomlán na dtobhach a mheastar a bheidh le bailiú thar shaolré na scéime lúide aon tobhaigh a úsáidtear chun caiteachas incháilithe a fhritháireamh suas go dtí méid na gcistí státchiste a airleacan.

Tá sé rithábhachtach meastachán ar na tobhaigh iomlána is dócha a gheofar thar shaolré na scéime agus an fhoráil d'airleacain státchiste inaisíochta á ríomh. Déantar fáiltais na dtobhach a mheas le cúnamh ó phleanálaithe baile gairmiúla an údaráis áitiúil a dhéanann boinn tuisceana rithábhachtacha maidir le ráta agus méid na forbartha tráchtála miondíola agus cónaithe thar shaolré gach scéime. Chomh fada agus a bhíonn na boinn tuisceana seo fíor, ní bheidh aon athrú suntasach ar an méid a soláthraíodh chun airleacain státchiste a aisíoc agus ar an méid iarbhir a aisíocadh. Má athraíonn na coinníollacha atá mar bhonn leis na boinn tuisceana go suntasach, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige sin ar thorthaí iarbhir.



1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

p) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta (Ar lean)

Íocaíochtaí Oibríochtúla Athraitheacha:

Déanann dhá chonradh lamháltais (Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach), (M3 Cluain Aodha/ Ceanannas agus Tollán Luimnigh an N18) foráil d'íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha leis an oibreoir nuair a thiteann an méid tráchta faoi leibhéil sonraithe.

Tá íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha infíoctha ar chonarthaí ar fad agus déantar foráil do mheastacháin ar dhliteanais sa todhchaí sna ráitis airgeadais (nóta 19). Tá na meastacháin ar dhliteanais sa todhchaí bunaithe ar shonraí tráchta braite, réamhaisnéisí ar fhás tráchta agus boilsciú. Díorthaítear innéacsanna boilscithe ón Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí measta go n-ardóidh táillí dola ar aon dul leis an innéacs sin. I gcás ina bhfuil difríocht idir fás tráchta agus/nó boilsciú agus na réamhaisnéisí, beidh tionchar aige sin ar na méideanna íocaíochta oibríochtúla athraitheacha a bhfuil foráil déanta dóibh.

Fabhruithe

Déanann BIÉ soláthar do gach caipiteal ábhair agus caiteachais reatha a tabhaíodh roimh an dáta tuairiscithe a bhfuil dliteanas ann ina leith ar an dáta tuairiscithe.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar toimhdí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais á gcinneadh ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí básmaireachta) ag achtúire neamhspleách bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo.

q) Fardal

Déantar na tomhaltáin go léir a dhíscríobh sa bhliain cheannaigh.

2. Deontais & Aisíocaíochtaí Stáit

Fuarthas deontais stáit, gan aisíocaíochtaí a áireamh, dar luach €1,705m (2024: €1,448m) in 2025 ón Roinn Iompair (Vóta 31) agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) faoi na fo-cheannteidil seo a leanas:

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Riarachán	2a	40,353	36,590
Iarnród Éadrom agus Meitreo	2b	187,575	120,282
Gréasán Bóithre	2c	1,486,131	1,304,567
		1,714,059	1,461,439

2a. Deontais agus Aisíocaíochtaí Stáit – Riarachán

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Deontais			
C5 Costais Oibríochta Bhonneagar Iompair Éireann		40,242	36,347
Lúide ranníocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair a íocadh		(890)	(719)
Aisíocaíochtaí			
Fostaithe ar lasacht An Roinn Iompair (DoT)		849	696
Iasachtaí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH)		51	0
Fostaithe ar lasacht An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)		0	162
Aisíocaíocht ar thástáil ábhair Bhóthair ón Roinn Iompair (DoT)		101	104
		40,353	36,590

2b. Deontais agus Aisíocaíochtaí Stáit – Iarnród Éadrom agus Meitreo

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Deontais			
Clár Caipitil NTA		156,643	90,974
Deontas PSO de chuid NTA		30,932	29,308
		187,575	120,282

2c. Deontais agus Aisíocaíochtaí – Gréasán Bóithre

	2025 €'000	2024 €'000
Deontais		
C3.1 Caiteachas Reatha - Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní	32,750	32,850
C3.2 Infheistíocht Chaipitil - Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní	239,000	225,160
C3.3 Foirgníocht agus Forbairt Bóithre Náisiúnta	359,500	191,640
C3.4 Íocaíochtaí Oibríochta CPP	98,000	92,000
A.4.1 - Glasbhealaí – Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní	2,759	1,929
A.4.2 - Glasbhealaí	45,799	61,537
A3.3 Clár Siúil & Rothaíochta - Clár Caipitil NTA	0	310
C.4.1 Réigiúnach agus Áitiúil Reatha – Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní**	42,568	42,311
C.4.2 / C.4.3 Caipiteal Réigiúnach agus Áitiúil – Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní/Caipiteal Réigiúnach agus Áitiúil – Bóithre Nua/Oibreacha Feabhsúcháin**	657,155	644,126
Aisíocaíochtaí ó DoT		
ZEVÍ (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann) PMO, Tacaíocht & Bonneagar	3,271	2,449
Scéimeanna AFHDV (Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Malartacha)/ ZEHDV (Feithiclí earraí troma a úsáideann astaíochtaí nialasacha)	1,828	1,741
Aisíocaíocht ar stoc salainn le haghaidh bóithre réigiúnacha	3,146	5,611
Aisíocaíocht ar Chostais Trialach Forbartha le haghaidh bóithre réigiúnacha	20	56
Aisíocaíocht ar Chostais a bhaineann le Dearadh Geoiméadrach Rioscabhunaithe do bhóithre réigiúnacha	0	51
Aisíocaíocht as Cur i bhFeidhm Athbhreithnithe ar Luasteorainn	85	143
CEF Maoiniú Tionscadal Meridian	0	826
Aisíocaíocht ar an Airéine Taighde Iompair (TRA) 2024	0	1,827
Aisíocaíocht ar Áis Cothabhála Bóithre Straitéiseach le haghaidh bóithre réigiúnacha	250	0
	1,486,131	1,304,567

Úsáidtear gach Deontas a fhaightear chun na gcríoch a bhfuil ceadú iarrtha agus faighte ina leith ón bhfoinse Maoinithe.

Tá infheistíocht an Stáit faoi chosaint agus ní úsáidfear í mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Iompair agus ceadú DPENDPDR.

Úsáidtear próisis athbhreithnithe tairsí chun a chinntiú go gcomhlíonann tionscadail na clocha míle agus na coinníollacha riachtanacha le dul ar aghaidh. I gcás tionscadal Bóithre agus Glasbhealaí, oibrímid i gcomhréir le Treoirlínte Bonneagair an Rialtais agus ar ár dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail féin. I gcás tionscadal iarnróid éadroim agus Meitreo, oibrímid i gcomhréir le Treoirlínte Bonneagair an Rialtais agus Treoirlínte um Cheadú Tionscadail agus Bainistíocht Costais an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Tá BIÉ ag cloí leis na ciorcláin ábhartha, Ciorclán 44/2006 san áireamh. Tá Deimhniú Imréitigh Cánach ag BIÉ, ar féidir é a fhíorú ar líne.

**Go stairiúil, rinne an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Roinn Iompair araon íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun bóithre áitiúla agus réigiúnacha a thógáil, a fheabhsú, a chothabháil agus a bhainistiú. In 2014, ghlac DoT freagracht as bainistiú na n-íocaíochtaí sin, lena n-áirítear faomhadh le haghaidh íocaíochta. Feidhmíonn BIÉ anois mar ghníomhaire íocaíochta agus eisíonn na híocaíochtaí ábhartha ar treoir a fháil ó DoT. In 2025, d'eisigh BIÉ íocaíochtaí dar luach iomlán €700 milliún (2024: €686 milliún) (nótaí 9a agus 9b) d'údaráis áitiúla ó mhaoiniú a fuair sé ón Roinn Iompair. Bhí agus tá DoT freagrach ar fad as na leithdháiltí bliantúla a chinneadh d'údaráis áitiúla maidir le bóithre réigiúnacha agus áitiúla. Chomh maith leis an méid thuas, déanann DoT roinnt íocaíochtaí go díreach le húdaráis áitiúla le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

2d. Deontais ón AE

Faoi Thionscadal Meridian AE CEF, fuair BIÉ €0.806m go díreach in 2025 agus áirítear é in Ioncam Ilghnéitheach i Nóta 5c.

In 2024, fuarthas €0.826m ón Roinn Iompair i leith Thionscadal Meridian AE CEF, tá sé seo san áireamh i Nóta 2c.

3. Aisíocaíochtaí Deontais

Seo a leanas na haisíocaíochtaí deontais ó údaráis áitiúla:

	2025 €'000	2024 €'000
Cosaint agus Athnuachaintí ar Infheistíocht Chaipitil ar Bhóithre Náisiúnta	132	191
Bóithre Nua Náisiúnta a Thógáil	508	10,759
Oibríochtaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	0	43
	640	10,993

4. Ioncam Dola

	2025 €'000	2024 €'000
Tollán Bhaile Átha Cliath	35,418	32,002
M50 eFlow	216,302	212,134
Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan	4,675	3,946
M4 Cill Choca / Cionn Átha Gad	10,410	9,554
M8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí	1,107	35
	267,912	257,671

Léiríonn an t-ioncam dola:

- Dolaí a ghearrtar ag oibreoirí dolaí tar éis muirir áirithe a asbhaint, lena n-áirítear táillí seirbhíse idir-inoibritheachta agus muirir bhainc, agus socraíochtaí idir-inoibritheachta le hoibreoirí dolaí eile.
- San áireamh in ioncam dola M50/eFlow tá €12.5m d'ioncam pionóis (2024:€12.5m).
- Sciar den ioncam atá dlite faoi théarmaí an chonartha CPP do scéimeanna M4 Cill Choca/ Cionn Átha Gad, M1 Sheachbhóthar Thiar Dhún Dealgan agus M8 Ráth Chormaic/Fhear Maí

Úsáidtear Sciar-Ioncam na nDolaí agus na gCoimisinéirí Ioncaim de €268m lúide costais na mbailiúcháin i dtreo an chostais a bhaineann le bóithre náisiúnta a chothabháil.



5. Ioncam Eile

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Riarachán	5a	5,595	5,891
Iarnród Éadrom agus Meitreo	5b	3,561	3,188
Gréasán Bóithre	5c	5,957	4,194
		15,113	13,273

5a. Ioncam Eile – Riarachán

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean	20e	5,385	5,697
Ioncam Ilghnéitheach		210	194
		5,595	5,891

5b. Ioncam Eile – Iarnród Éadrom agus Meitreo

	2025 €'000	2024 €'000
Barrachas arna ghiniúint ó Shócmhainní Gaolmhara an Luas	1,707	1,487
Ioncam Cíosa	342	189
Tobhaigh Amúchta agus Creidmheasanna larchurtha	1,512	1,512
	3,561	3,188

5c. Ioncam Eile – Gréasán Bóithre

	2025 €'000	2024 €'000
Ioncam Ilghnéitheach	1,779	1,133
Sciar Ioncaim d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh	4,178	3,061
	5,957	4,194

Sciar Ioncaim d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh: Tá dhá Chonradh CPP d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh (MSA) bronnta ag BIÉ. Bronnadh Conradh MSA Tráinse 1 i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus cuireadh ar fáil é d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh ar an M1 agus ar an M4. Bronnadh Conradh MSA Tráinse 2 i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus cuireadh ar fáil é d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh ar an M6, M9 agus M11. Cuimsíonn an dá chonradh seo forálacha maidir le sciar ioncaim. B'ionann an t-ioncam a bhí dlite do 2025 agus €4.2m (2024: €3.1m).

6. Caiteachas

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Riarachán	7	43,505	39,847
Iarnród Éadrom agus Meitreo	8	249,134	174,962
Gréasán Bóithre	9/10	1,623,271	1,547,643
		1,915,910	1,762,452

7. Caiteachas – Costais Riaracháin

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Luach Saothair agus Costais Phá Eile	7a	36,134	32,720
Costais chóiríochta	7d	2,513	2,749
Costais Riaracháin eile	7e	4,261	3,757
Dímheas		594	565
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		3	56
Iomlán na gCostas Riaracháin		43,505	39,847

Tá fáilteachas dar luach €2k (2024: €2k) san áireamh sna figiúirí thuas.



Bóthar Seirbhíse N11 Chill Mocheanóg, Cill Mhantáin

7a. Luach Saothair agus Costais Phá Eile

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Tuarastail		29,754	26,153
Ragobair		32	35
Árachas Sláinte / BIK Gluaisteán		6	1
Costais Phinsin	20a	3,175	3,860
Ranníocaíocht an Fhostóra le Leas Sóisialach		3,038	2,543
Luach Saothair agus Speansais Comhaltaí Boird		129	128
		36,134	32,720

Baineadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais breise de €941k (2024 €832k) agus íocadh iad le DoT.
Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2024: €Nialas).

7b. Miondealú ar Shochair d’Fhostaithe

Réimse de shochair iomlána d’fhostaithe a tuilleadh sa bhliain Ó Go dtí	Meánlíon na bhfostaithe 2025	Meánlíon na bhfostaithe 2024
Líon iomlán na gCoibhéisí Lánaimseartha	331	295
€60,000 - €69,999	28	29
€70,000 - €79,999	36	46
€80,000 - €89,999	60	41
€90,000 - €99,999	39	42
€100,000 - €109,999	37	23
€110,000 - €119,999	13	18
€120,000 - €129,999	27	17
€130,000 - €139,999	5	7
€140,000 - €149,999	5	5
€150,000 - €159,999	3	1
€160,000 - €169,999	0	0
€170,000 - €179,999	1	0
€180,000 - €189,999	4	4
€220,000 - €229,999	0	1
€560,000 - €569,999	1	0

Cuimsíonn an tábla fostaithe ar iasacht chuig comhlachtaí eile san earnáil phoiblí.

7c. Cúiteamh Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear an Bord, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí Oibríochtaí Tráchtála, Bainistíocht Líonra, Seirbhísí Gnó, Seirbhísí Gairmiúla, Seirbhísí Corparáideacha, Clár Caipitil, MetroLink, Cumarsáid Chorporáideach agus an oifig Feidhmiúcháin, na daoine a bhfuil údarás agus freagracht acu gníomhaíochtaí BIÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2025 €'000	2024 €'000
Tuarastail agus Táillí Comhaltaí Boird	2,342	1,754
BIK Gluaisteán	2	1
	2,344	1,755

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a fabhraíodh sa bhliain. Cé is moite de chomhaltaí an Bhoird, is baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe maoinithe, neamhchistithe BIÉ agus seirbhíse poiblí aonair iad na príomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí na scéimeanna sin.

Seo a leanas Luach Saothair an POF i leith Peter Walsh (an Príomhfheidhmeannach atá ag dul as oifig) agus Lorcan O'Connor (an Príomhfheidhmeannach reatha) atá san áireamh i gcúiteamh príomhphearsanra bainistíochta:

	2025 €'000	2024 €'000
Luach Saothair P Walsh go dtí an 30 Meán Fómhair	180	225
Luach saothair L O'Connor ón 1 Deireadh Fómhair	55	0
	235	225

Tá an tIar-Príomhfheidhmeannach Peter Walsh ina bhall de scéim pinsin sochair shainithe neamhmaoinithe BIÉ agus ní sháraíonn a theidlíocht ina leith sin téarmaí mhúnla na scéime pinsin don tseirbhís phoiblí.

Tá an Príomhfheidhmeannach Lorcan O'Connor ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Ní áirítear luach na sochar scoir a fabhraíodh sa bhliain sa tuarastal a tuairiscíodh.

7d. Costais Chóiríochta

	2025 €'000	2024 €'000
Cíos, Rátaí agus Seirbhísí	1,911	2,230
Soilsiú, Teas agus Glanadh	593	508
Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil	9	11
	2,513	2,749

7e. Costais Riaracháin eile

	2025 €'000	2024 €'000
Teileafón agus Postas	200	129
Priontáil agus Stáiseanóireacht	73	54
Táillí Ríomhaire	1,605	1,592
Oiliúint Foirne, Forbairt agus Síntiúis Ghairmiúla	224	261
Taisteal agus Cothabháil Foirne - Náisiúnta	557	423
Taisteal agus Cothabháil Foirne - Idirnáisiúnta	167	129
Costais Mhótair	72	40
Táillí Iniúcháireachta	92	81
Leabhair agus Tréimhseacháin	24	22
Árachas	237	270
Táillí Bróicéara	69	69
Deisiúcháin agus Cothabháil - Trealamh	194	199
Ilearraí	209	221
Riarachán Pinsin & Tacaíocht	36	41
Sainchomhairleoireacht	114	74
Táillí Díl	135	69
Costais a bhaineann le Ceapachán Foirne	253	83
	4,261	3,757

8. Caiteachas – Iarnród Éadrom agus Meitreo

	2025 €'000	2024 €'000
Dímheas	56,761	59,706
Diúscairtí/Lagú	0	9,413
Rátaí Údaráis Áitiúil	630	757
Costais Forbartha Tionscadail MetroLink	148,746	67,166
Costais Forbartha Tionscadail Luas	11,597	8,631
Easnamh ar Sholáthar Bonneagair Luas	31,400	29,289
	249,134	174,962

9. Caiteachas – Gréasán Bóithre

	Nóta	2025 €'000	2024 (mar a athdhearbhaidh) €'000
Foirgníocht agus Feabhsú Bóithre	9a	1,333,070	1,252,613
Cothabháil agus Bainistiú Bóithre	9b	98,613	93,529
CPP, Oibríochtaí Tolláin agus Dola	10	172,803	182,710
Scéimeanna AFHDV (Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Malartacha)/ZEHDV (Feithiclí earraí troma a úsáideann astaíochtaí nialasacha)		1,828	1,639
ZEVI (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann) PMO agus Tacaíocht		3,271	2,449
Airéine Taighde Iompair (TRA) 2024		0	1,952
Diúscairtí/Lagú		95	0
Dímheas		13,591	12,751
		1,623,271	1,547,643

9a. Foirgníocht agus Feabhsú Bóithre

	2025 €'000	2024 (mar a athdhearbhaidh) €'000
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Cosaint agus Athnuachaintí ar Infheistíocht Chaipitil ar Bhóithre Náisiúnta	136,603	179,261
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Nua a bheith Tógtha ag Bóithre Náisiúnta	347,651	202,219
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla [Nóta 2]	657,155	644,126
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí agus Iompair Inbhuanaíthe	45,393	58,804
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Cosaint agus Athnuachan Chaipitil Glasbhealaí	2,759	1,929
Comharthaí agus Línte	16,585	15,137
Iompar	11,018	13,698
Oibreacha Droichid	14,421	13,292
Sábháilteacht	9,411	9,272
Cothabháil Mótarbhealaigh	55,535	46,585
Oibreacha Cosáin agus Mionoibreacha	14,617	44,229
Íocaíochtaí Eile	21,922	24,061
	1,333,070	1,252,613

Áirítear leis an gcaiteachas in 2025 íocaíochtaí dar luach (le deimhniú) (2024: €7m) a rinneadh le húdaráis áitiúla chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a d'eascair as tionscadail tógála bóithre. I measc na bhfiúirí tá costais CBL, dlí agus comhairleoirí.

In 2024 mar a athshonraíodh é, áirítear iomlán na Limistéar Mótarsheirbhíse de €1,834m faoi nóta 10b, a taifeadadh faoi Nóta 9a Íocaíochtaí Eile roimhe seo.

I measc na n-íocaíochtaí eile bhí caiteachas ar thionscadail athnuachana sócmhainní ar an ngréasán mótarbhealaí, lena n-áirítear forleaganacha ar dhromchlaí bóithre, comharthaí agus línte, athsholáthar agus deisiúcháin bacainní, oibreacha athnuachana droichid, faoiseamh tuile agus bearta sábháilteachta.

9b. Cothabháil agus Bainistiú Bóithre

	2025 €'000	2024 €'000
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta	24,039	22,786
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla [Nóta 2]	42,568	42,311
Íocaíochtaí Eile	32,006	28,432
	98,613	93,529

I measc na n-íocaíochtaí eile tá caiteachas ar a leanas: ceannach agus stóráil salainn; gnáthchothabháil bóithre ar an ngréasán mótarbhealaí lena n-áirítear gearradh féir, seirbhís gheimhridh agus córais draenála a chothabháil; monatóireacht ar shócmhainní dromchla na mbóithre náisiúnta; agus córais monatóireachta gheimhridh agus cóireála réamh-mheastacha aimsire a sholáthar.

10. Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí, Oibríochtaí Tolláin agus Costais Dola

	Nóta	2025 €'000	2024 (mar a athdhearbhaíodh) €'000
Costais Choimhdeacha	10a	13,870	15,042
Muirir Oibríochta na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí	10b	78,972	83,692
Scéim Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí - Athruithe ar Sholáthar	10c	(11,134)	(8,220)
Oibríochtaí Tolláin agus Dola	10d	91,095	92,196
		172,803	182,710

10a. Costais Choimhdeacha

Baineann costais choimhdeacha a thabhaítear le pleanáil scéime, maoirseacht scéime, seirbhísí comhairleacha airgeadais, dlí agus teicniúla, seirbhísí idir-inoibritheachta dolaí, fógraí reachtúla agus margaíocht.



10b. Muirir Oibríochta na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	2025 €'000	2024 €'000 mar a athdhearbháíodh
N25 Seachbhóthar Chathair Phort Láirge	912	924
N18 Tollán Luimnigh	662	751
Uasghrádú ar an M50	22,525	22,664
N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe	189	845
M3 Cluain Aodha/Ceanannas	(1,187)	0
M7/M8 Phort Laoise	12	0
Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan	(973)	529
N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí	(1,050)	422
M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad	477	383
N11 ó Arcló go Ráth Naoi	12,530	12,317
M17/N18 ón nGort go Tuaim	25,733	25,830
M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh	10,459	10,442
Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25	6,677	6,674
Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh	1,964	1,834
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Scéimeanna CPP	42	70
Scéim Fhorlíontach Dola CPP	0	7
	78,972	83,692

In 2024 mar a athshonraíodh é, áirítear iomlán na Limistéar Mótarsheirbhíse de €1,834m faoi nóta 10b, a taifeadadh faoi Nóta 9a Íocaíochtaí Eile roimhe seo.

Níl aon mhéideanna san áireamh i muirir oibríochta a eascraíonn as socraíochtaí (2024: €Nialas).

Áirítear ar na muirir oibríochta a thaispeántar sa tábla thuas costais oibríochta, chothabhála agus airgeadais CPP lúide aon ioncam infhaighte maidir le comhroinnt riosca árachais.

Comhroinnt Riosca Árachais: Tá clásal comhroinnnte riosca árachais ag roinnt tionscadal CPP. Faoi gclásal seo, déantar athbhreithniú ar na costais árachais gach trí bliana, agus ag brath ar chostais a tabhaíodh sa tréimhse, d'fhéadfadh cúiteamh a bheith iníoctha le BIÉ, nó iníoctha ag BIÉ. B'ionann an t-ioncam atá iníoctha le BIÉ maidir le comhroinnt riosca árachais in 2025 agus €4.5m (2024: €0.5m).

10c. Gluaiseacht sa Dlíteanas Iomlán i leith Íocaíochtaí Oibríochta Athraitheacha

Tá ocht CPP Lamháltas Dola anois ag BIÉ. Is í an earnáil phríobháideach a mhaoiníonn CPPanna Lamháltais Dola agus iad íochta ag muirir úsáideoirí (dolaí) agus íocaíochtaí BIÉ (íocaíochtaí foirgníochta agus íocaíochtaí oibríochta den chuid is mó). Déantar soláthar in dhá cheann de chonarthaí CPP Lamháltais Dola BIÉ (Conarthaí CPP an M3 Cluain Aodha-Ceanannas agus N18 Tollán Luimnigh) d'íocaíochtaí breise dá ngairtear Íocaíochtaí Ráthaíochta Tráchta faoi na Conarthaí ach dá ngairtear Íocaíochtaí Oibríochta Athraitheacha ('VOPanna') go coitianta.

Is é an príomhpharaiméadar lena gcinntear an chaoi a ríomhfar VOPanna sa todhchaí ná an bhearna idir an Mheántrácht Laethúil (ADT) iarbhír agus na tairseacha ráthaithe a shonraítear sna conarthaí CPP faoi seach. I gcás ina bhfuil ADT iarbhír níos airde ná ADT ráthaithe, nó i gcás inar íocadh as an bhfiachas a bhaineann leis an tionscadal, ní bheidh feidhm ag VOPanna. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil ADT iarbhír níos ísle ná ADT ráthaithe, bíonn VOPanna iníochta. Dá mhó an bhearna idir an ADT iarbhír agus ADT

ráthaithe, is mó an leibhéal VOPanna a bheidh iníochta. Tá an fhreagracht ar BIÉ maidir le riosca tráchta níos lú ná an tairseach ráthaithe.

A luaithe a bheidh na VOPanna iníochta, tá foráil ag teastáil chun soláthar a dhéanamh maidir leis an dlíteanas measta do VOPanna thar shaolré na gconarthaí. Tá méid an dliteanais a mheastar a bheith iníochta laistigh de bhliain amháin san áireamh i gCreidiúnaithe (Nóta 15). Taifeadtar an chuid seo den dlíteanas anseo mar go bhfuil cinnteacht réasúnta ann maidir le méid agus uainiú na híocaíochta. Mar gheall ar éiginnteacht maidir le sreafaí tráchta agus lascaí sa todhchaí, tá gá le hiarmhéid an dliteanais a tuairisciú faoi Fhorálacha (Nóta 19). Tá meastacháin sreafa tráchta agus toimhdí ráta lascaine lárnach i ríomh an dliteanais mheasta.

In 2025, tháinig feabhas ar mhéideanna tráchta a ndearnadh meastachán orthu arís, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an bhforáil. Ar na tosca eile a raibh tionchar acu ar ríomh an dliteanais iomláin do VOPanna, ba iad na méideanna iníochta don bhliain agus an muirear airgeadais chun aisiompú na lascaine ar an dlíteanas comhlán a léiriú.

	Nóta	M18 Tollán Luimnigh €'000	*M3 ó Chluain Aodha go Ceanannas €'000	Iomlán 2025 €'000	Iomlán 2024 €'000
Amhail an 1 Eanáir 2025					
Iníochta laistigh de bhliain amháin	15	5,947	0	5,947	6,458
Soláthar	19	54,349	0	54,349	64,908
Iomlán		60,296	0	60,296	71,366
Iníochta le hoibreoirí sa bhliain	19	(4,828)	0	(4,828)	(5,704)
Laghdú ar an soláthar mar gheall ar éagsúlachtaí i dToirt Tráchta		(11,134)	0	(11,134)	(8,220)
Muirir airgeadais, ina n-aithnítear tionchar na lascainithe ar an uainiú le dlíteanais a ghlanadh	11	2,412	0	2,412	2,855
Amhail an 31 Nollaig 2025					
Iníochta laistigh de bhliain amháin	15	5,043	0	5,043	5,947
Soláthar	19	41,704	0	41,704	54,349
Iomlán	18	46,747	0	46,747	60,296

* Níl foráil ag teastáil níos nó ar an M3 Cluain Aodha/Ceanannas.

10d. Oibríochtaí Tolláin agus Costais Dola BIÉ

	2025 €'000	2024 €'000
Tollán Bhaile Átha Cliath	25,430	27,811
M50 eFlow	59,672	58,045
Tollán Jack Lynch	5,993	6,340
	91,095	92,196

Baineann na costais seo le costais oibríochta, costais bailithe dolaí agus muirir údaráis áitiúil Thollán Bhaile Átha Cliath; costais bailithe dolaí, muirir as drochfhiach agus rátaí údaráis áitiúil an M50 eFlow agus costais oibríochta Thollán Sheáin Uí Loinsigh.

Níl aon chostais do d'Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh (MSA) san áireamh sa tábla thuas. Glacann na hoibreoirí isteach an costas a bhaineann leis na hionaid seirbhísí a oibriú agus a chothabháil.

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna

N25 Seachbhóthar Chathair Phort Láirge

Bronnadh conradh lamháltais dola Sheachbhóthar N25 Chathair Phort Láirge ar chuibhreannas an Celtic Roads Group (Port Láirge) Ltd. in Aibreán 2006. Maireann téarma an chonartha 30 bliain. Cuimsíodh sa scéim tógáil sheachbhóthar an N25 a shíneann ó Chill Mhíodáin i gContae Phort Láirge go Sliabh Rua i gContae Chill Chainnigh. Trasnaíonn an bealach an tSiúir ag an nGreanach, rud a sholáthraíonn an dara droichead mór do Phort Láirge thar an tSiúir agus ag ligean do thrácht ar bhealach an N25 Corcaigh go Ros Láir gabháil timpeall ar an gcathair. Bhí thart ar 23km de dhébhealach sa scéim, droichead thar an tSiúir atá tuairim is 475m ar fad agus tógadh tuairim is 4km de charrbhealach aonair. Áiríodh sa chonradh agus 11km breise de thaobh-bhóithre agus ceangailtí-isteach agus 2km d'athailíniú iarnróid.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh

Tá dhá Chonradh CPP d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh (MSA) bronnta ag BIÉ. Bronnadh conradh MSA Tráinse 1 i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus rinneadh foráil d'Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh dhá bhealach ag dhá shuíomh ar an M1 agus suíomh amháin ar an M4.

Bronnadh Conradh MSA Tráinse 2 i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus cuireadh ar fáil é d'Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh aontaobhacha ar an M6, M9 agus M11. Cuimsíonn an dá chonradh MSA seo forálacha maidir le sciar ioncaim.

N18 Tollán Luimnigh

Bronnadh conradh lamháltais dola Thollán Luimnigh ar chuibhreannas DirectRoute (Luimneach) Ltd. i mí Lúnasa 2006. Maireann téarma an chonartha 35 bliain. Cuimsíodh le Scéim Tolláin Luimnigh thart ar 10km de dhébhealach nua a thógáil mar aon le nascbhóithre agus taobh-bhóithre gaolmhara. Bhí tollán feadáin tumtha i gceist le trasnú tolláin na Sionainne, tuairim is 0.9km ar fad, a nascann baile fearainn Ó Cuanach leis an mbruach thuaidh le baile fearainn Bhun Leice ar bhrúach theas na Sionainne.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 2 agus 4, do thrácht i mí Iúil 2010. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (Ar Lean)


Uasghrádú ar an M50

Bronnadh conradh CPP Uasghrádaithe an M50 i Meán Fómhair 2007 le téarma conartha 35 bliain ar M50 Concession Ltd. Cuimsíodh leis an bhfoirgníocht a bhí mar chuid de chonradh CPP Uasghrádaithe an M50 agus leathnú 24km den M50 ó dheas ón acomhal M1/M50 (Turnapain) go dtí acomhal N3 agus ó dheas ó acomhal Bhaile an Mhóintigh go dtí acomhal Áth an Ghainimh, lena n-áirítear acomhail feadh na gcodanna seo a uasghrádú. Cuireadh na hoibreacha uasghrádaithe i gcrích in 2010. Déantar costais infheistíochta na Cuideachta CPP a chúiteamh trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ*.

Chomh maith le conradh CPP Uasghrádaithe an M50, fuarthas oibreacha uasghrádaithe M50 ar leith trí dhá chonradh Dearaidh & Tógála. Rinne na conarthaí seo foráil do (i) thart ar 8km de charrbhealach príomhlíne a leathnú idir an N4 (Acomhal 7) agus Baile an Mhóta (Acomhal 10) mar aon le acomhail an N4, an N7 agus Bhaile an Mhóta a uasghrádú, agus (ii) 1.3km de mhótarbhealach a leathnú ó dheas ó acomhal an N3. Cuireadh na hoibreacha uasghrádaithe sin i gcrích in 2008.

Tá an Chuideachta CPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré phríomhlíne mhótarbhealaigh an M50 ón acomhal M1/M50 (Turnapain) go dtí acomhal Áth an Ghainimh ar feadh thréimhse an chonartha.

* Bíodh go bhfuil an M50 faoi réir dola idir Acomhail 6 agus 7, níl baint aige seo le conradh CPP an M50. Tá soláthraí seirbhíse dola faighte ag BIÉ le bailiúchán dolaí an M50 a oibriú thar ceann BIÉ.



N6 ó Gaillimh go Béal Átha na Sluaighe

Bronnadh conradh lamháltais dola an N6 Gaillimh/ Béal Átha na Sluaighe ar chuibhreannas an N6 (Lamháltais) Ltd. in Aibreán 2007. Maireann téarma an chonartha 30 bliain. Cuimsíodh leis an scéim seo agus thart ar 56km de dhébhealach nua a thógáil, nascbhóthar 7km chuig seachbhóthar Bhaile Locha Riach, 32km de thaobhbhóithre agus cúig acomhal ar leibhéil dheighilte.

Síneann an scéim ó Dhabhach Uisce, soir ó Chathair na Gaillimhe, go dtí an N6 atá ann soir ó Bhéal Átha na Sluaighe i gContae Ros Comáin.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 15 agus 16, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

M3 Cluain Aodha/Ceanannas

Bronnadh conradh lamháltais dola an M3 Cluain Aodha/Ceanannas ar chuibhreannas Eurolink Motorway Operations Ltd i mí an Mhárta 2007. Maireann téarma an chonartha 45 bliain.

Is éard a bhí i gceist leis an scéim, a seachbhóithre ar Dhún Búinne, Dún Seachlainn, An Uaimh, Ceanannas agus Carn na Ros, ná mótarbhealach a thógáil atá thart ar 47km ar fad agus atá nasctha ag fobhóithre laistigh den ghréasán bóithre a bhí ann cheana trí acomhail ar leibhéil dheighilte ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluidín, Cill an Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an scéim iomlán 10km de dhébhealach N3 nua ó Ceanannas go Tuaisceart Charn na Ros agus 4km de Sheachbhóthar N52 Ceanannas.

Tógadh 4km eile de Dhébhealach Náisiúnta den Dara Grád, Cineál 1 agus 40km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla san iomlán. Ina theannta sin, bhí os cionn 100 struchtúr comhdhéanta de 62 droichead agus lintéir agus ballaí coinneála éagsúla ag teastáil.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 5 agus 6 agus idir acomhail 9 agus 10, do thrácht i mí an Mheithimh 2010. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (Ar Lean)

M7/M8 Phort Laoise

Bronnadh conradh lamháltais dola M7/M8 Phort Laoise ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Port Laoise). Bronnadh an conradh i mí an Mheithimh 2007. Maireann téarma an chonartha 30 bliain. Tógadh mótarbhealach dola atá thart ar 41km ar fad ar an iomlán mar chuid den tionscadal seo, a sholáthraíonn seachbhóithre ar Mhainistir Laoise, Darú, an Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus Buiríos Mór Osraí. Tá acomhail ar leibhéil dheighilte ann ag Port Laoise, Buiríos Mór Osraí agus Ráth Domhnaigh chomh maith le mótarbhealach páirteach chuig acomhal mótarbhealaigh ag Achadh Bhó. Áiríodh leis an scéim freisin nascbhóthar réigiúnach nua 3km ón mótarbhealach ar ais go dtí Buiríos Mór Osraí mar aon le thart ar 15km de thaobh-bhóithre.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir Acomhal 18 (Port Laoise Thiar) agus Acomhal 19 (acomhal an M7/M8), do thrácht i mí na Bealtaine 2010. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan

Bronnadh conradh lamháltais dola Sheachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Dún Dealgan) Ltd. i mí Feabhra 2004. Maireann an conradh ar feadh téarma 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an scéim ná stráice 11km de bhóthar a thógáil atá mar chuid de phríomhbhealach náisiúnta an N1/ M1 i gcomharsanacht bhaile Dhún Dealgan, Co. An Lú mar aon le thart ar 8km de thaobh-bhóithre agus de cheangailtí isteach gaolmhara. Cuireadh na hoibreacha tógála i gcrích in 2005. Chomh maith leis sin, cuimsítear leis an gconradh oibriú agus cothabháil an mhótarbhealaigh atá ann cheana agus a bhfuil fad thart ar 42km air, i.e. Seachbhóthar Dhún Léire agus Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan chomh maith le hoibriú agus cothabháil na n-áiseanna dola idir acomhal 7 agus 10 ar an scéim M1 (Baile Mhic Gormáin go Mainistir Bhuithe).

N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí

Bronnadh conradh Sheachbhóthar Ráth Chormaic – Mhainistir Fhear Maí N8 ar chuibhreannas Direct Route (Mainistir Fhear Maí) Ltd. i mí an Mheithimh 2004 agus maireann an conradh ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain. Cuimsíodh leis an gconradh lamháltais dola agus dearadh, foirgníocht, oibriú agus cothabháil de thart ar 17.5 km de mhótarbhealach. Cuimsíonn an scéim trí acomhal ar leibhéil dheighilte ag Ráth Chormaic Theas, an Carn, agus an Chloch Liath agus tarbhealach 450m ar fad a chuimsíonn Gleann na hAbhann Duibhe.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 14 agus 17, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2006. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré ar an stráice mótarbhealaigh do thréimhse an chonartha.

M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad

Bronnadh an conradh lamháltais dola M4/ M6 ó Cill Choca go Cionn Átha Gad ar Eurolink Motorway Operation Ltd i mí an Mhárta 2003. Maireann an conradh ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain. Cuimsíodh leis an scéim seo 39km de mhótarbhealach a thógáil, lena n-áirítear 19 dtardhroichead, 7 bhfodhroichead agus 3 íosbhealach.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 8 agus 10, do thrácht i mí na Nollag 2005. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré ar an stráice mótarbhealaigh do thréimhse an chonartha.

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (Ar Lean)

N11 ó Arcló go Ráth Naoi

Bronnadh an conradh CPP N11 Arcló/Ráth Naoi ar N11 Arklow Rathnew PPP Ltd. i mí Aibreáin 2013. Cuimsíodh le conradh CPP Arcló/Ráth Naoi an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart ar 16.5km de dhébhealach ar an gcuid idir Arcló agus Ráth Naoi ar an N11, cuid bhreise 30km den bhealach M11/N11 atá ann cheana a oibriú agus a chothabháil (Arcló go Guaire agus Seachbhóthar Arcló), dearadh agus tógáil Ionad Seirbhíse Ghuaire an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú, agus cothabháil ar Uasghrádú Acomhal N7 Chrois an Fhearainn Nua. Críochnaíodh cuid Chrois an Fhearainn Nua i mí na Samhna 2014 agus osclaíodh cuid Arcló/Ráth Naoi don thrácht i mí Iúil 2015. Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ

10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna

M17/N18 ón nGort go Tuaim

Bronnadh Scéim CPP M17/M18 ar chuibhreannas DirectRoute (Tuam) Ltd. i mí Aibreáin 2014. Cuimsíonn conradh CPP M17/M18 dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart ar 53km de mhótarbhealach mar aon le 4km de dhébhealach a dhearadh agus a thógáil. Soláthraíonn an scéim seachbhóithre do bhailte Dhroichead an Chláirín, Bhaile Chláir agus Thuama. Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliain ó chríochnú

na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP a costais infheistíochta ar ais trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ. Osclaíodh an scéim do thrácht i mí Mheán Fómhair 2017.

M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh

Bronnadh an conradh CPP an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh ar Gorey to Enniscorthy M11 PPP Ltd i mí Dheireadh Fómhair 2015. Áirítear sa chonradh CPP dearadh, foirgníocht, oibriú agus cothabháil thart ar 31.4km de dhébhealach (Bealaí M11 agus “Bóthar Ceangail N80”) agus dearadh, foirgníocht agus maoiniú 8.0km de charrbhealach aonair (bealach N30). Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ. Osclaíodh sciar phríomhlíne an M11 don thrácht i mí Iúil 2019 agus osclaíodh sciar an N30 i mí Lúnasa 2019.

Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25

Bronnadh an conradh do Scéim CPP Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25 ar New Ross N25 Bypass Designated Activity Company i mí Eanáir 2016. Cuimsítear leis an gconradh CPP agus dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil sciartha de bhealaí N25 agus N30 araon. Níos mionsonraithe arís, cuimsíodh oibreacha de thart ar 13.6km de dhébhealach (bealaí N25 agus N30) agus 1.2km de charrbhealach aonair (bealach Ros Mhic Thriúin N30) sa scéim, lena n-áirítear Droichead Rose Fitzgerald Kennedy 36m os cionn na Bearú, droichead 900m ar fad, tacaíthe ag ocht bpiara, le trí túr easdroma. Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ. Osclaíodh an scéim do thrácht i mí Eanáir 2020.



Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath



11. Muirir Airgeadais

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Muirir Airgeadais na Scéime Pinsin	20b.	3,346	3,107
Muirear airgeadais a bhaineann le Dlíteanais Lamháltais Seirbhíse		22,262	23,347
		25,608	26,454

Faoi FRS 102, déantar méid glan an úis ar dhlíteanais phinsin na scéime sochair shainithe agus an toradh ionchais ar shócmhainní €3.3m a thaifeadadh mar mhuirear airgeadais in aice le muirir úis sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (2024:€3.1m), féach nóta 20b.

12. Cuntas Caipitil

	2025 €'000	2025 €'000	2024 €'000	2024 €'000
Amhail 01 Eanáir		2,369,115		2,378,403
Riarachán				
Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach	337		95	
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(594)		(564)	
De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais		(257)		(469)
Iarnród Éadrom agus Meitreo				
Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach	15,328		19,719	
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(53,567)		(56,513)	
Diúscairtí/Lagú	0		(9,413)	
De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais		(38,239)		(46,207)
Aistriú chuig Forálacha		(17,500)		
Gréasán Bóithre				
Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach	21,659		34,061	
Ioncam a úsáidtear chun dlíteanas lamháltais seirbhíse a mhaoiniú	36,770		36,532	
Ioncam a úsáidtear chun dlíteanas léasa airgeadais a mhaoiniú	0		38	
Scaoileadh i gcomhréir le muirir airgeadais	(19,850)		(20,492)	
Diúscairtí/Lagú	(395)		0	
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(13,591)		(12,751)	
De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais		24,593		37,388
Amhail an 31 Nollaig		2,337,712		2,369,115

13. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iarnród Éadrom agus Meitreo Bonneagar €'000	Iarnród Éadrom agus Meitreo Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Rothstoc agus Trealamh €'000	Gréasán Bóithre Bonneagar €'000	Gréasán Bóithre Á Thógáil €'000	Daingneáin Troscáin & Trealamh €'000	Feabhsú ar Áitreabh Léasach €'000	Iomlán €'000
Costas								
Amhail an 1 Eanáir 2025	1,495,083	21,688	341,099	2,700,198	0	2,890	14,536	4,575,494
Breiseanna sa tréimhse	6,448	3,871	5,832	19,398	0	289	784	36,622
Díúscairtí agus laguithe	0	0	0	(395)	0	(35)	0	(430)
Aistrithe	15,189	(15,189)	0	0	0	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,516,720	10,370	346,931	2,719,201	0	3,144	15,320	4,611,686
Dímheas Carntha								
Amhail an 1 Eanáir 2025	623,712	0	230,608	101,645	0	2,510	8,041	966,516
Muirear dímheasa	39,080	0	17,681	12,642	0	238	1,304	70,945
Díúscairtí agus laguithe	0	0	0	0	0	(33)	0	(33)
Amhail an 31 Nollaig 2025	662,792	0	248,289	114,287	0	2,715	9,345	1,037,428
Glanluach na Leabhar								
Amhail an 31 Nollaig 2025	853,928	10,370	98,642	2,604,914	0	429	5,975	3,574,258
Costas								
Amhail an 1 Eanáir 2024	1,507,647	15,907	334,582	2,533,235	136,620	2,903	12,699	4,543,593
Breiseanna sa tréimhse	4,884	8,086	6,517	24,990	5,353	167	2,509	52,506
Díúscairtí agus laguithe	(19,753)	0	0	0	0	(180)	(672)	(20,605)
Aistrithe	2,305	(2,305)	0	141,973	(141,973)	0	0	0
Amhail an 31 Nollaig 2024	1,495,083	21,688	341,099	2,700,198	0	2,890	14,536	4,575,494
Dímheas Carntha								
Amhail an 1 Eanáir 2024	592,045	0	212,908	89,777	0	2,490	7,223	904,443
Muirear dímheasa	42,007	0	17,700	11,868	0	200	1,247	73,022
Díúscairtí agus laguithe	(10,340)	0	0	0	0	(180)	(429)	(10,949)
Amhail an 31 Nollaig 2024	623,712	0	230,608	101,645	0	2,510	8,041	966,516
Glanluach na Leabhar								
Amhail an 31 Nollaig 2024	871,371	21,688	110,491	2,598,553	0	380	6,495	3,608,978

14. Infháltais

	2025 €'000	2024 €'000
Féichiúnaithe d'Ioncam Dola	14,875	14,371
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	19,265	12,277
	34,140	26,648


Luaitear ioncam dola infhála ag deireadh na bliana maidir le Tollán Bhaile Átha Cliath agus eFlow M50 tar éis foráil de €9.6m (2024: €9.4m) le haghaidh muirir dhola eFlow a mheastar a bheith dobhailithe. Tá an fhoráil seo bunaithe ar rátaí bailithe dolaí an M50 thar thréimhse rollach dhá bhliain.

B'ionann an muirear drochfhiacha iarbhír don bhliain agus €5.9m (2024: €6.1m).

I measc na Réamhíocaíochtaí agus na bhFéichiúnaithe Eile, tá €2.1m atá dlite tar éis bliana (2024: €1.6m).

15. Suimeanna iníoctha (Suimeanna Dlíte laistigh de Bhliain Amháin)

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe		77,148	95,349
CBL		6,358	6,182
Dlíteanas Lamháltais Seirbhíse	18	37,012	36,770
Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha	18	5,043	5,947
Ioncam Iarchurtha Luas CityWest		1,309	1,309
Tuarastail		2,107	1,643
		128,977	147,200



16. Airgead Iníoctha (Suimeanna Dlíte Tar éis Bliana)

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Dlíteanas Lamháltais Seirbhíse	18	442,335	459,497
Ioncam Iarchurtha Luas CityWest*		17,002	18,311
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe		372	408
		459,709	478,216

*Áirítear i gcreidiúnaithe ioncam iarchurtha a léiríonn luach na réadmhaoine agus na seirbhísí curtha ar fáil ag tríú páirtithe i ndáil le forbairt Luas CityWest. Scaoiltear an t-ioncam seo leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar aon dul leis an dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

17. Gealltanais

17a. Gealltanais Léasa Oibriúcháin

Amhail an 31 Nollaig, bhí dlíteanas íocaíochta léasa ag BIÉ faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:	Talamh agus Foirgnimh 2025 €'000	Talamh agus Foirgnimh 2024 €'000
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	1,793	1,793
Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	6,584	7,052
Iníoctha tar éis cúig bliana	773	2,098

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €1.8m (2024: €1.8m)

- a. Rinne BIÉ léas 16 bliana agus 7 mí ón 01 Eanáir 2015 maidir le cóiríocht ag Bloc A, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8. Rachaidh an léas in éag ar an 31 Iúil 2031 agus is é €0.7m sa bhliain an cíós iníoctha.
- b. Ghlac BIÉ seilbh ar dhá léas ón RPA maidir le lóistín ag Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8:
 - Bloc B: Léas 25 bliain ón 01 Lúnasa 2006 go dtí an 31 Iúil 2031. Is é €0.6m sa bhliain an cíós iníoctha.
 - Bloc C: Léas 28 bliain ón 29 Meán Fómhair 2001 go dtí an 28 Meán Fómhair 2029. Is é an cíós iníoctha €0.5m sa bhliain.

17a. Gealltanais Léasa Oibriúcháin (ar lean)

Amhail an 31 Nollaig, bhí dlíteanais íocaíochta léasa ag BIÉ faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:	Mótarfheithicilí 2025 €'000	Mótarfheithicilí 2024 €'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	33	11
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	33	20
Iníochta tar éis cúig bliana	0	0

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €0.05 (2024: €0.02m).

Amhail an 31 Nollaig 2025 bhí léasanna oibriúcháin ag BIÉ maidir le 3 fheithicil leictreacha. Rachaidh léas amháin in éag an 4 Meán Fómhair 2027 agus rachaidh dhá léas in éag an 28 Feabhra 2028. Is é €0.03m sa bhliain an muirear bliantúil i leith na léasanna seo


17b. Réamhoibleagáidí an Ghréasáin Bóithre

Tá anailís déanta ag BIÉ ar réamhoibleagáidí chonartha, gan gealltanais CPP a áireamh, ar costais tuartha iad atá faoi réir éagsúlachtaí candamacha agus uainiúcháin, agus is iad seo a leanas iad:

Bliain	Gealltanais* € Milliún	An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin **maoiniú caipitil faofa do BIÉ 2026–2028* € Milliún	Gealltanais mar % den leithdháileadh bliantúil	Tiomantas ceadaithe na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin mar % den leithdháileadh bliantúil
2026	534	860	62.1%	70
2027	358	869	41.2%	60
2028	232	873	26.5%	50

*Déantar foráil go n-úsáidfear Dolai agus Ioncam eile.

**Ar dháta sínithe na Ráiteas Airgeadais seo, tá leibhéil mhaoinithe le haghaidh 2027 & 2028 faoi réir athrú.





17c. Réamhoibleagáidí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

Méid Ainmniúil:	2025 €'000	2024 €'000
N25 Seachbhóthar Chathair Phort Láirge	2,754	3,563
N18 Tollán Luimnigh	12,150	12,972
Uasghrádú ar an M50	516,613	543,293
N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe	19,700	19,709
M3 Cluain Aodha/Ceanannas	134,774	134,794
M7/M8 Phort Laoise	144	0
Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan	1,836	1,922
N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí	0	0
M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad	2,718	3,043
N11 ó Arcló go Ráth Naoi	259,214	275,200
M17/N18 ón nGort go Tuaim	627,877	660,172
Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25	239,575	251,759
M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh	359,051	377,801
	2,176,406	2,284,228

Forordaítear na gealltanais a nochtar thuas i sceidil na gconarthaí CPP. Luaitear iad gan CBL a áireamh agus cuimsíonn siad íocaíochtaí le haghaidh costais tógála, maoinithe, oibriúcháin agus saolré ar feadh a bhfuil fágtha den chonradh. Déantar iad a innéacsú @ 2% go dtí an Praghasinnéacs Tomhaltóirí garbh agus ní dhéantar iad a lascainiú chuig an luach reatha. Ní thuairiscítear ach gné foirgníochta (lascainithe go hiomchuí) na réamhoibleagáidí seo i gclár comhardaithe BIÉ. Tá na méideanna neamhlascainithe iomlána le haghaidh íocaíochtaí foirgníochta de €682m (2024: €718m) san áireamh sa tábla thuas. Nochtar na méideanna lascainithe mar dhliteanas i nóta 18. Ní dhéantar VOPanna, a d'fhéadfadh a bheith infíochta faoi chonarthaí CPP an M3 nó N18, a chatagóiriú mar ghealltanais toisc go bhfuil siad éiginnte agus níl siad san áireamh anseo. Féach nóta 10c le haghaidh nochtadh iomlán VOPanna.

17d. Gealltanais Chaipitil Iarnróid Éadroim agus Meitreo

	2025 €'000	2024 €'000
Ag deireadh na bliana ní raibh foráil déanta do na gealltanais chaipitil seo a leanas sna ráitis airgeadais:		
Faoi chonradh ach gan foráil a bheith déanta ina leith	6,965	6,965
Údaraithe ach gan a bheith curtha faoi chonradh ina leith	0	0
	6,965	6,965

18. Gealltanais Léasa Airgeadais

Seo a leanas na híosaíochtaí léasa sa todhchaí amhail an 31 Nollaig 2024:	Lamháltas Seirbhíse €'000	Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha €'000	Iomlán €'000
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	37,013	5,043	42,056
Níos déanaí ná bliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	150,576	22,939	173,515
Níos déanaí ná cúig bliana	491,273	29,629	520,902
Iomlán na nÍocaíochtaí Comhlána	678,862	57,611	736,473
Lúide: Muirir Airgeadais	(199,515)	(10,864)	(210,379)
Méid dliteanais tugtha anonn	479,347	46,747	526,094
Rangaithe mar:			
• Suimeanna Iníoctha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	37,012	5,043	42,055
• Suimeanna iníoctha (suimeanna dlite tar éis bliana)	442,335	0	442,335
- Forálacha	0	41,704	41,704

Seo a leanas na híosaíochtaí léasa sa todhchaí amhail an 31 Nollaig 2024:	Lamháltas Seirbhíse €'000	Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha €'000	Iomlán €'000
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	36,770	5,947	42,717
Níos déanaí ná bliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	149,556	26,776	176,332
Níos déanaí ná cúig bliana	529,306	43,135	572,441
Iomlán na nÍocaíochtaí Comhlána	715,632	75,858	791,490
Lúide: Muirir Airgeadais	(219,365)	(15,562)	(234,927)
Méid dliteanais tugtha anonn	496,267	60,296	556,563
Rangaithe mar:			
• Suimeanna Iníoctha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	36,770	5,947	42,717
• Suimeanna iníoctha (suimeanna dlite tar éis bliana)	459,497	0	459,497
- Forálacha	0	54,349	54,349

Tomhaistear na dliteanais léasa airgeadais thuas ag costas amúchta.



19. Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir

	Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha €'000	Airleacain Státhiste Inaisíochta €'000	Forálacha Tionscadail €'000	Athchóiriú Rianta €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2025	54,349	64,947	567	4,330	124,193
Iníochta sa bhliain	(4,828)	(70,674)	0	0	(75,502)
(Laghdú) / Méadú ar fhoráil	(10,229)	17,500	0	(47)	7,224
Muirir airgeadais, ina n-aithnítear tionchar na lascainithe ar an uainiú le dliteanais a ghlanadh	2,412	0	0	0	2,412
Amhail an 31 Nollaig 2025	41,704	11,773	567	4,283	58,327

Rinneadh na forálacha de réir na mbeartas cuntasáíochta mar atá leagtha amach i nótaí 1(m), (o) agus (p) a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha

I gcás dhá scéim lamháltais CPP (i.e. M3 Cluain Aodha-Ceanannas agus N18 Tollán Luimnigh) déantar foráil sa chomhaontú CPP d'íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha má thiteann méideanna tráchta faoi bhun leibhéil sonraithe. Tá foráil iomlán déanta ag BIÉ don mhéid a bhfuil súil aige a íoc i ndáil leis na híocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha seo thar an saolré atá fágtha den chonradh CPP ábhartha.

Tuairiscítear é sin sa Ráiteas ar Staid Airgeadais faoi “Airgead iníochta” atá dlite laistigh de bhliain amháin €5.0 agus faoi “Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear” €41.7.

Athraíonn an fhoráil ó bhliain go bliain chun athruithe ar na méideanna tráchta tuartha ar an mbóthar ábhartha a léiriú. Gearrtar athruithe ar an bhforáil (déantar iad a chreidiúnú)/ ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (€11.1m) in 2025 (2024:(€8.2m)), Nóta 10 (c).

Léirítear an t-athrú ar fhoráil de €13.5m leis an laghdú ar Fhorálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear de €12.6m agus laghdú ar Airgead iníochta atá dlite laistigh de bhliain amháin de €0.9m.

Is é €4.8m an méid atá iníochta sa bhliain (2024:€5.7m). Is ionann an méid iníochta do Tollán Luimnigh N18 agus €4.8m (2024: €5.7m) mar go bhfuil leibhéil tráchta faoi bhun

na leibhéal tairsí ráthaíochta faoi láthair agus is ionann an méid iníochta do M3 Cluain Aodha-Ceanannas agus €0m (2024 €0m).

Airleacain Státhiste Inaisíochta

Áirítear i ndeontais stáit iníochta deontais Stáit curtha ar fáil mar réamh-mhaoiniú chun tionscadail áirithe a chur chun feidhme a bhfuil scéimeanna tobhaigh forbartha i bhfeidhm ina leith agus a mheastar a bheith iníochta de réir Bheartas Cuntasáíochta nóta 1(m). Tá na réamhíocaíochtaí seo inaisíochta thar shaolré na scéimeanna tobhaigh agus dá bharr sin ní dócha go mbeidh an fhoráil á leachtú ina hiomláine sa mheántearma.

Tháinig méadú €17.5 ar an bhforáil sa bhliain (2024: €0.0m).

Forálacha Tionscadail

Rinne BIÉ foráil leordhóthanach do dhliteanais tionscadail sa chás nach bhfuil cinnteacht ann faoi uainiú a n-íocaíochta. Baineann an fhoráil seo le dliteanais Iarnróid Éadroim agus Meitreo.

Athchóiriú Rianta

Baineann forálacha maidir le hathchóiriú rianta le costais leasúcháin agus feabhsúcháin atá le tabhú. Tá BIÉ ag súil go n-úsáidfear an fhoráil thar shaolré na sócmhainní gaolmhara agus dá bharr sin ní dócha go mbeidh an fhoráil á leachtú ina hiomláine sa mheántearma.

In 2025, rinne BIÉ íocaíochtaí dár luach €0.0m (2024:€0.1m) maidir le costais leasúcháin agus tháinig laghdú €0.1m ar an bhforáil.

20. Oibleagáidí Scoir

Cuirtear sonraí faoi scéimeanna pinsin BIÉ ar fáil thíos:

Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]

Cuireadh plean pinsin ranníocaíochta sainithe ar bun in 2003 d'iarfhoireann RPA nár cháiligh do bhallraíocht sa scéim ranníocaíochtaí sainithe maoinithe a luaitear thíos. Ní eascraíonn aon dlíteanas maoinithe as an bplan seo do BIÉ faoi FRS 102.

Scéim Sochair Shainithe – Maoinithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]

D'fhoillíodh forálacha ailt 24 agus 25 den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 a chomhlíonadh, bhunaigh RPA scéim sochair shainithe in 2003 chun foráil a dhéanamh maidir le teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe sin a aistríonn ó scéim sochair shainithe CIÉ 1951. Cuireadh an scéim nua ar bun trí úsáid a bhaint as teimpléad na scéime samhla do shocruithe pinsin na hearnála poiblí arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais, arna modhnú de réir mar is gá le hathchruthú a dhéanamh ar na sochair a cuireadh ar fáil faoi scéim pinsin shochair shainithe CIÉ 1951.

Rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2025) ar shócmhainní agus ar dhlíteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2025. Luacháladh na sócmhainní agus na dlíteanais sin trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Aithníodh barrachas pinsin €0.0m sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Léirigh luacháil an bharrachais faoi rialacha FRS 102 barrachas teicniúil de €6.2. Is é méid an bharrachais sin is féidir a aithint sna Ráitis Airgeadais agus an luach atá i gceist leis an sos ranníocaíochta fostóra go brách. Is ionann sos ranníocaíochta den sórt sin faoi láthair agus €0.0m.

Scéim Sochair Shainithe – Neamh-mhaoinithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]

Socrú pinsin sochair shainithe an tuarastail dheiridh is ea an scéim phinsin. Tá na sochair agus na ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin 'samhlacha' reatha le haghaidh scéim na hearnála poiblí.

Ní raibh an scéim seo ar fáil ach d'iarfhostaithe NRA a tháinig isteach roimh an 1 Eanáir 2013. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse), bónas nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Ní raibh an scéim seo ar fáil ach d'iarfhostaithe NRA a tháinig isteach roimh an 1 Eanáir 2013. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse), bónas nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir. Tá fostaithe a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scoir gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus atá á n-athchur) de ghnáth ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2026) ar dhlíteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2025. Luacháladh na sócmhainní agus na dlíteanais sin trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Scéim Pinsin Aonair – Neamh-mhaoinithe

Feidhmíonn BIÉ an Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPEIPSRD). Tá costais, dlíteanais agus sócmhainní BIÉ maidir leis an Scéim Pinsin Aonair curtha san áireamh sna nochtuithe ar an scéim Sochair Shainithe neamh-mhaoinithe.

20a. Anailís ar na costais phinsin iomlána atá á ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

	2025 €'000	2024 €'000
Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe:		
Costas Seirbhíse Reatha	4,286	4,789
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(547)	(501)
	3,739	4,288
Scéim Pinsin Aonair:		
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(890)	(719)
	(890)	(719)
Scéim Maoinithe Sochair Shainithe:		
Costas Seirbhíse Reatha	36	(4)
	36	(4)
Costais na Scéime Sochair Shainithe - Iomlán	2,885	3,565
Costais na Scéime Ranníocaíochta Sainithe*	290	295
Iomlán	3,175	3,860

*Tá an muirear pinsin maidir leis an bplean scéime ranníocaíochtaí sainithe cothrom leis na ranníocaíochtaí atá infíochta ag BIÉ don bhliain.

20b. Anailís ar mhuirear airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

	2025 €'000	2024 €'000
Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe:		
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	3,572	3,408
Scéim Maoinithe Sochair Shainithe:		
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	145	103
Toradh ar shócmhainní scéime	(371)	(404)
	(226)	(301)
Iomlán an mhuirir airgeadais	3,346	3,107

20c. Anailís ar an méid a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2025 €'000	2024 €'000
Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe:		
Caillteanas a bhí ann	5,480	1,410
Athrú ar thiomhdí atá mar bhonn le luach reatha dhliteanais na scéime	(15,342)	(11,941)
	(9,862)	(10,531)
Scéim Maoinithe Sochair Shainithe:		
Caillteanas a bhí ann	884	1,985
Athrú ar thiomhdí atá mar bhonn le luach reatha dhliteanais na scéime	(255)	(246)
	629	1,739
(Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach iomlán	(9,233)	(8,792)
Athrú ar Bharrachas Do-athfhála	(666)	(1,734)
	(9,899)	(10,526)

20d. Gluaiseacht in oibleagáidí/sócmhainní sochair scoir glana i rith na bliana airgeadais

Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe

	2025 €'000	2024 €'000
Glan-oibleagáid scoir sochair shainithe amhail an 01 Eanáir	105,171	109,838
Costas seirbhíse reatha	4,286	4,789
Gnóthachan Achtúireach	(9,862)	(10,531)
Costas úis	3,572	3,408
Pinsin a fócadh sa bhliain	(2,460)	(2,333)
Glan-oibleagáid scoir sochair shainithe amhail an 31 Nollaig	100,707	105,171

20d. Gluaiseacht in oibleagáidí/sócmhainní sochair scoir glana i rith na bliana airgeadais (Ar Lean)

Scéim Maoinithe Sochair Shainithe

	Sócmhainní Scéime €'000	Dlíteanais Scéime €'000	Barrachas Pinsin €'000
Amhail an 1 Eanáir 2025	10,915	(4,229)	6,686
Costas seirbhíse reatha	0	(36)	(36)
(Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach	(720)	91	(629)
Toradh ionchasach ar shócmhainní scéime	371	0	371
Costas úis	0	(145)	(145)
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime	16	(16)	0
Sochair íoctha	(77)	77	0
Amhail an 31 Nollaig 2025	10,505	(4,258)	6,247

20e. Cistiú iarchurtha do shochair scoir

Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe

Aithníonn an Bord méideanna atá dlite ón Stát don dlíteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe sochair shainithe le haghaidh pinsean ar bhonn tacar toimhdí ag nóta 20 (g) agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Ar na himeachtaí áirítear an bonn reachtúil do bhunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach gcomhlíonfaidh an beartas maoinithe sin na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Is mar a leanas a bhí an maoiniú glan iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais:

	2025 €'000	2024 €'000
Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	7,858	8,197
Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm ar shochair pá scoir	(2,473)	(2,500)
	5,385	5,697

Is mar a leanas a bhí an maoiniú glan iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach:

	2025 €'000	2024 €'000
Coigeartú ar Oibleagáid Sochair Scoir iarchurtha	(9,862)	(10,531)

B'ionann an Maoiniú do Shochair Scoir Shainithe iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2025 agus €100.71m (2024: €105.17m).



Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

20f. Stair oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí

Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe:

	31-Nollaig-25	31-Nollaig-24	31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
Méid na n-oibleagáidí sochair shainithe (€'000)	(100,707)	(105,171)	(109,838)	(101,520)
Coigeartuithe ó thaithí ar mhéid dhliteanais na scéime (€'000)	(5,480)	(1,410)	501	(6,904)
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%)	5.44%	1.34%	(0.46)%	6.80%
Coigeartuithe ó thoimhdí ar mhéid dhliteanais na scéime (€'000)	15,342	11,941	(3,006)	38,868
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%)	(15.23)%	(11.35)%	2.74%	(38.29)%

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach suas go dtí an 31 Nollaig 2025 agus an caillteanas sin san áireamh agus €4.8m (31 Nollaig 2024: €14.6m).

Scéim Maoinithe Sochair Shainithe:

	31-Nollaig-25	31-Nollaig-24	31-Nollaig-23	31-Nollaig-22
Méid na n-oibleagáidí sochair shainithe (€'000)	(4,258)	(4,229)	(2,922)	(3,020)
Méid na sócmhainní sochair shainithe (€'000)	10,505	10,915	11,042	10,787
Barrachas sochair shainithe	6,247	6,686	8,120	7,767
Barrachas do-aisghabhála ar an scéim sochair scoir	(6,247)	(6,686)	(8,120)	(7,767)
Barrachas pinsean sochair shainithe	0	0	0	0
Coigeartuithe ó thaithí ar mhéid dhliteanais na scéime (€'000)	(164)	(1,515)	184	(60)
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%)	3.85%	35.82%	(6.30)%	1.99%
Coigeartuithe ó thaithí ar mhéid shócmhainní na scéime (€'000)	(720)	(470)	(77)	(2,237)
Mar chéatadán de shócmhainní na scéime (%)	6.85%	4.31%	0.70%	20.74%

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach suas go dtí an 31 Nollaig 2025 agus an caillteanas sin san áireamh agus €0.6 (an 31 Nollaig 2024: €0.7). Is ionann na ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo don bhliain dár gcionn agus €Nialas.

20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha

Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe

Na príomhthoimhdí achtúireacha ag dáta an chláir comhardaithe:

	31 Nollaig 2025 %	31 Nollaig 2024 %
Ráta lascaine	4.35	3.45
Arduithe tuarastail sa todhchaí	3.05	3.05
Méaduithe pinsin sa todhchaí	2.55	2.55
Ráta boilscithe	2.05	2.05
Méaduithe ar Phinsean Stáit sa todhchaí	2.05	2.05

Déantar foráil sa bhonn mortlaíochta glactha le haghaidh feabhsúchán ar ionchas saoil in imeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ar an mbliain ina slánaíonn an comhalta aois scoir (aois 65). Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na gcomhaltaí a shlánóidh 65 bliain sna blianta 2025 agus 2045.

An Bhliain ina Shlánaítear 65 Bliain d’Aois

	2025	2045
Ionchas Saoil – Fear	22.0	23.3
Ionchas Saoil – Bean	24.3	25.7

Scéim Maoinithe Sochair Shainithe

Na príomh-thoimhdí achtúireacha ag dáta an chláir chomhardaithe:

	31 Dec 2025 %	31 Dec 2024 %
Ráta lascaine	4.05	3.40
Arduithe tuarastail sa todhchaí	2.95	2.95
Méaduithe pinsin sa todhchaí	2.45	2.45
Ráta boilscithe	1.95	1.95
Méaduithe ar Phinsean Stáit sa todhchaí	1.95	1.95

Socraítear toimhdí maidir le básmhaireacht sa todhchaí bunaithe ar chomhairle ó staitisticí foilsithe agus ó thaithí. Tá na toimhdí mortlaíochta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha mortlaíochta a chiallaíonn go bhfuil feabhas in ann tarlú ar bhásmhaireacht sna toimhdí sa todhchaí.

Tá triúr pinsinéirí reatha páirteach sa scéim. Fadsaolaí do bhaill atá ag dul ar scor ag aois 65.

Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na gcomhaltaí a shlánóidh 65 bliain sna blianta 2025 agus 2045.

	2025 Blianta	2045 Blianta
Fear	22.0	23.3
Bean	24.3	25.7

20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha (Ar lean)

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí sócmhainní na scéime infheistithe i gCiste Airgid Pinsin Irish Life, Banna AAA 10 mBliana innéacsaithe Irish Life, Ciste Bannaí 2047 Irish Life de chuid na Fraince atá nasctha le Boilsciú, agus Ciste Bannaí 2046 Irish Life de chuid na Gearmáine atá nasctha le Boilsciú. Déanann na hlontaobhaithe, le hionchur óna gcomhairleoirí gairmiúla, cinneadh ar an meascán sócmhainní bunaithe ar phróifíl riosca na scéime

Tá luach cóir shócmhainní na scéime mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime leagtha amach thíos:

(mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime)	31 Nollaig 2025 %	31 Nollaig 2024 %
Blianachtaí	10.0	10.0
Bannaí	31.0	33.0
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	59.0	57.0
	100	100

Ní chuimsíonn sócmhainní scéime aon cheann d'ionstraimí airgeadais BIÉ féin, ná aon réadmhaoin atá á sealbhú ag BIÉ.

21. Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha

	2025 €'000	2024 €'000
Amhail an 1 Eanáir	120,684	112,266
Tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha	7,328	8,621
Amúchadh tobhach	(203)	(203)
Amhail an 31 Nollaig	127,809	120,684

Mar a leagtar amach i nóta 1(e), coinnítear tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí forbróra faighte ag BIÉ i gcúlchiste tobhach forbartha agus ranníocaíochtaí forbróra. Sa chás go n-úsáidtear tobhaigh chun seachadadh tionscadail a mhaoiniú, déantar iad a amúchadh chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.



22. Dlúthíocht agus Éilimh

Tá baint ag BIÉ le roinnt cásanna dlí a bhfuil a dtoradh le cinneadh go fóill. Níl aon soláthar déanta ag BIÉ d'aon chostais a thiocfaidh chun cinn.

23. Idirbhearta Páirtí Ghaolmhair

Féach nóta 7c le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus ar na sochair a íoctar le príomhphearsanra bainistíochta. Glacann BIÉ le nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPEIPSRD) a chlúdaíonn leasanna pearsanta na gcomhaltaí Boird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh BIÉ deontais a cheadú nó socruithe conarthacha eile a dhéanamh le heintitis ina bhfuil comhaltaí Bhord BIÉ fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile.

I gcásanna coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid ábhartha an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt i ndíospóireachtaí maidir leis na hidirbhearta seo. Coinnítear taifead ar gach cás den sórt sin.

I rith na bliana ní raibh aon idirbhearta páirtí gaolmhara ann.

24. Figiúirí comparáideacha

Tá roinnt figiúirí comparáideacha athrangaithe ionas go mbeidh siad ag teacht lena gcóireáil sa bhliain reatha.


25. Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

Imeachtaí tar éis na tréimhse tuairiscithe go dtí an 31 Nollaig 2025

Níor tharla aon imeacht eile tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe a d'éileodh coigeartuithe nó nochtuithe ar fhigiúirí a tuairiscíodh amhail an 31 Nollaig 2025.

26. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo ar an 23 Meitheamh 2026.



Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath

